Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

2023/0205(COD)

13.12.2023

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat le haghaidh Rochtain ar Shonraí Airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010, (AE) Uimh. 1095/2010 agus (AE) 2022/2554
(COM(2023)0360 – C9-0215/2023 – 2023/0205(COD))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Michiel Hoogeveen

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Parlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 4
RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 110

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat le haghaidh Rochtain ar Shonraí Airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010, (AE) Uimh. 1095/2010 agus (AE) 2022/2554
(COM(2023)0360 – C9-0215/2023 – 2023/0205(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0360),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0215/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0000/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Ba cheart smacht éifeachtach a bheith ag custaiméirí institiúidí airgeadais, idir thomhaltóirí agus ghnólachtaí, ar a sonraí airgeadais agus ba cheart ***an*** deis a bheith acu tairbhe a bhaint as nuálaíocht	(2) Ba cheart ***úinéireacht agus*** smacht éifeachtach a bheith ag custaiméirí institiúidí airgeadais, idir thomhaltóirí agus ghnólachtaí, ar a sonraí airgeadais agus ba cheart deis a bheith acu tairbhe a bhaint as

sonraíbhunaithe atá oscailte, cothrom agus sábháilte san earnáil airgeadais. Ba cheart go mbeadh sé de chumhacht ag na custaiméirí sin cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcaoi a n-úsáidtear a sonraí airgeadais agus cé a úsáideann iad agus ba cheart é a bheith de rogha acu rochtain a thabhairt do ghnólachtaí ar a gcuid sonraí chun seirbhísí airgeadais agus faisnéise a fháil más áil leo féin é.	nuálaíocht sonraíbhunaithe atá oscailte, cothrom agus sábháilte san earnáil airgeadais. Ba cheart go mbeadh sé de chumhacht ag na custaiméirí sin cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcaoi a n-úsáidtear a sonraí airgeadais***,*** agus cé a úsáideann iad***,*** agus ba cheart é a bheith de rogha acu rochtain ***shlán*** a thabhairt do ghnólachtaí ar a gcuid sonraí chun seirbhísí airgeadais agus faisnéise a fháil más áil leo féin é.

Or. en

Réasúnú

Moltar a chur i dtábhacht go gcoinníonn custaiméirí úinéireacht ar a gcuid sonraí airgeadais, agus gur cheart rochtain ar shonraí airgeadais a bheith slán.

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Tá leas beartais sonraithe ag an Aontas maidir le rochtain a thabhairt do chustaiméirí institiúidí airgeadais ar a sonraí airgeadais. Dheimhnigh an Coimisiún ***ina theachtaireacht*** maidir le straitéis airgeadais dhigitigh agus Teachtaireacht maidir le haontas margaí caipitil a glacadh in 2021 go raibh rún aige creat a chur ar bun le haghaidh rochtain ar shonraí airgeadais ***chun*** tairbhe ***do chustaiméirí a bhaint as comhroinnt*** sonraí san earnáil airgeadais. Áirítear ar na tairbhí sin táirgí airgeadais sonraíbhunaithe agus seirbhísí airgeadais a ***fhorbairt*** agus ***a sholáthar***, rud is féidir a dhéanamh a ***bhuí le comhroinnt*** sonraí ***custaiméara***.	(3) Tá leas beartais sonraithe ag an Aontas maidir le rochtain a thabhairt do chustaiméirí institiúidí airgeadais ar a sonraí airgeadais. Dheimhnigh an Coimisiún ***sa teachtaireacht uaidh*** maidir le straitéis airgeadais dhigitigh agus ***sa*** Teachtaireacht maidir le haontas margaí caipitil a glacadh in 2021 go raibh rún aige creat a chur ar bun le haghaidh rochtain ar shonraí airgeadais ***i dtreo is go mbainfeadh custaiméirí*** tairbhe ***as a*** sonraí ***a scaoileadh*** san earnáil airgeadais. Áirítear ar na tairbhí sin táirgí airgeadais sonraíbhunaithe agus seirbhísí airgeadais a ***bheith á bhforbairt*** agus ***á soláthar ag an earnáil airgeadais***, rud is féidir a dhéanamh ***trí shonraí custaiméara*** a ***athúsáid. Trí shineirgí a chruthú le*** sonraí ***ó earnálacha ábhartha eile, d'fhéadfaí acmhainneacht nuálach na dtáirgí airgeadais agus na seirbhísí airgeadais***

sin a fheabhsú tuilleadh chun leasa na gcustaiméirí agus an gheilleagair sonraí fhoriomláin.

Or. en

Réasúnú

Moltar teanga a úsáid lena ndírítear, ar bhealach níos soiléire, ar chearta rochtana sonraí a leagan síos do thomhaltóirí agus do chustaiméirí gnó. Thar aon ní eile, ba cheart go gcuirfeadh FiDA ar chumas custaiméirí smacht a bheith acu ar a gcuid sonraí ionas gur féidir leo iad a rochtain agus a athúsáid de réir mar is cuí leo. Thairis sin, moltar a shoiléiriú go gcuireann FiDA ar chumas na hearnála airgeadais seirbhísí agus táirgí airgeadais a thairiscint ar bhonn na sonraí a bhfuarthas rochtain orthu.

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Laistigh de sheirbhísí airgeadais, agus mar thoradh ar Threoir (AE) 2015/2366 athbhreithnithe ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle, le comhroinnt*** sonraí cuntas íocaíochta san Aontas, bunaithe ar chead ó chustaiméirí, tá ***tús curtha le hathrú*** ó bhonn ar an gcaoi a n-úsáideann tomhaltóirí agus gnólachtaí seirbhísí baincéireachta. Chun cur leis na bearta sa Treoir sin, ba cheart creat rialála a bhunú ***chun*** sonraí custaiméara a ***chomhroinnt*** ar fud na hearnála airgeadais sa bhreis ar shonraí cuntas íocaíochta. Ba cheart an méid sin a bheith ina ***bhloc tógála*** freisin ***chun*** an earnáil airgeadais a chomhtháthú go hiomlán i straitéis an Choimisiúin maidir le ***sonraí*** lena gcuirtear ***comhroinnt sonraí*** chun cinn ar fud earnálacha éagsúla.	(4) Laistigh de sheirbhísí airgeadais, agus mar thoradh ar Threoir (AE) 2015/2366 athbhreithnithe ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle[7] , mar gheall ar rochtain ar*** sonraí cuntas íocaíochta san Aontas, bunaithe ar chead ó chustaiméirí, tá ***athrú*** ó bhonn ***ag teacht*** ar an gcaoi a n-úsáideann tomhaltóirí agus gnólachtaí seirbhísí baincéireachta. Chun cur leis na bearta sa Treoir sin, ba cheart creat rialála a bhunú ***le haghaidh*** sonraí custaiméara a ***rochtain*** ar fud na hearnála airgeadais sa bhreis ar shonraí cuntas íocaíochta. Ba cheart an méid sin a bheith ina ***bhunús*** freisin ***leis*** an earnáil airgeadais a chomhtháthú go hiomlán i straitéis an Choimisiúin maidir le ***sonraí[8]*** lena gcuirtear ***rochtain ar shonraí*** chun cinn ar fud earnálacha éagsúla.
[7] Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena	[7] Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena

leasaítear Treoir 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).

[8] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1593073685620&uri=CELEX%3A52020DC0066

leasaítear Treoir 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).

[8] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1593073685620&uri=CELEX%3A52020DC0066

Or. en

Réasúnú

Moltar teanga a úsáid lena ndírítear, ar bhealach níos soiléire, ar chearta rochtana sonraí a leagan síos do thomhaltóirí agus do chustaiméirí gnó. Thar aon ní eile, ba cheart go gcuirfeadh FiDA ar chumas custaiméirí smacht a bheith acu ar a gcuid sonraí ionas gur féidir leo iad a rochtain agus a athúsáid de réir mar is cuí leo.

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Tá sé ríthábhachtach smacht agus iontaoibh custaiméirí a áirithiú chun creat dea-fheidhmiúil éifeachtach um ***chomhroinnt sonraí*** a dhéanamh san earnáil airgeadais. Trí smacht éifeachtach custaiméirí ar ***chomhroinnt*** sonraí a áirithiú, cuirtear leis an nuálaíocht ***chomh maith*** le hiontaobh custaiméirí ***agus leis an muinín atá acu as comhroinnt sonraí***. Mar thoradh air sin, ***le smacht éifeachtach, cuidíonn sé leis*** an drogall ***atá*** chustaiméirí a ***shárú chun a*** gcuid sonraí a ***chomhroinnt***. Faoi chreat reatha an Aontais, ***an*** ceart chun iniomparthachta sonraí ***ábhair sonraí*** i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle, tá sé*** teoranta do shonraí pearsanta***,*** agus ní féidir brath air ach amháin i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil na sonraí a iompar. Cé is moite de chuntais íocaíochta, ní dhéantar sonraí custaiméara ná comhéadain theicniúla san	(5) Tá sé ríthábhachtach smacht agus iontaoibh custaiméirí a áirithiú chun creat dea-fheidhmiúil ***agus*** éifeachtach um ***rochtain ar shonraí*** a dhéanamh san earnáil airgeadais. Trí smacht éifeachtach custaiméirí ar ***a gcuid*** sonraí a áirithiú, cuirtear leis an nuálaíocht ***agus freisin*** le hiontaobh ***agus muinín*** custaiméirí ***as soláthraithe seirbhíse malartacha a úsáid***. Mar thoradh air sin, an drogall ***a bhíonn ar*** chustaiméirí a gcuid sonraí a ***athúsáid, cabhraíonn smacht éifeachtach lena shárú***. Faoi chreat reatha an Aontais, ***tá*** ceart ***ábhair sonraí*** chun iniomparthachta sonraí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[9] teoranta do shonraí pearsanta agus ní féidir brath air ach amháin i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil na sonraí a iompar. Cé is moite de chuntais íocaíochta, ní dhéantar sonraí custaiméara ná comhéadain theicniúla san earnáil

earnáil airgeadais a chaighdeánú, rud a fhágann ***go mbíonn comhroinnt sonraí níos*** costasaí. Ina theannta sin, níl oibleagáid dhlíthiúil ar na hinstitiúidí airgeadais ach sonraí íocaíochta a gcustaiméirí a chur ar fáil.	airgeadais a chaighdeánú, rud a fhágann ***gur*** costasaí ***a bhíonn rochtain ar shonraí***. Ina theannta sin, níl oibleagáid dhlíthiúil ar na hinstitiúidí airgeadais ach sonraí íocaíochta a gcustaiméirí a chur ar fáil.
[9] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).	[9] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

Or. en

Réasúnú

Moltar teanga a úsáid lena ndírítear, ar bhealach níos soiléire, ar chearta rochtana sonraí a leagan síos do thomhaltóirí agus do chustaiméirí gnó. Thar aon ní eile, ba cheart go gcuirfeadh FiDA ar chumas custaiméirí smacht a bheith acu ar a gcuid sonraí ionas gur féidir leo iad a rochtain agus a athúsáid de réir mar is cuí leo.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Dá bhrí sin, tá geilleagar sonraí airgeadais an Aontais ilroinnte fós, arb é is príomhthréith ann ***comhroinnt sonraí*** mhíchothrom, bacainní, agus drogall mór na bpáirtithe leasmhara ***páirt a ghlacadh i gcomhroinnt sonraí lasmuigh de*** chuntais íocaíochtaí. Dá réir sin, ní bhaineann custaiméirí tairbhe as táirgí agus seirbhísí aonair sonraíbhunaithe a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach dá riachtanais shonracha. In éagmais táirgí airgeadais pearsantaithe, cuirtear teorainn leis an deis a bheith nuálach, trí rogha bhreise agus níos mó	(6) Dá bhrí sin, tá geilleagar sonraí airgeadais an Aontais ilroinnte fós, arb é is príomhthréith ann ***rochtain*** mhíchothrom ***ar shonraí***, bacainní, agus drogall mór na bpáirtithe leasmhara ***sonraí a scaoileadh agus a athúsáid amach ó*** chuntais íocaíochtaí. Dá réir sin, ní bhaineann custaiméirí tairbhe as táirgí agus seirbhísí aonair sonraíbhunaithe a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach dá riachtanais shonracha. In éagmais táirgí airgeadais pearsantaithe, cuirtear teorainn leis an deis a bheith nuálach, trí rogha bhreise agus níos mó

táirgí agus seirbhísí airgeadais a thairiscint do thomhaltóirí leasmhara a d'fhéadfadh leas a bhaint as uirlisí sonraíbhunaithe seachas sin a d'fhéadfadh tacú leo roghanna eolasacha a dhéanamh, comparáid a dhéanamh idir tairiscintí ar bhealach atá áisiúil don úsáideoir, agus aistriú chuig táirgí níos buntáistí a bheadh ag teacht lena sainroghanna bunaithe ar a gcuid sonraí. Na bacainní atá ann faoi láthair ar ***chomhroinnt sonraí*** gnó, tá siad ag cur cosc ar ghnólachtaí, go háirithe FBManna, tairbhe a bhaint as seirbhísí airgeadais áisiúla uathoibrithe níos fearr.	táirgí agus seirbhísí airgeadais a thairiscint do thomhaltóirí leasmhara a d'fhéadfadh leas a bhaint as uirlisí sonraíbhunaithe seachas sin a d'fhéadfadh tacú leo roghanna eolasacha a dhéanamh, comparáid a dhéanamh idir tairiscintí ar bhealach atá áisiúil don úsáideoir, agus aistriú chuig táirgí níos buntáistí a bheadh ag teacht lena sainroghanna bunaithe ar a gcuid sonraí. Na bacainní atá ann faoi láthair ar ***shonraí*** gnó ***a athúsáid***, tá siad ag cur cosc ar ghnólachtaí, go háirithe ***fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide (***FBManna***)***, tairbhe a bhaint as seirbhísí airgeadais áisiúla uathoibrithe níos fearr.

Or. en

Réasúnú

Moltar teanga a úsáid lena ndírítear, ar bhealach níos soiléire, ar chearta rochtana sonraí a leagan síos do thomhaltóirí agus do chustaiméirí gnó. Thar aon ní eile, ba cheart go gcuirfeadh FiDA ar chumas custaiméirí smacht a bheith acu ar a gcuid sonraí ionas gur féidir leo iad a rochtain agus a athúsáid de réir mar is cuí leo. Thairis sin, an giorrúchán 'FBM' a thabhairt isteach.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Tá sé ríthábhachtach sonraí a chur ar fáil trí chomhéadain feidhmchláir ***ardcháilíochta*** chun rochtain éifeachtach gan bac ar shonraí a éascú. Lasmuigh de réimse na gcuntas íocaíochta, áfach, ní léiríonn ach mionlach d'institiúidí airgeadais, atá ina sealbhóirí sonraí, go gcuireann siad sonraí ar fáil trí chomhéadain theicniúla ar nós comhéadain feidhmchláir. Ós rud é nach ann do dhreasachtaí chun seirbhísí nuálacha den sórt sin a fhorbairt, tá éileamh an mhargaidh ar rochtain ar shonraí teoranta i	(7) Tá sé ríthábhachtach sonraí a chur ar fáil trí chomhéadain ***theicniúla ardcháilíochta amhail comhéadain*** feidhmchláir chun rochtain éifeachtach gan bac ar shonraí a éascú. Lasmuigh de réimse na gcuntas íocaíochta, áfach, ní léiríonn ach mionlach d'institiúidí airgeadais, atá ina sealbhóirí sonraí, go gcuireann siad sonraí ar fáil trí chomhéadain theicniúla ar nós comhéadain feidhmchláir. Ós rud é nach ann do dhreasachtaí chun seirbhísí nuálacha den sórt sin a fhorbairt, tá éileamh an mhargaidh ar rochtain ar

gcónaí.	shonraí teoranta i gcónaí.

Or. en

Réasúnú

Chun gan a bheith sonrach maidir leis an teicneolaíocht a úsáidtear (is léir gurb iad na APInna an fhoirm is forleithne go dtí seo), moltar an fhoclaíocht atá sa dara habairt den aithris a úsáid.

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Ba cheart go léireodh na sonraí a áirítear i raon feidhme an Rialacháin seo breisluach ard do nuálaíocht airgeadais chomh maith le riosca íseal maidir le ***heisiaimh*** airgeadais do thomhaltóirí. Dá bhrí sin, níor cheart go gcumhdófaí leis an Rialachán seo sonraí a bhaineann le hárachas breoiteachta agus sláinte tomhaltóra i gcomhréir le Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle*** ná sonraí maidir le táirgí árachais saoil tomhaltóra i gcomhréir le Treoir 2009/138/CE seachas conarthaí árachais saoil a chumhdaítear le táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe. Níor cheart go gcumhdófaí leis an Rialachán seo sonraí a bhailítear mar chuid de mheasúnú acmhainneachta creidmheasa ar thomhaltóir ***ach oiread***. Agus sonraí custaiméara á ***gcomhroinnt*** faoi raon feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cosaint sonraí rúnda gnó agus ***rúin*** trádála a urramú.	(9) Ba cheart go léireodh na sonraí a áirítear i raon feidhme an Rialacháin seo breisluach ard do nuálaíocht airgeadais chomh maith le riosca íseal maidir le ***heisiamh*** airgeadais do thomhaltóirí. Dá bhrí sin, níor cheart go gcumhdófaí leis an Rialachán seo sonraí a bhaineann le hárachas breoiteachta agus sláinte tomhaltóra i gcomhréir le Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle[10]*** ná sonraí maidir le táirgí árachais saoil tomhaltóra i gcomhréir le Treoir 2009/138/CE seachas conarthaí árachais saoil a chumhdaítear le táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe. Níor cheart go gcumhdófaí leis an Rialachán seo sonraí a ***bhaineann le breoiteacht agus cumhdach sláinte baill nó tairbhí i gcomhréir le Treoir 2016/2341[10a]. Níor cheart go gcumhdófaí leis an Rialachán seo ach oiread sonraí a*** bhailítear mar chuid de mheasúnú acmhainneachta creidmheasa ar thomhaltóir. Agus sonraí custaiméara á ***rochtain agus á n-úsáid*** faoi raon feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cosaint sonraí rúnda gnó agus ***rún*** trádála a urramú ***i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/943[10b], lena n-áirítear cuir chuige mhatamaiticiúla agus mhodheolaíocha***.

[10] Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (athmhúnlú) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1).

[10] Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (athmhúnlú) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1).

[10a] Treoir (AE) 2016/2341 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le gníomhaíochtaí institiúidí um sholáthar pinsean ceirde (IORPanna) agus maoirseacht a dhéanamh ar na hinstitiúidí sin (IO L 354, 23.12.2016, lch. 37).

[10b] Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint faisnéise neamhnochta agus faisnéis ghnó (rúin trádála) i gcoinne a n-éadála, úsáide agus a nochta neamhdhleathaigh (IO L 157, 15.6.2016, lch. 1).

Or. en

Réasúnú

Is féidir le IORPanna foráil a dhéanamh freisin do shochair lena gcumhdaítear rioscaí breoiteachta agus sláinte agus atá inchomparáide le hárachas breoiteachta agus sláinte. Ós rud é go bhfuil na rioscaí eisiata airgeadais cosúil leis na rioscaí sin, moltar na sonraí sin a eisiamh ó raon feidhme FiDA freisin. Féach freisin na barúlacha a thug MECS sa tuairim uaidh ina leith sin (pointe 13). Ina theannta sin, moltar tagairt a bheith ann don Treoir maidir le Rúin Trádála a Chosaint.

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(9a) Chun seirbhísí agus táirgí airgeadais a sholáthar faoi raon feidhme an Rialacháin seo, ba cheart do shealbhóirí sonraí agus d'úsáideoirí sonraí rialacha agus treoirlínte an

Aontais atá ann cheana maidir le rochtain ar shonraí pearsanta agus úsáid sonraí pearsanta a chomhlíonadh. Áirítear leis sin na rialacha is infheidhme maidir le measúnuithe a dhéanamh ar acmhainneacht creidmheasa tomhaltóirí mar a leagtar síos i dTreoir [XXXX/XXXX] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] (an Treoir maidir le Creidmheasanna Tomhaltóirí) agus i dTreoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1b] (an Treoir um Chreidmheas Morgáiste), nó an dualgas atá ar ghnólachtaí infheistíochta gníomhú ar mhaithe le leas an chustaiméara agus measúnuithe oiriúnachta á ndéanamh acu.

[1a] COM(2021)0347.

[1b] Treoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le comhaontuithe creidmheasa le haghaidh tomhaltóirí a bhaineann le maoin chónaithe dho-aistrithe agus lena leasaítear Treoracha 2008/48/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 60, 28.2.2014, lch. 34).

Or. en

Réasúnú

Mar a mhol MECS sa tuairim uaidh (pointe 29), is fiú a mheabhrú gurb ann do reachtaíocht agus treoirlínte earnáilsonracha atá infheidhme maidir leis na heintitis incháilithe a liostaítear in Airteagal 2(2), lena n-áirítear reachtaíocht a bhfuil feidhm aici maidir le creidmheasanna tomhaltóirí.

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Ba cheart ***comhroinnt na sonraí*** custaiméara faoi raon feidhme an Rialacháin seo a bheith bunaithe ar chead an chustaiméara. Ba cheart an oibleagáid dhlíthiúil ar shealbhóirí sonraí ***na sonraí*** custaiméara a ***chomhroinnt*** a ***ghníomhachtú a*** luaithe a ***iarrfaidh an custaiméir*** a chuid sonraí a ***chomhroinnt le húsáideoir*** sonraí. ***Is féidir le húsáideoir*** sonraí ***atá ag gníomhú thar ceann*** an chustaiméara an ***t-iarratas sin a chur isteach***. I gcás ina bhfuil próiseáil sonraí pearsanta i gceist, ba cheart ***bonn dlíthiúil bailí a bheith ag*** úsáideoir sonraí le haghaidh próiseála faoi Rialachán (AE) 2016/679. ***Is*** féidir sonraí na gcustaiméirí a phróiseáil chun na gcríoch comhaontaithe i gcomhthéacs na seirbhíse a ***chuirtear ar fáil***. Agus sonraí pearsanta á bpróiseáil, ní mór prionsabail na cosanta sonraí pearsanta a urramú, lena n-áirítear dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht, teorannú de réir cuspóra agus íoslaghdú sonraí. Tá sé de cheart ag custaiméir an cead a tugadh d'úsáideoir sonraí a tharraingt siar. Nuair is gá sonraí a phróiseáil chun conradh a chomhlíonadh, ba cheart ***do chustaiméir*** a bheith in ann ceadanna a tharraingt siar de réir na n-oibleagáidí conarthacha ar páirtí iontu an t-ábhar sonraí. Nuair atá próiseáil sonraí pearsanta bunaithe ar thoiliú, ***tá sé de*** cheart ***ag*** ábhar sonraí a thoiliú nó a toiliú a tharraingt siar tráth ar bith, dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2016/679.	(10) Ba cheart ***rochtain ar shonraí*** custaiméara faoi raon feidhme an Rialacháin seo a bheith bunaithe ar chead ***sainráite*** an chustaiméara. ***Níor cheart cead den sórt sin a bheith bunaithe ar chur chuige lena gcuirtear tic sa bhosca ná ar úsáid frásaí ginearálaithe, agus orthu sin amháin. Agus iad ag lorg chead sainráite an chustaiméara a shonraí nó a sonraí a úsáid,*** ba cheart ***do na húsáideoirí sonraí a shonrú cén úsáid atá beartaithe acu a bhaint as sonraí*** an ***chustaiméara, más amhlaidh an custaiméir cead a thabhairt iad a úsáid. Ba cheart feidhm a bheith ag an*** oibleagáid dhlíthiúil ar shealbhóirí sonraí ***rochtain ar shonraí*** custaiméara a ***chumasú*** a luaithe a ***bheidh iarrtha go sainráite ag an gcustaiméir go ndéanfaí rochtain ar*** a chuid sonraí a ***sholáthar d'úsáideoir*** sonraí. ***Ba cheart go mbeadh an t-úsáideoir*** sonraí ***in ann a léiriú conas a fhónfar do leas*** an chustaiméara ***agus conas a chaomhnófar leas*** an ***chustaiméara***. I ***gcomhréir le Rialachán (AE) [XXXX/XXXX] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] (an Gníomh um Shonraí), ní féidir gnóthas a sholáthraíonn croísheirbhísí ardáin a ainmnítear mar gheatóir faoi Rialachán (AE) 2022/1925[1b] a bheith incháilithe mar úsáideoir sonraí faoin Rialachán seo. Ní fhágfadh an srian ar rochtain a dheonú do gheatóirí go n-eiseofaí ón margadh iad ná go gcuirfí cosc orthu a seirbhísí a thairiscint, ós rud é nach ndéantar difear do chomhaontuithe deonacha idir iad agus na sealbhóirí sonraí. I*** gcás ina bhfuil próiseáil sonraí pearsanta i gceist, ba cheart ***d'***úsáideoir sonraí ***brath ar cheann de na boinn dhlíthiúla bhailí*** le haghaidh próiseála faoi ***Airteagal 6 de*** Rialachán (AE) 2016/679. ***Ní*** féidir sonraí na gcustaiméirí a phróiseáil ***ach*** chun na gcríoch comhaontaithe i gcomhthéacs na seirbhíse a ***sholáthraítear***. ***Faoin***

Rialachán seo, ba cheart na críocha sin a theorannú go docht do sholáthar táirge airgeadais, seirbhíse airgeadais nó seirbhíse faisnéise airgeadais. Agus sonraí pearsanta á bpróiseáil, ní mór prionsabail na cosanta sonraí pearsanta a urramú, lena n-áirítear dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht, teorannú de réir cuspóra agus íoslaghdú sonraí. Tá sé de cheart ag custaiméir an cead a tugadh d'úsáideoir sonraí a tharraingt siar ***am ar bith***. ***Mar shampla,*** nuair is gá sonraí a phróiseáil chun conradh a chomhlíonadh, ba cheart ***custaiméir*** a bheith in ann ceadanna a tharraingt siar de réir na n-oibleagáidí conarthacha ar páirtí iontu an t-ábhar sonraí. ***Ar an gcuma chéanna,*** nuair atá próiseáil sonraí pearsanta bunaithe ar thoiliú, ***ba*** cheart ábhar sonraí a ***bheith in ann a*** thoiliú nó a toiliú a tharraingt siar tráth ar bith, ***amhail*** dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2016/679. ***Níor cheart go mbeadh an t-úsáideoir sonraí in ann sonraí custaiméara a aistriú chuig gníomhaí tríú páirtí gan an cead sainráite sin, ná fiú chuig eintiteas eile laistigh den ghrúpa céanna.***

[1a] Rialachán (AE) 2023/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 maidir le rialacha comhchuibhithe i dtaca le rochtain chothrom ar shonraí agus úsáid chothrom sonraí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Shonraí) (IO L ...).

[1b] Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (an Ionstraim um Margaí Digiteacha) (IO L 265, 12.10.2022, lch. 1).

Or. en

Réasúnú

Soiléirithe agus moltaí: ba cheart úsáid sonraí a bheith chun leasa an chustaiméara i gcónaí; ba cheart rochtain ar shonraí tomhaltóirí atá i seilbh sealbhóirí sonraí a bheith coinníollach; níor cheart go mbeadh geatóirí faoi DMA in ann rochtain a fháil ar shonraí faoi FIDA; tagairtí níos beaichte do RGCS; ba cheart go mbeadh gá le toiliú an chustaiméara le haghaidh aon aistriú sonraí. Thairis sin, tá pointe (40) den tuairim ó MECS san áireamh.

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Trí chur ar a gcumas do chustaiméirí a gcuid sonraí ***a chomhroinnt*** maidir lena n-infheistíochtaí reatha, is féidir nuálaíocht a spreagadh i soláthar seirbhísí infheistíochta miondíola. Tá dian-achar ama ag custaiméir ar bhailiú sonraí príomhúla chun measúnú oiriúnachta agus cuibhis a dhéanamh ar infheisteoir miondíola agus is fachtóir costais suntasach é do chomhairleoirí agus do dháileoirí táirgí infheistíochta, pinsin agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe. ***Le comhroinnt*** sonraí custaiméara maidir le sealúchais coigiltis agus infheistíochtaí in ionstraimí airgeadais lena n-áirítear táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe agus sonraí arna mbailiú chun measúnú oiriúnachta agus cuibhis a dhéanamh, ***is féidir leis*** feabhas a chur ar chomhairle infheistíochta do thomhaltóirí agus tá acmhainneacht láidir nuálach ***aige***, lena n-áirítear i bhforbairt comhairle infheistíochta ***phearsantaithe*** agus uirlisí bainistithe infheistíochta a d'fhéadfadh comhairle infheistíochta miondíola a dhéanamh níos éifeachtúla. Tá uirlisí bainistíochta den sórt sin á bhforbairt cheana féin sa mhargadh agus is féidir ***leo forbairt*** níos éifeachtaí ***a dhéanamh*** sa chomhthéacs inar féidir le custaiméir a	(11) Trí chur ar a gcumas do chustaiméirí a gcuid sonraí maidir lena n-infheistíochtaí reatha ***a scaoileadh agus a athúsáid***, is féidir nuálaíocht a spreagadh i soláthar seirbhísí infheistíochta miondíola. Tá dian-achar ama ag custaiméir ar bhailiú sonraí príomhúla chun measúnú oiriúnachta agus cuibhis a dhéanamh ar infheisteoir miondíola agus is fachtóir costais suntasach é do chomhairleoirí agus do dháileoirí táirgí infheistíochta, ***cineálacha áirithe táirgí*** pinsin agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe. ***Is féidir athúsáid*** sonraí custaiméara maidir le sealúchais coigiltis agus infheistíochtaí in ionstraimí airgeadais***,*** lena n-áirítear táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe agus sonraí arna mbailiú chun measúnú oiriúnachta agus cuibhis a dhéanamh, feabhas a chur ar chomhairle infheistíochta do thomhaltóirí agus tá acmhainneacht láidir nuálach ***ag roinnt léi***, lena n-áirítear i bhforbairt comhairle infheistíochta ***pearsantaithe*** agus uirlisí bainistithe infheistíochta a d'fhéadfadh comhairle infheistíochta miondíola a dhéanamh níos éifeachtúla. Tá uirlisí bainistíochta den sórt sin á bhforbairt cheana féin sa mhargadh agus is féidir ***iad a fhorbairt ar bhealach*** níos éifeachtaí sa chomhthéacs inar féidir

chuid sonraí a bhaineann le hinfheistíocht a ***chomhroinnt***.

le custaiméir a chuid sonraí a bhaineann le hinfheistíocht a ***athúsáid***.

Or. en

Réasúnú

Moltar teanga a úsáid lena ndírítear, ar bhealach níos soiléire, ar chearta rochtana sonraí a leagan síos do thomhaltóirí agus do chustaiméirí gnó. Thar aon ní eile, ba cheart go gcuirfeadh FiDA ar chumas custaiméirí smacht a bheith acu ar a gcuid sonraí ionas gur féidir leo iad a rochtain agus a athúsáid de réir mar is cuí leo.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Is féidir ***le*** sonraí custaiméara maidir le hiarmhéid, coinníollacha nó ***sonraí*** idirbhirt a bhaineann le morgáistí, iasachtaí agus coigiltis a chur ar a gcumas do chustaiméirí forléargas níos fearr a fháil ar a dtaiscí agus freastal níos fearr a dhéanamh ar a riachtanais choigiltis bunaithe ar shonraí creidmheasa. Ba cheart sonraí custaiméara sa bhreis ar chuntais íocaíochta a shainmhínítear i dTreoir (AE) ***2015/2366*** a chumhdach leis an Rialachán seo. ***Na*** cuntais ***chreidmheasa a chumhdaítear le líne chreidmheasa nach*** féidir a úsáid chun idirbhearta íocaíochta a ***dhéanamh le tríú páirtithe, ba cheart iad a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Ba cheart a thuiscint, dá bhrí sin, go gcumhdaítear leis an*** Rialachán ***seo an rochtain ar an iarmhéid, ar na coinníollacha nó ar shonraí na n-idirbheart a bhaineann le comhaontuithe creidmheasa morgáiste, iasachtaí, agus cuntais choigiltis chomh maith leis na cineálacha cuntas nach dtagann faoi raon feidhme Threoir*** (AE) ***2015/2366***.	(12) Is féidir sonraí custaiméara maidir le hiarmhéid, coinníollacha nó ***mionsonraí*** idirbhirt a bhaineann le morgáistí, iasachtaí agus coigiltis a chur ar a gcumas do chustaiméirí forléargas níos fearr a fháil ar a dtaiscí agus freastal níos fearr a dhéanamh ar a riachtanais choigiltis bunaithe ar shonraí creidmheasa. Ba cheart sonraí custaiméara sa bhreis ar chuntais íocaíochta a shainmhínítear i dTreoir (AE) ***2015/2366***[11] a chumhdach leis an Rialachán seo. ***Níor cheart go gcumhdófaí leis an Rialachán seo sonraí maidir le hiarmhéid, coinníollacha nó mionsonraí idirbhirt a bhaineann le*** cuntais ***is*** féidir a úsáid chun idirbhearta íocaíochta ***chuig tríú páirtí agus ó thríú páirtí agus*** a ***chumhdaítear le*** Rialachán (AE) ***[XXXX/XXXX] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle***[11a] ***(PSR/PSD3) a fhorghníomhú***.
[11] Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na	[11] Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na

hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoir 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35).	hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoir 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35). ***[11a] COM(2023)0367.***

Or. en

Réasúnú

Rialaítear cuntais íocaíochta faoi PSD. Is é is aidhm don bhreis a mholtar deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú trína léiriú, ar bhealach níos sainráite, cén córas (PSD/FiDA) a bhfuil feidhm aige maidir le cén tacar sonraí. Is é is aidhm don scriosadh a mholtar a léiriú gur cheart cuntais chreidmheasa den sórt sin a chumhdach le PSD freisin, rud a d'fhágfadh, uime sin, go bhféadfadh an custaiméir idirbhearta a thionscnamh eatarthu. Dá gcumhdófaí faoi raon feidhme FIDA iad, ní cheadófaí ach do AIS, agus ní do chustaiméirí, PIS a úsáid chun airgead a aistriú idir a gcuntais féin.

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Ba cheart ***faisnéis a bhaineann le hinbhuanaitheacht a áireamh*** sna sonraí custaiméara a áirítear i raon feidhme an Rialacháin seo, ar faisnéis í lenar cheart a chur ar a gcumas do chustaiméirí rochtain níos éasca ***a fháil*** ar sheirbhísí airgeadais atá ailínithe lena sainroghanna inbhuanaitheachta agus lena riachtanais airgeadais inbhuanaithe, i gcomhréir le straitéis an Choimisiúin chun an t-aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe a ***mhaoiniú***. Le rochtain ar shonraí a bhaineann le hinbhuanaitheacht a d'fhéadfadh a bheith i mionsonraí iarmhéid nó idirbhirt a bhaineann le cuntas morgáiste, creidmheasa, iasachta agus coigiltis, ***chomh maith*** le rochtain ar shonraí custaiméara a bhaineann le	(13) Ba cheart ***go n-áireofaí*** sna sonraí custaiméara a áirítear i raon feidhme an Rialacháin seo ***an fhaisnéis atá ar fáil ar shainroghanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht***, ar faisnéis í lenar cheart a chur ar a gcumas do chustaiméirí rochtain ***a fháil, ar bhealach*** níos éasca***,*** ar sheirbhísí airgeadais atá ailínithe lena sainroghanna inbhuanaitheachta agus lena riachtanais airgeadais inbhuanaithe, i gcomhréir le straitéis an Choimisiúin chun an t-aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe a ***mhaoiniú[12]*** . Le rochtain ar shonraí a bhaineann le hinbhuanaitheacht a d'fhéadfadh a bheith i mionsonraí iarmhéid nó idirbhirt a bhaineann le cuntas morgáiste, creidmheasa, iasachta agus coigiltis, ***táirgí infheistíochta árachas-***

hinbhuanaitheacht atá i seilbh gnólachtaí infheistíochta, is féidir ***léi*** rannchuidiú le rochtain ***a éascú*** ar shonraí a bhfuil gá leo chun rochtain a fháil ar mhaoiniú inbhuanaithe nó infheistíochtaí a dhéanamh san aistriú glas. Thairis sin, ba cheart ***a áireamh i*** sonraí custaiméara faoi raon feidhme an Rialacháin seo sonraí atá ina gcuid de mheasúnú acmhainneachta creidmheasa a bhaineann le gnólachtaí, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus ***lenar*** féidir léargas níos fearr a thabhairt ar chuspóirí inbhuanaitheachta gnólachtaí beaga. Trí shonraí a úsáidtear don mheasúnú ar acmhainneacht creidmheasa a bhaineann le gnólachtaí a áireamh, ba cheart feabhas ***a chur ar an*** rochtain ar mhaoiniú agus an t-iarratas ar iasachtaí a chuíchóiriú. Ba cheart na sonraí sin a theorannú do shonraí maidir le gnólachtaí agus níor cheart go sáróidís cearta maoine intleachtúla.

bhunaithe, mar aon le rochtain ar shonraí custaiméara a bhaineann le hinbhuanaitheacht atá i seilbh gnólachtaí infheistíochta, ***amhail sainroghanna inbhuanaitheachta tosaigh custaiméara,*** is féidir rannchuidiú le rochtain ar shonraí a bhfuil gá leo chun rochtain a fháil ar mhaoiniú inbhuanaithe nó infheistíochtaí a dhéanamh san aistriú glas ***a éascú***. Thairis sin, ba cheart ***go n-áireofaí sna*** sonraí custaiméara faoi raon feidhme an Rialacháin seo sonraí atá ina gcuid de mheasúnú acmhainneachta creidmheasa a bhaineann le gnólachtaí, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus ***ar*** féidir ***leo*** léargas níos fearr a thabhairt ar chuspóirí inbhuanaitheachta gnólachtaí beaga. Trí shonraí a úsáidtear don mheasúnú ar acmhainneacht creidmheasa a bhaineann le gnólachtaí a áireamh, ba cheart ***go gcuirfí*** feabhas ***ar*** rochtain ar mhaoiniú agus ***go ndéanfaí*** an t-iarratas ar iasachtaí a chuíchóiriú. Ba cheart na sonraí sin a theorannú do shonraí maidir le gnólachtaí agus níor cheart go sáróidís cearta maoine intleachtúla. ***Ba cheart go n-áireofaí ar shainroghanna inbhuanaitheachta sainroghanna inbhuanaitheachta custaiméara arna mbailiú ag idirghabhálaithe árachais a dháileann táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1257[12a] ón gCoimisiún, agus sainroghanna inbhuanaitheachta arna mbailiú ag gnólachtaí infheistíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 2(7) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565[12b] ón gCoimisiún.***

---

12 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Straitéis maidir leis an Aistriú chuig Geilleagar Inbhuanaithe a Mhaoiniú, COM/2021/390 final

12 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Straitéis maidir leis an Aistriú chuig Geilleagar Inbhuanaithe a Mhaoiniú, COM/2021/390 final

[12a] Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1257 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2021 lena leasaítear Rialacháin Tarmligthe (AE) 2017/2358 agus (AE) 2017/2359 a mhéid a bhaineann le tosca, rioscaí agus tosaíochtaí inbhuanaitheachta a chomhtháthú sna ceanglais maidir le formhaoirseacht agus rialachas táirgí le haghaidh gnóthais árachais agus dáileoirí árachais agus sna rialacha maidir le seoladh gnó agus comhairle infheistíochta le haghaidh táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (IO L 277, 2.8.2021, lch. 18).

[12b] Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais eagraíochtúla agus coinníollacha oibriúcháin do ghnólachtaí infheistíochta agus téarmaí sainithe chun críoch na Treorach sin (IO L 87, 31.3.2017, lch. 1).

Or. en

Reasúnú

Moltar táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe a chur leis an liosta sin toisc go dtagann siad faoi raon feidhme Airteagal 2(1)(b). Thairis sin, d'fhéadfadh roghanna inbhuanaitheachta a bheith ina gcás maith úsáide de chuid FiDA. Toisc go sainítear sainroghanna inbhuanaitheachta in dhá Rialachán Tarmligthe atá sonrach ó thaobh táirge de (MiFID agus IBIPanna), moltar tagairt a dhéanamh do na Rialacháin Tharmligthe sin san aithris seo.

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) Tá sonraí custaiméara a bhaineann le hárachas neamhshaoil a sholáthar fíor-riachtanach chun táirgí agus seirbhísí árachais atá tábhachtach do riachtanais an chustaiméara a chumasú, mar atá ***tithe***,	(14) Tá sonraí custaiméara a bhaineann le hárachas neamhshaoil a sholáthar fíor-riachtanach chun táirgí agus seirbhísí árachais atá tábhachtach do riachtanais an chustaiméara a chumasú, mar atá ***teaghaisí***,

feithiclí agus maoin eile a chosaint. ***San*** am céanna, is minic ***a bhíonn ualach agus costas ag baint le*** bailiú sonraí den sórt sin agus is féidir ***leis gníomhú mar*** dhíspreagadh in aghaidh cumhdach árachais níos fearr a lorg ag custaiméirí. Chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin, is gá, dá bhrí sin, seirbhísí airgeadais den sórt sin a áireamh faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Ba cheart go n-áireofaí i sonraí custaiméara maidir le táirgí árachais a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo faisnéis faoin táirge árachais mar atá mionsonraí maidir le cumhdach árachais agus sonraí a bhaineann go sonrach le sócmhainní árachaithe na dtomhaltóirí a bhailítear chun críoch tástála éileamh agus riachtanas. ***Le comhroinnt*** sonraí den sórt sin, ***ba cheart*** go bhféadfaí uirlisí pearsantaithe a fhorbairt do chustaiméirí, amhail deaiseanna árachais a d'fhéadfadh cabhrú le tomhaltóirí a rioscaí a bhainistiú ar bhealach níos fearr. D'fhéadfadh sé cuidiú freisin le custaiméirí táirgí a fháil atá dírithe níos fearr ar a n-éilimh agus ar a riachtanais, lena n-áirítear trí chomhairle níos luachmhaire. Is féidir leis sin cur le cumhdach árachais níos fearr do chustaiméirí agus cuimsiú airgeadais breise na dtomhaltóirí nach ndéantar freastal ceart orthu murach sin, trí chumhdach nua nó cumhdach méadaithe a thairiscint. Thairis sin, d'fhéadfadh ***comhroinnt*** sonraí árachais a bheith tairbhiúil chun árachas a sholáthar ar bhealach níos éifeachtúla, lena n-áirítear, go háirithe, ag an gcéim ag a ndéantar an táirge a dhearadh, an frithghealladh, an forghníomhú conartha, lena n-áirítear bainistiú éileamh, agus maolú riosca.	feithiclí agus maoin eile a chosaint. ***Ag an*** am céanna, is minic bailiú sonraí den sórt sin ***a bheith trom*** agus ***costasach agus*** is féidir ***é a bheith ina*** dhíspreagadh in aghaidh cumhdach árachais níos fearr a ***bheith á*** lorg ag custaiméirí. Chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin, is gá, dá bhrí sin, seirbhísí airgeadais den sórt sin a áireamh faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Ba cheart go n-áireofaí i sonraí custaiméara maidir le táirgí árachais a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo faisnéis faoin táirge árachais mar atá mionsonraí maidir le cumhdach árachais agus sonraí a bhaineann go sonrach le sócmhainní árachaithe na dtomhaltóirí a bhailítear chun críoch tástála éileamh agus riachtanas. ***Ba cheart go bhfágfadh rochtain ar shonraí den sórt sin, agus athúsáid*** sonraí den sórt sin, go bhféadfaí uirlisí pearsantaithe a fhorbairt do chustaiméirí, amhail deaiseanna árachais a d'fhéadfadh cabhrú le tomhaltóirí a rioscaí a bhainistiú ar bhealach níos fearr. D'fhéadfadh sé cuidiú freisin le custaiméirí táirgí a fháil atá dírithe níos fearr ar a n-éilimh agus ar a riachtanais, lena n-áirítear trí chomhairle níos luachmhaire. Is féidir leis sin cur le cumhdach árachais níos fearr do chustaiméirí agus cuimsiú airgeadais breise na dtomhaltóirí nach ndéantar freastal ceart orthu murach sin, trí chumhdach nua nó cumhdach méadaithe a thairiscint. Thairis sin, d'fhéadfadh ***scaoileadh agus athúsáid*** sonraí árachais a bheith tairbhiúil chun árachas a sholáthar ar bhealach níos éifeachtúla, lena n-áirítear, go háirithe, ag an gcéim ag a ndéantar an táirge a dhearadh, an frithghealladh, an forghníomhú conartha, lena n-áirítear bainistiú éileamh, agus maolú riosca.

Or. en

Réasúnú

Moltar teanga a úsáid lena ndírítear, ar bhealach níos soiléire, ar chearta rochtana sonraí a leagan síos do thomhaltóirí agus do chustaiméirí gnó. Thar aon ní eile, ba cheart go gcuirfeadh FiDA ar chumas custaiméirí smacht a bheith acu ar a gcuid sonraí ionas gur

féidir leo iad a rochtain agus a athúsáid de réir mar is cuí leo.

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Tá ***ionchas mór*** nuálach ag ***baint le comhroinnt sonraí maidir le coigilteas*** pinsin ceirde agus pearsanta ***do thomhaltóirí.*** Is minic nach mbíonn dóthain eolais ag coigilteoirí pinsin faoina gcearta pinsin, rud a bhaineann ***leis an bhfíric gur minic a scaiptear*** sonraí faoi ***chearta den sórt*** sin ar shealbhóirí sonraí éagsúla. Trí shonraí a bhaineann le coigilteas pinsin ceirde agus pearsanta a ***chomhroinnt***, ba cheart ***rannchuidiú*** le forbairt uirlisí rianaithe pinsean lena dtugtar forléargas cuimsitheach do choigilteoirí ar a dteidlíochtaí agus ar a n-ioncam scoir laistigh de Bhallstáit shonracha agus ar bhonn trasteorann san Aontas araon. Baineann sonraí maidir le cearta pinsin go háirithe le teidlíochtaí fabhraithe pinsin, leibhéil réamh-mheasta sochar scoir, rioscaí agus ráthaíochtaí comhaltaí agus tairbhithe scéimeanna pinsin ceirde. Tá rochtain ar shonraí a bhaineann le pinsin cheirde gan dochar don dlí ***náisiúnta*** sóisialta agus saothair maidir le ***córais*** pinsean ***a eagrú***, lena n-áirítear ballraíocht i scéimeanna agus torthaí comhaontuithe cómhargála.	(15) Tá ***acmhainneacht*** nuálach ***láidir do thomhaltóirí atá ina mbaill nó ina dtairbhithe reatha de scéimeanna pinsin ceirde*** ag ***rochtain ar choigilteas*** pinsin ceirde agus pearsanta Is minic nach mbíonn dóthain eolais ag coigilteoirí pinsin faoina gcearta pinsin, rud a bhaineann ***le*** sonraí faoi ***na cearta*** sin ***a bheith á scaipeadh*** ar shealbhóirí sonraí éagsúla ***go minic***. Trí shonraí a bhaineann le coigilteas pinsin ceirde agus pearsanta a ***rochtain agus a athúsáid***, ba cheart ***go rannchuideofaí*** le forbairt uirlisí rianaithe pinsean lena dtugtar forléargas cuimsitheach do choigilteoirí ar a dteidlíochtaí agus ar a n-ioncam scoir laistigh de Bhallstáit shonracha agus ar bhonn trasteorann san Aontas araon. Baineann sonraí maidir le cearta pinsin go háirithe le teidlíochtaí fabhraithe pinsin, leibhéil réamh-mheasta sochar scoir, rioscaí agus ráthaíochtaí comhaltaí agus tairbhithe scéimeanna pinsin ceirde. Tá rochtain ar shonraí a bhaineann le pinsin cheirde gan dochar don dlí sóisialta agus saothair ***náisiúnta*** maidir le ***heagrú córas*** pinsean, lena n-áirítear ballraíocht i scéimeanna agus torthaí comhaontuithe cómhargála***, agus ba cheart go dtabharfadh sí aird chuí ar shrianta sa dearbhú párolla agus timthriallacht an ama próiseála riaracháin pinsin***. ***Chun costais dhúblacha bainistithe sonraí a sheachaint, ba cheart cead a bheith ag sealbhóirí sonraí a rannchuidíonn le scéimeanna náisiúnta rianaithe pinsean atá ann cheana comhéadain theicniúla agus caighdeáin choiteanna atá ann***

cheana agus a forbraíodh cheana mar chuid de na scéimeanna sin a úsáid chun na hoibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.

Or. en

Réasúnú

Soláthraíonn pinsin mharthanóirí pinsean do dhaoine muinteartha ball éagtha ciste pinsin. Soiléirítear nár cheart ach baill 'reatha' cistí pinsin a mheas mar thomhaltóirí laistigh de chreat FiDA. Thairis sin, braitheann sonraí pinsin ar shlabhra an dearbhaithe párolla, a bhaineann le fostóirí, cistí pinsin agus údaráis chánach. Ní féidir sonraí den sórt sin a nuashonrú go leanúnach ná i bhfíor-am. Ar deireadh, moltar dúbláil neamhriachtanach ar sheirbhísí rianaithe pinsin atá ann cheana a sheachaint.

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Ós rud é go bhfuil sé beartaithe leis an Rialachán seo oibleagáid a chur ar institiúidí airgeadais rochtain a sholáthar ar chatagóirí sainithe sonraí arna iarraidh sin don chustaiméir agus é ag gníomhú mar shealbhóir sonraí, agus ***comhroinnt*** sonraí bunaithe ar chead custaiméara a cheadú nuair a ghníomhaíonn institiúidí airgeadais mar úsáideoirí sonraí, ba cheart ***dó*** liosta de na hinstitiúidí airgeadais a fhéadfaidh gníomhú mar shealbhóir sonraí, mar úsáideoir sonraí nó an dá cheann díobh sin ***a sholáthar***. Ba cheart ***a thuiscint***, dá bhrí sin, ***go gciallaíonn*** institiúidí airgeadais na heintitis sin a sholáthraíonn táirgí airgeadais agus seirbhísí airgeadais nó a thairgeann seirbhísí faisnéise ábhartha do chustaiméirí san earnáil airgeadais.	(17) Ós rud é go bhfuil sé beartaithe leis an Rialachán seo oibleagáid a chur ar institiúidí airgeadais rochtain a sholáthar ar chatagóirí sainithe sonraí arna iarraidh sin ***go sainráite*** don chustaiméir agus é ag gníomhú mar shealbhóir sonraí, agus ***rochtain ar shonraí, agus athúsáid*** sonraí***,*** bunaithe ar chead ***sainráite*** custaiméara a cheadú nuair a ghníomhaíonn institiúidí airgeadais mar úsáideoirí sonraí, ba cheart ***go soláthrófaí, leis an Rialachán sin,*** liosta de na hinstitiúidí airgeadais a fhéadfaidh gníomhú mar shealbhóir sonraí, mar úsáideoir sonraí***,*** nó an dá cheann díobh sin. Ba cheart ***go dtuigfí***, dá bhrí sin, ***gurb é atá in*** institiúidí airgeadais ***ná*** na heintitis sin a sholáthraíonn táirgí airgeadais agus seirbhísí airgeadais nó a thairgeann seirbhísí faisnéise ábhartha do chustaiméirí san earnáil airgeadais. ***Ba cheart úsáideoir sonraí a bheith in ann aon chatagóir sonraí custaiméara a liostaítear in Airteagal 2(1) den Rialachán seo a fháil agus ní bheidh sé ina***

shealbhóir sonraí de bhua rochtain a fháil ar shonraí custaiméara, nó iad a fháil ar shlí eile, ó shealbhóir sonraí.

Or. en

Réasúnú

Moltar róil agus freagrachtaí an tsealbhóra sonraí agus an úsáideora sonraí a léiriú ar bhealach níos soiléire trína mhaíomh go sainráite nach mbeidh úsáideoir sonraí ina shealbhóir sonraí de bhua rochtain a fháil ar shonraí custaiméara, ós rud é go bhfágfadh sé sin slabhra neamhtheoranta a bheith ann agus go bhféadfadh sé a bheith ina chúis le scaipeadh ollmhór agus neamhrialaithe sonraí FiDA.

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Na cleachtais a úsáideann úsáideoirí sonraí chun foinsí sonraí custaiméara nua agus traidisiúnta a chomhcheangal faoi raon feidhme an Rialacháin seo, ní mór iad a bheith comhréireach lena áirithiú nach mbeidh rioscaí maidir le heisiamh airgeadais ann do thomhaltóirí. ***Leis na cleachtais*** as a n-eascraíonn anailís níos sofaisticiúla nó níos cuimsithí ar ***dheighleoga*** leochaileacha áirithe tomhaltóirí, mar atá daoine ar ioncam íseal, d'fhéadfadh ***an*** baol a bheith ann go ***dtiocfaidh méadú ar dhálaí*** éagóracha nó cleachtais phraghsála difreálacha, ***mar atá*** préimheanna difreálacha a ghearradh. ***Méadaítear an acmhainneacht maidir le heisiamh i dtaca le*** soláthar táirgí agus seirbhísí a ndéantar praghsáil orthu de réir phróifíl an tomhaltóra, go háirithe i scóráil chreidmheasa agus sa mheasúnú ar acmhainneacht creidmheasa daoine nádúrtha agus ***maidir le*** táirgí agus seirbhísí a bhaineann ***le*** measúnú riosca agus praghsáil ***le haghaidh*** daoine nádúrtha i gcás árachas saoil agus árachas	(18) Na cleachtais a úsáideann úsáideoirí sonraí chun foinsí sonraí custaiméara nua agus traidisiúnta a chomhcheangal faoi raon feidhme an Rialacháin seo, ní mór iad a bheith ***chun leasa an chustaiméara agus*** comhréireach lena áirithiú nach mbeidh rioscaí maidir le heisiamh airgeadais ann do thomhaltóirí ***dá mbarr***. ***Mar gheall ar chleachtais*** as a n-eascraíonn anailís níos sofaisticiúla nó níos cuimsithí ar ***ghrúpaí*** leochaileacha áirithe tomhaltóirí, mar atá daoine ar ioncam íseal, d'fhéadfadh baol ***níos mó*** a bheith ann go ***mbeadh dálaí*** éagóracha nó cleachtais phraghsála difreálacha ***ann***, ***amhail*** préimheanna difreálacha a ghearradh. ***Is dóchúla eisiamh a bheith ann i gcás*** soláthar táirgí agus seirbhísí a ndéantar praghsáil orthu de réir phróifíl an tomhaltóra, go háirithe i scóráil chreidmheasa agus sa mheasúnú ar acmhainneacht creidmheasa daoine nádúrtha agus ***freisin i gcás*** táirgí agus seirbhísí a bhaineann ***leis an*** measúnú riosca ***ar dhaoine nádúrtha,*** agus praghsáil daoine nádúrtha***,*** i gcás árachas saoil agus

sláinte. I bhfianaise na rioscaí, ba cheart úsáid sonraí le haghaidh na dtáirgí agus na seirbhísí sin a bheith faoi réir ceanglais shonracha chun tomhaltóirí agus a gcearta bunúsacha a chosaint.	árachas sláinte. I bhfianaise na rioscaí, ba cheart úsáid ***agus athúsáid*** sonraí le haghaidh na dtáirgí agus na seirbhísí sin a bheith faoi réir ceanglais shonracha chun tomhaltóirí agus a gcearta bunúsacha a chosaint.

Or. en

Réasúnú

Ba cheart úsáid sonraí a bheith chun leasa an chustaiméara i gcónaí.

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) Ní mór smacht éifeachtach a bheith ag custaiméirí ar a gcuid sonraí agus ní mór ***dóibh*** muinín a bheith acu as ***bainistiú*** ceadanna ***a dheonaigh siad*** i gcomhréir leis an Rialachán seo. Dá bhrí sin, ba cheart ceangal a bheith ar shealbhóirí sonraí deaiseanna coiteanna agus comhsheasmhacha ceada um rochtain ar shonraí airgeadais a ***chur ar fáil*** do chustaiméirí. An deais cheada***, ba cheart di cumhacht*** a ***thabhairt don chustaiméir a*** cheadanna a bhainistiú ar bhealach eolasach agus neamhchlaonta agus tomhas láidir smachta a thabhairt do chustaiméirí ar ***an gcaoi*** a ***n-úsáidtear a*** gcuid sonraí pearsanta agus neamhphearsanta. Níor cheart í a dhearadh ar bhealach a spreagfadh nó a d'imreodh tionchar míchuí ar an gcustaiméir ceadanna a dheonú nó a tharraingt siar. Ba cheart ***a chur san áireamh sa deais cheada***, i gcás inarb iomchuí, na ceanglais inrochtaineachta faoi Threoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***. Agus deais cheada á soláthar acu, d'fhéadfadh sealbhóirí sonraí úsáid a bhaint as ríomh-shainaitheantas agus seirbhís iontaoibhe ar	(21) Ní mór smacht éifeachtach a bheith ag custaiméirí ar a gcuid sonraí agus ní mór muinín a bheith acu as ceadanna ***arna ndeonú acu*** i gcomhréir leis an Rialachán seo ***a bhainistiú***. Dá bhrí sin, ba cheart ceangal a bheith ar shealbhóirí sonraí deaiseanna coiteanna agus comhsheasmhacha ceada um rochtain ar shonraí airgeadais a ***sholáthar*** do chustaiméirí. ***Ba cheart go ndéanfadh*** an deais cheada ***an custaiméir*** a ***chumhachtú chun a*** cheadanna a bhainistiú ar bhealach eolasach agus neamhchlaonta agus tomhas láidir smachta a thabhairt do chustaiméirí ar ***conas*** a ***úsáidtear a*** gcuid sonraí pearsanta agus neamhphearsanta. Níor cheart í a dhearadh ar bhealach a spreagfadh nó a d'imreodh tionchar míchuí ar an gcustaiméir ceadanna a dheonú nó a tharraingt siar. ***Mar shampla, níor cheart an nós imeachta chun cead a tharraingt siar a bheith níos deacra ná an nós imeachta chun cead a thabhairt sonraí a rochtain.*** Ba cheart ***go ndéanfaí***, i gcás inarb iomchuí, na ceanglais inrochtaineachta faoi Threoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

tugadh fógra ina leith, amhail Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí arna eisiúint ag Ballstát mar a tugadh isteach leis an togra lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh Céannacht Dhigiteach ***Eorpach***. Féadfaidh sealbhóirí sonraí a bheith ag brath freisin ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí faoi Rialachán (AE) 2022/868 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***, chun deaiseanna ceada a sholáthar ***a chomhlíonann*** ceanglais an Rialacháin seo.	***gComhairle[14] a chur san áireamh sa deais cheada***. Agus deais cheada á soláthar acu, d'fhéadfadh sealbhóirí sonraí úsáid a bhaint as ríomh-shainaitheantas agus seirbhís iontaoibhe ar tugadh fógra ina leith, amhail Tiachóg na Céannachta Digití Eorpaí arna eisiúint ag Ballstát mar a tugadh isteach leis an togra lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le creat a bhunú le haghaidh Céannacht Dhigiteach ***Eorpach[15]*** . Féadfaidh sealbhóirí sonraí a bheith ag brath freisin ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhála sonraí faoi Rialachán (AE) 2022/868 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle[16]***, chun deaiseanna ceada a sholáthar ***lena gcomhlíontar*** ceanglais an Rialacháin seo.
_____	_____
[14] Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lgh. 70-115)	[14] Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí (IO L 151, 7.6.2019, lgh. 70-115)
[15] COM(2021) 281 final, 2021/0136(COD)	[15] COM(2021) 281 final, 2021/0136(COD)
[16] Rialachán (AE) 2022/868 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le rialachas sonraí Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) (IO L 152, 3.6.2022, lch. 1).	[16] Rialachán (AE) 2022/868 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le rialachas sonraí Eorpach agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 (an Gníomh um Rialachas Sonraí) (IO L 152, 3.6.2022, lch. 1).

Or. en

Réasúnú

Níor cheart an nós imeachta chun cead a tharraingt siar a bheith níos ciotaí ná an nós imeachta chun cead a dheonú.

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(22) Ba cheart ***don*** deais cheada na ceadanna ***a thug*** custaiméir a thaispeáint, lena n-áirítear nuair a ***chomhroinntear*** sonraí pearsanta bunaithe ar thoiliú nó nuair atá siad riachtanach chun conradh a chomhlíonadh. Ba ***chóir don*** deais cheada rabhadh a thabhairt do chustaiméir ar bhealach caighdeánach ***ar an riosca a bhaineann le hiarmhairtí conarthacha a d'fhéadfadh a bheith ag tarraingt*** siar ***ceada***, ach ba cheart go mbeadh an custaiméir fós freagrach as ***riosca*** den sórt sin a bhainistiú. Ba cheart an deais cheada a úsáid chun na ceadanna atá ann cheana a bhainistiú. Ba cheart do shealbhóirí sonraí úsáideoirí sonraí a chur ar an eolas i bhfíor-am faoi aon tarraingt siar ceada. Ba cheart taifead ar cheadanna ***a tarraingíodh*** siar nó ***atá imithe*** in éag ***ar feadh tréimhse suas le dhá bhliain a bheith san*** áireamh sa deais cheada ***chun ligean don chustaiméir*** súil a choinneáil ar a cheadanna ar bhealach eolasach agus neamhchlaonta. Ba cheart d'úsáideoirí sonraí sealbhóirí sonraí a chur ar an eolas i bhfíor-am faoi cheadanna nua agus athbhunaithe arna ndeonú ag custaiméirí, lena n-áirítear fad bailíochta an cheada agus achoimre ghearr ar chuspóir an cheada. Tá an fhaisnéis a sholáthraítear ar an deais cheada gan dochar do na ceanglais ***faisnéise*** faoi Rialachán (AE) 2016/679.	(22) Ba cheart ***go ndéanfaí, tríd an*** deais cheada***,*** na ceadanna ***arna dtabhairt*** custaiméir a thaispeáint, lena n-áirítear nuair a ***dhéantar*** sonraí pearsanta ***a rochtain*** bunaithe ar thoiliú nó nuair atá siad riachtanach chun conradh a chomhlíonadh. Ba ***cheart, tríd an*** deais cheada***,*** rabhadh a thabhairt do chustaiméir ar bhealach caighdeánach ***faoin mbaol go bhféadfadh iarmhairtí conarthacha ann de dheasca cead a tharraingt*** siar, ach ba cheart go mbeadh an custaiméir fós freagrach as ***baol*** den sórt sin a bhainistiú. Ba cheart an deais cheada a úsáid chun na ceadanna atá ann cheana a bhainistiú. Ba cheart do shealbhóirí sonraí úsáideoirí sonraí a chur ar an eolas i bhfíor-am faoi aon tarraingt siar ceada. ***Nuair a athbhunaítear cead,*** ba cheart ***do shealbhóirí sonraí custaiméara a chur ar an eolas faoi na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme an tráth sin, nó a chur ar chumas úsáideoirí sonraí custaiméara a chur ar an eolas faoi na téarmaí agus na coinníollacha is infheidhme an tráth sin. Ba cheart*** taifead ar cheadanna ***arna dtarraingt*** siar nó ***arna ndul*** in éag ***a*** áireamh sa deais cheada ***go ceann tréimhse nach faide ná dhá bhliain i dtreo is go bhféadfaidh an custaiméir*** súil a choinneáil ar a cheadanna ar bhealach eolasach agus neamhchlaonta. Ba cheart d'úsáideoirí sonraí sealbhóirí sonraí a chur ar an eolas i bhfíor-am faoi cheadanna nua agus athbhunaithe arna ndeonú ag custaiméirí, lena n-áirítear fad bailíochta an cheada agus achoimre ghearr ar chuspóir an cheada. Tá an fhaisnéis a sholáthraítear ar an deais cheada gan dochar do na ceanglais faoi Rialachán (AE) 2016/679***, go háirithe an ceanglas faisnéise***.

Or. en

Réasúnú

Fágann an cead arna thabhairt ag custaiméir caidreamh dlíthiúil a bheith ann idir úsáideoir sonraí agus an custaiméir, caidreamh atá faoi réir na dtéarmaí arna gcomhaontú idir an t-úsáideoir sonraí agus an custaiméir tráth an cheada. Ba cheart custaiméir a chur ar an eolas faoi na téarmaí is infheidhme freisin nuair a athbhunaítear cead. Thairis sin, ba cheart ceanglais uile RGCS a chur san áireamh.

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) Leis an Rialachán seo, tugtar isteach oibleagáid dhlíthiúil nua ar institiúidí airgeadais a ***ghníomhaíonn*** mar shealbhóirí sonraí ***chun catagóirí*** sainithe sonraí ***a chomhroinnt arna iarraidh sin don chustaiméir***. An oibleagáid atá ar shealbhóirí sonraí ***chun na sonraí sin a chomhroinnt*** arna iarraidh sin don chustaiméir, ba cheart í a shonrú trí chaighdeáin a aithnítear go ginearálta a chur ar fáil chun a áirithiú freisin go bhfuil ***an chomhroinnt*** sonraí ar chaighdeán sách ard. ***Ba*** cheart don sealbhóir sonraí sonraí custaiméara a chur ar fáil ***go leanúnach*** chun na gcríoch agus faoi na coinníollacha a bhfuil cead tugtha ag an gcustaiméir d'úsáideoir sonraí ina leith. D'fhéadfadh iliomad iarrataí a bheith i gceist le rochtain leanúnach chun sonraí custaiméara a chur ar fáil chun an tseirbhís ***a comhaontaíodh*** leis an gcustaiméir a chomhlíonadh. D'fhéadfadh rochtain aon uaire ar shonraí custaiméara a bheith i gceist freisin. Cé go bhfuil sealbhóir na sonraí freagrach as an gcomhéadan a bheith ar fáil agus as cáilíocht ***leordhóthanach*** a bheith sa chomhéadan, féadfaidh an sealbhóir sonraí, chomh maith le hinstitiúid airgeadais eile, soláthraí seachtrach TF, comhlachas tionscail nó grúpa institiúidí airgeadais, nó comhlacht poiblí i mBallstát, an comhéadan a sholáthar. I gcás institiúidí	(24) Leis an Rialachán seo, tugtar isteach oibleagáid dhlíthiúil nua ar institiúidí airgeadais***, nuair*** a ***bhíonn comhaltaí de scéim um rochtain ar shonraí airgeadais ag gníomhú*** mar shealbhóirí sonraí***, rochtain a thabhairt d'úsáideoirí sonraí ar chatagóirí*** sainithe sonraí ***atá ar fáil i bhfoirm dhigiteach***. An oibleagáid atá ar shealbhóirí sonraí ***rochtain a thabhairt ar shonraí*** arna iarraidh sin ***go sainráite*** don chustaiméir, ba cheart í a shonrú trí chaighdeáin a aithnítear go ginearálta a chur ar fáil chun a áirithiú freisin go bhfuil ***na*** sonraí ***arna rochtain*** ar chaighdeán sách ard. ***Níor*** cheart don sealbhóir sonraí sonraí custaiméara a chur ar fáil ***ach*** chun na gcríoch agus faoi na coinníollacha a bhfuil cead tugtha ***go sainráite*** ag an gcustaiméir d'úsáideoir sonraí ina leith ***le haghaidh seirbhís shonrach atá sainaitheanta go soiléir ag an gcustaiméir, i gcás inarb ábhartha agus inarb indéanta go teicniúil, ar bhonn leanúnach agus i bhfíor-am***. D'fhéadfadh iliomad iarrataí a bheith i gceist le rochtain leanúnach chun sonraí custaiméara a chur ar fáil chun an tseirbhís ***arna comhaontú*** leis an gcustaiméir a chomhlíonadh. D'fhéadfadh rochtain aon uaire ar shonraí custaiméara a bheith i gceist freisin. Cé go bhfuil sealbhóir na sonraí freagrach as an gcomhéadan a

um sholáthar pinsean ceirde, is féidir an comhéadan a chomhtháthú i ndeaiseanna pinsin a chumhdaíonn raon faisnéise ***níos leithne***, ar choinníoll go gcomhlíonann sé ceanglais an Rialacháin seo.	bheith ar fáil agus as cáilíocht ***leormhaith*** a bheith sa chomhéadan, féadfaidh an sealbhóir sonraí, chomh maith le hinstitiúid airgeadais eile, soláthraí seachtrach TF, comhlachas tionscail nó grúpa institiúidí airgeadais, nó comhlacht poiblí i mBallstát, an comhéadan a sholáthar. I gcás institiúidí um sholáthar pinsean ceirde, is féidir an comhéadan a chomhtháthú i ndeaiseanna pinsin ***nó i seirbhísí rianaithe pinsin atá ann cheana*** a chumhdaíonn raon ***leathan*** faisnéise, ar choinníoll go gcomhlíonann sé ceanglais an Rialacháin seo.

Or. en

Réasúnú

Ba cheart do chustaiméirí cead sainráite a thabhairt rochtain a dheonú ar a gcuid sonraí. Ina theannta sin, ba cheart sonraí a bheith ar fáil i bhfoirm dhigiteach. Ar deireadh, moltar dúbláil neamhriachtanach ar sheirbhísí rianaithe pinsin atá ann cheana a sheachaint.

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(25) Chun an idirghníomhaíocht chonarthach agus theicniúil is gá ***a chumasú*** chun rochtain ar shonraí a chur chun feidhme idir institiúidí airgeadais éagsúla, ba cheart ceangal a bheith ar shealbhóirí sonraí agus úsáideoirí sonraí a bheith ina gcuid de scéimeanna um ***chomhroinnt sonraí*** airgeadais. Ba cheart go bhforbródh na scéimeanna sin caighdeáin sonraí agus comhéadain, creataí conarthacha caighdeánaithe comhpháirteacha lena rialaítear rochtain ar thacair sonraí sonracha, agus rialacha rialachais a bhaineann le ***comhroinnt*** sonraí. Chun a áirithiú go bhfeidhmíonn scéimeanna go héifeachtach, is gá prionsabail ghinearálta a bhunú le haghaidh rialachas na scéimeanna sin, lena n-áirítear	(25) Chun ***go bhféadfar*** an idirghníomhaíocht chonarthach agus theicniúil is gá chun rochtain ar shonraí a chur chun feidhme idir institiúidí airgeadais éagsúla ***a dhéanamh***, ba cheart ceangal a bheith ar shealbhóirí sonraí agus úsáideoirí sonraí a bheith ina gcuid de scéimeanna um ***rochtain ar shonraí*** airgeadais. Ba cheart go bhforbródh na scéimeanna sin caighdeáin sonraí agus comhéadain, creataí conarthacha caighdeánaithe comhpháirteacha lena rialaítear rochtain ar thacair sonraí sonracha, agus rialacha rialachais a bhaineann le ***rochtain ar shonraí agus athúsáid*** sonraí. Chun a áirithiú go bhfeidhmíonn scéimeanna go héifeachtach, is gá prionsabail ghinearálta a bhunú le

rialacha maidir le rialachas cuimsitheach agus rannpháirtíocht sealbhóirí sonraí, úsáideoirí sonraí agus custaiméirí (chun ionadaíocht chothrom i scéimeanna a áirithiú), ceanglais trédhearcachta, agus nós imeachta achomhairc agus athbhreithnithe dea-fheidhmiúil (go háirithe maidir le cinnteoireacht scéimeanna). Ní mór ***do*** scéimeanna um ***chomhroinnt sonraí*** airgeadais rialacha an Aontais a chomhlíonadh maidir le cosaint tomhaltóirí agus cosaint sonraí, príobháideachas agus iomaíocht. Déantar na rannpháirtithe i scéimeanna den sórt sin a spreagadh freisin ***chun*** cóid iompair a tharraingt suas ***atá cosúil leis na cóid iompair a ullmhaíonn rialaitheoirí agus próiseálaithe faoi Airteagal*** 40 de Rialachán (AE) 2016/679. Cé go bhféadfadh scéimeanna den sórt sin cur le tionscnaimh mhargaidh atá ann cheana, ba cheart na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a bheith sonrach do scéimeanna um ***chomhroinnt sonraí*** airgeadais nó do chodanna díobh a úsáideann rannpháirtithe sa mhargadh chun a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh tar éis na sonraí faoi chur i bhfeidhm na n-oibleagáidí sin.

haghaidh rialachas na scéimeanna sin, lena n-áirítear rialacha maidir le rialachas cuimsitheach agus rannpháirtíocht sealbhóirí sonraí, úsáideoirí sonraí agus custaiméirí (chun ionadaíocht chothrom i scéimeanna a áirithiú), ceanglais trédhearcachta, agus nós imeachta achomhairc agus athbhreithnithe dea-fheidhmiúil (go háirithe maidir le cinnteoireacht scéimeanna). Ní mór scéimeanna um ***rochtain ar shonraí*** airgeadais rialacha an Aontais a chomhlíonadh maidir le cosaint tomhaltóirí agus cosaint sonraí, príobháideachas agus iomaíocht. Déantar na rannpháirtithe i scéimeanna den sórt sin a spreagadh freisin ***le*** cóid iompair a tharraingt suas ***i gcomhréir le hAirteagal*** 40 de Rialachán (AE) 2016/679. Cé go bhféadfadh scéimeanna den sórt sin cur le tionscnaimh mhargaidh atá ann cheana, ba cheart na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a bheith sonrach do scéimeanna um ***rochtain ar shonraí*** airgeadais nó do chodanna díobh a úsáideann rannpháirtithe sa mhargadh chun a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh tar éis na sonraí faoi chur i bhfeidhm na n-oibleagáidí sin.

Or. en

Réasúnú

Eascraíonn ‘i gcomhréir le’ as moladh a rinne MECS ina thuairim (pointe 47). Is é is aidhm don soiléiriú ná feabhas a chur ar an tsoiléireacht agus ar an gcomhsheasmhacht.

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) Ba cheart gurb é a bheadh i scéim um ***chomhroinnt sonraí*** airgeadais comhaontú conarthach comhchoiteann idir	(26) Ba cheart gurb é a bheadh i scéim um ***rochtain ar shonraí*** airgeadais comhaontú conarthach comhchoiteann idir

sealbhóirí sonraí agus úsáideoirí sonraí arb é is cuspóir dó éifeachtúlacht agus nuálaíocht theicniúil a chur chun cinn i ***gcomhroinnt sonraí*** airgeadais chun leasa custaiméirí. I gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le hiomaíocht, níor cheart ***do*** scéim um ***chomhroinnt sonraí*** airgeadais ***a fhorchur ar a comhaltaí*** ach na srianta sin atá riachtanach chun a cuspóirí a bhaint amach agus atá comhréireach leis na cuspóirí sin. Níor cheart ***di*** deis a ***thabhairt dá comhaltaí*** iomaíocht a chosc, a shrianadh ***nó*** a shaobhadh i ndáil le cuid shubstaintiúil den mhargadh ábhartha.	sealbhóirí sonraí agus úsáideoirí sonraí arb é is cuspóir dó éifeachtúlacht agus nuálaíocht theicniúil a chur chun cinn i ***rochtain ar shonraí*** airgeadais chun leasa custaiméirí. I gcomhréir le rialacha an Aontais maidir le hiomaíocht, níor cheart scéim um ***rochtain ar shonraí*** airgeadais ach na srianta sin atá riachtanach chun a cuspóirí a bhaint amach agus atá comhréireach leis na cuspóirí sin ***a fhorchur ar a comhaltaí***. Níor cheart deis a ***bheith ann do chomhaltaí na scéime*** iomaíocht a chosc, a shrianadh ***ná*** a shaobhadh i ndáil le cuid shubstaintiúil den mhargadh ábhartha.

Or. en

Réasúnú

Moltar teanga a úsáid lena ndírítear, ar bhealach níos soiléire, ar chearta rochtana sonraí a leagan síos do thomhaltóirí agus do chustaiméirí gnó. Thar aon ní eile, ba cheart go gcuirfeadh FiDA ar chumas custaiméirí smacht a bheith acu ar a gcuid sonraí ionas gur féidir leo iad a rochtain agus a athúsáid de réir mar is cuí leo.

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(28) Ba cheart cead a thabhairt do shealbhóirí sonraí agus d'úsáideoirí sonraí na caighdeáin mhargaidh atá ann cheana ***a úsáid*** agus caighdeáin choiteanna á bhforbairt acu maidir le ***comhroinnt*** éigeantach ***sonraí***.	(28) Ba cheart cead a thabhairt do shealbhóirí sonraí agus d'úsáideoirí sonraí ***úsáid a bhaint as*** na caighdeáin mhargaidh ***agus na bonneagair mhargaidh*** atá ann cheana ***le haghaidh comhéadain theicniúla amhail comhéadan feidhmchláir*** agus caighdeáin choiteanna á bhforbairt acu maidir le ***rochtain*** éigeantach ***ar shonraí***.

Or. en

Réasúnú

Moltar go bhféadfaidh an tionscal cur leis na bonneagair atá ann cheana le haghaidh

comhéadain theicniúla, toisc go bhféadfadh sé sin a bheith ina mhodh costéifeachtach chun aistriú éifeachtúil a áirithiú d'institiúidí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith lasmuigh de raon feidhme PSD3 ach a d'fhéadfadh teacht faoi raon feidhme FiDA.

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(29) Chun a áirithiú go bhfuil sé de leas ag sealbhóirí sonraí ***comhéadain*** ardcháilíochta a sholáthar chun sonraí a chur ar fáil d'úsáideoirí sonraí, ba cheart ***do shealbhóirí*** sonraí a bheith in ann cúiteamh réasúnta a iarraidh ar úsáideoirí sonraí as comhéadain feidhmchláir a chur ***i bhfeidhm***. Dá n-éascófaí rochtain ar shonraí in aghaidh cúitimh, d'áiritheofaí dáileadh cothrom na ***gcostas gaolmhar*** idir sealbhóirí sonraí agus úsáideoirí sonraí i slabhra luacha na sonraí. I gcásanna inar FBM an t-úsáideoir sonraí, ba cheart comhréireacht do rannpháirtithe ***níos lú*** sa mhargadh a áirithiú trí chúiteamh a theorannú go docht do na costais a thabhaítear ***chun*** rochtain ar shonraí a éascú. An tsamhail chun leibhéal an chúitimh a chinneadh, ba cheart í a shainiú mar chuid de na scéimeanna um ***chomhroinnt sonraí*** airgeadais dá bhforáiltear sa Rialachán seo.	(29) Chun a áirithiú go bhfuil sé de leas ag sealbhóirí sonraí ***infheistiú i gcomhéadain*** ardcháilíochta***, agus iad*** a sholáthar***,*** chun sonraí a chur ar fáil d'úsáideoirí sonraí, ***agus fós ualaí iomarcacha ar rochtain ar shonraí agus ar úsáid sonraí a d'fhágfadh rochtain ar shonraí gan a bheith inmharthana ó thaobh tráchtála de a thuilleadh a sheachaint,*** ba cheart ***sealbhóirí*** sonraí a bheith in ann cúiteamh réasúnta a iarraidh ar úsáideoirí sonraí ***i leith na gcostas arna dtabhú*** as ***rochtain a sholáthar ar a gcuid sonraí, lena n-áirítear na costais a bhaineann le*** comhéadain feidhmchláir a chur ***ar bun agus a choinneáil ar bun***. Dá n-éascófaí rochtain ar shonraí in aghaidh cúitimh, d'áiritheofaí dáileadh cothrom ***ar*** na ***costais ghaolmhara*** idir sealbhóirí sonraí agus úsáideoirí sonraí i slabhra luacha na sonraí. I gcásanna inar FBM an t-úsáideoir sonraí, ba cheart comhréireacht do rannpháirtithe ***beaga*** sa mhargadh a áirithiú trí chúiteamh a theorannú go docht do na costais a thabhaítear ***as*** rochtain ar shonraí a éascú***, agus fós a áirithiú go mbíonn dóthain dreasachtaí ann chun glacadh ar an margadh agus iomaíocht éifeachtach a chothú***. An tsamhail chun leibhéal an chúitimh a chinneadh, ba cheart í a shainiú mar chuid de na scéimeanna um ***rochtain ar shonraí*** airgeadais ***amhail*** dá bhforáiltear sa Rialachán seo. ***I gcomhréir le Rialachán (AE) [XXXX/XXXX] (an Gníomh um Shonraí), ba cheart don Choimisiún treoirlínte a ghlacadh maidir***

le cúiteamh réasúnta a ríomh.

Or. en

Réasúnú

Ailíniú níos dlúithe leis an nGníomh um Shonraí (aithris 46).

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Aithri 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(30) Ba cheart go mbeadh a fhios ag custaiméirí cad iad na cearta atá acu i gcás ina dtagann fadhbanna chun cinn nuair a ***chomhroinntear*** sonraí agus cé na daoine ar cheart dóibh teagmháil a dhéanamh leo le cúiteamh a lorg. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar chomhaltaí na scéime um ***chomhroinnt sonraí*** airgeadais, lena n-áirítear sealbhóirí sonraí agus úsáideoirí sonraí, teacht ar chomhaontú maidir leis an dliteanas conarthach i leith sáruithe sonraí ***chomh maith le*** conas díospóidí maidir le dliteanas a d'fhéadfadh a bheith ann idir sealbhóirí sonraí agus úsáideoirí sonraí a réiteach. Ba cheart na ceanglais sin a bheith dírithe ar rialacha dliteanais a bhunú, mar chuid d'aon chonradh, ***chomh maith le hoibleagáidí*** agus cearta soiléire chun dliteanas a chinneadh idir an sealbhóir sonraí agus úsáideoir na sonraí. Ba cheart saincheisteanna dliteanais a bhaineann leis na tomhaltóirí mar ábhair sonraí a bheith bunaithe ar Rialachán (AE) 2016/679, go háirithe an ceart chun cúitimh agus dliteanais faoi Airteagal 82 den Rialachán sin.	(30) Ba cheart go mbeadh a fhios ag custaiméirí cad iad na cearta atá acu i gcás ina dtagann fadhbanna chun cinn nuair a ***dhéantar*** sonraí ***a rochtain*** agus cé na daoine ar cheart dóibh teagmháil a dhéanamh leo le cúiteamh a lorg. Dá bhrí sin, ba cheart a cheangal ar chomhaltaí na scéime um ***rochtain ar shonraí*** airgeadais, lena n-áirítear sealbhóirí sonraí agus úsáideoirí sonraí, teacht ar chomhaontú maidir leis an dliteanas conarthach i leith sáruithe sonraí***, i leith cúiteamh do chustaiméirí nuair a bhaintear mí-úsáid as sonraí, lena n-áirítear nuair a aistrítear chuig tríú páirtí iad gan cead sainráite ón gcustaiméir, agus freisin i leith*** conas díospóidí maidir le dliteanas a d'fhéadfadh a bheith ann idir sealbhóirí sonraí agus úsáideoirí sonraí a réiteach. Ba cheart na ceanglais sin a bheith dírithe ar rialacha dliteanais a bhunú, mar chuid d'aon chonradh, agus ***freisin ar oibleagáidí agus*** cearta soiléire chun dliteanas a chinneadh idir an sealbhóir sonraí agus úsáideoir na sonraí. Ba cheart saincheisteanna dliteanais a bhaineann leis na tomhaltóirí mar ábhair sonraí a bheith bunaithe ar Rialachán (AE) 2016/679, go háirithe an ceart chun cúitimh agus dliteanais faoi Airteagal 82 den Rialachán sin.

Or. en

Réasúnú

Ba cheart, trí scéimeanna um rochtain ar shonraí airgeadais, cúiteamh a sholáthar do chustaiméirí i gcás mí-úsáid a bheith bainte as sonraí custaiméara.

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 32

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(32) Ba cheart ***d'***úsáideoirí sonraí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a bheith faoi réir cheanglais Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle*** agus, dá bhrí sin, ***ba cheart é*** a bheith ***d'oibleagáid*** orthu caighdeáin láidre chibear-athléimneachta a bheith i bhfeidhm acu chun a gcuid gníomhaíochtaí a dhéanamh. Áirítear air sin cumais chuimsitheacha a bheith acu ***lena gcumasaítear*** bainistíocht riosca TFC láidir agus éifeachtach, chomh maith le sásraí agus beartais shonracha le haghaidh na teagmhais uile a bhaineann le TFC a láimhseáil agus na teagmhais mhóra a bhaineann le TFC a thuairisciú. Na húsáideoirí sonraí a údaraítear agus a ndéantar faireachán orthu mar sholáthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais faoin Rialachán seo, ba cheart dóibh an cur chuige céanna agus na rialacha céanna atá bunaithe ar phrionsabail a leanúint agus iad ag tabhairt aghaidh ar rioscaí TFC agus aird á tabhairt ar mhéid agus próifíl riosca fhoriomlán na n-eintiteas, agus ar chineál, scála agus castacht a seirbhísí, a ngníomhaíochtaí agus a n-oibríochtaí. Dá bhrí sin, ba cheart soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais a áireamh i raon feidhme Rialachán (AE) 2022/2554.	(32) Ba cheart úsáideoirí sonraí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo a bheith faoi réir cheanglais Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[18] agus, dá bhrí sin, ***oibleagáid*** a bheith orthu caighdeáin láidre chibear-athléimneachta a bheith i bhfeidhm acu chun a gcuid gníomhaíochtaí a dhéanamh. Áirítear air sin cumais chuimsitheacha a bheith acu ***i dtreo is go mbeadh*** bainistíocht riosca ***teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (***TFC***)*** láidir agus éifeachtach ***ann***, chomh maith le sásraí agus beartais shonracha le haghaidh na teagmhais uile a bhaineann le TFC a láimhseáil agus na teagmhais mhóra a bhaineann le TFC a thuairisciú. Na húsáideoirí sonraí a údaraítear agus a ndéantar faireachán orthu mar sholáthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais faoin Rialachán seo, ba cheart dóibh an cur chuige céanna agus na rialacha céanna atá bunaithe ar phrionsabail a leanúint agus iad ag tabhairt aghaidh ar rioscaí TFC agus aird á tabhairt ar mhéid agus próifíl riosca fhoriomlán na n-eintiteas, agus ar chineál, scála agus castacht a seirbhísí, a ngníomhaíochtaí agus a n-oibríochtaí. Dá bhrí sin, ba cheart soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais a áireamh i raon feidhme Rialachán (AE) 2022/2554.
[18] Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14	[18] Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14

Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1).	Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1).

Or. en

Réasúnú

An giorrúchán 'TFC' a thabhairt isteach.

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 33

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(33) Chun maoirseacht éifeachtach a ***chumasú*** agus chun deireadh a chur leis an bhféidearthacht ***chun*** maoirseacht a sheachaint nó teacht timpeall uirthi, ní mór ***soláthraithe*** seirbhísí faisnéise airgeadais a ***ionchorprú go dlíthiúil san Aontas nó i gcás ina bhfuil siad ionchorpraithe i dtríú tír ní mór ionadaí dlíthiúil a cheapadh san Aontas***. Is gá do na húdaráis inniúla maoirseacht éifeachtach a dhéanamh chun ceanglais faoin Rialachán seo a fhorfheidhmiú chun sláine agus cobhsaíocht an chórais airgeadais a áirithiú agus chun tomhaltóirí a chosaint. An ceanglas ***maidir le*** soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais a ionchorprú go dlíthiúil san Aontas ***nó ionadaí dlíthiúil a cheapadh san Aontas***, ní logánú sonraí é ós rud é nach bhfuil aon cheanglas breise maidir le próiseáil sonraí i gceist leis an Rialachán seo, lena n-áirítear stóráil atá le déanamh san Aontas.	(33) Chun ***go bhféadfar*** maoirseacht éifeachtach a ***dhéanamh*** agus chun deireadh a chur leis an bhféidearthacht maoirseacht a sheachaint nó teacht timpeall uirthi, ní mór ***daoine dlítheanacha a bhfuil oifig chláraithe acu i mBallstát ina bhfuil sé de rún acu gníomhaíochtaí gnó substainteacha a dhéanamh, nó ina ndéanann siad gníomhaíochtaí gnó substainteacha, agus iad sin amháin,*** seirbhísí faisnéise airgeadais a ***sholáthar***. Is gá do na húdaráis inniúla maoirseacht éifeachtach a dhéanamh chun ***na*** ceanglais faoin Rialachán seo a fhorfheidhmiú chun sláine agus cobhsaíocht an chórais airgeadais a áirithiú agus chun tomhaltóirí a chosaint. An ceanglas soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais a ionchorprú go dlíthiúil san Aontas, ní logánú sonraí é ós rud é nach bhfuil aon cheanglas breise maidir le próiseáil sonraí i gceist leis an Rialachán seo, lena n-áirítear stóráil atá le déanamh san Aontas.

Or. en

Réasúnú

Chun cothroime iomaíochta a bheith ann, chun nach gcuirfear an mhaoirseacht éifeachtach ar na gníomhaithe nua sin i mbaol, agus chun custaiméirí a chosaint ar mhí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as a gcuid sonraí, moltar deireadh a chur leis an bhféidearthacht atá ann do ghnóthais nach bhfuil bunaithe san Aontas tairbhe a bhaint as údarú mar FISP. Níor cheart cead a bheith ag soláthraithe tríú tír gníomhaíochtaí a dhéanamh mura bhfuil siad ceadúnaithe i gceart i leith gníomhaíochtaí den sórt sin i mBallstát sonrach. Níl rogha den sórt sin ann faoi PSD2 ach oiread i leith e.g. AISPanna agus, dá bhrí sin, bheadh staid idirdhealaitheach ann idir FISPanna agus AISPanna.

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 34

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(34) Ba cheart soláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais a údarú i ndlínse an Bhallstáit ina bhfuil a phríomhbhunaíocht lonnaithe, is é sin, áit a bhfuil ceannoifig nó oifig chláraithe an tsoláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais ina ndéantar na príomhfheidhmeanna agus an rialú oibríochtúil a fheidhmiú. ***Maidir le soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais nach bhfuil bunaíocht acu san Aontas ach a bhfuil rochtain ar shonraí san Aontas de dhíth orthu agus a thagann, dá bhrí sin, faoi raon feidhme an Rialacháin seo, ba cheart dlínse a bheith ag an mBallstát ina bhfuil a n-ionadaí dlíthiúil ceaptha ag na soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais sin, i bhfianaise fheidhm na n-ionadaithe dlíthiúla faoin Rialachán seo.***	(34) Ba cheart soláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais a údarú i ndlínse an Bhallstáit ina bhfuil a phríomhbhunaíocht lonnaithe, is é sin, ***an*** áit a bhfuil ***sé de rún ag an soláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais gníomhaíochtaí gnó substainteacha a dhéanamh agus an áit a bhfuil*** ceannoifig nó oifig chláraithe an tsoláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais ina ndéantar na príomhfheidhmeanna agus an rialú oibríochtúil a fheidhmiú.

Or. en

Réasúnú

Chun cothroime iomaíochta a bheith ann, chun nach gcuirfear an mhaoirseacht éifeachtach ar na gníomhaithe nua sin i mbaol, agus chun custaiméirí a chosaint ar mhí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as a gcuid sonraí, moltar deireadh a chur leis an bhféidearthacht atá ann do ghnóthais nach bhfuil bunaithe san Aontas tairbhe a bhaint as údarú mar FISP. Níor cheart cead a bheith ag soláthraithe tríú tír gníomhaíochtaí a dhéanamh mura bhfuil siad

ceadúnaithe i gceart i leith gníomhaíochtaí den sórt sin i mBallstát sonrach. Níl rogha den sórt sin ann faoi PSD2 ach oiread i leith e.g. AISPanna agus, dá bhrí sin, bheadh staid idirdhealaitheach ann idir FISPanna agus AISPanna.

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 35

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(35) Chun trédhearcacht maidir le rochtain ar shonraí agus soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais a éascú, ba cheart do ***ÚBE*** clár a bhunú de sholáthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais a údaraítear faoin Rialachán seo, chomh maith le scéimeanna um ***chomhroinnt sonraí*** airgeadais arna gcomhaontú idir sealbhóirí sonraí agus úsáideoirí sonraí.	(35) Chun trédhearcacht maidir le rochtain ar shonraí agus soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais a éascú, ba cheart do ***na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha*** clár a bhunú de sholáthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais a údaraítear faoin Rialachán seo, chomh maith le scéimeanna um ***rochtain ar shonraí*** airgeadais arna gcomhaontú idir sealbhóirí sonraí agus úsáideoirí sonraí.

Or. en

Réasúnú

Moltar gur cheart na ÚMEanna a bheith freagrach go comhpháirteach as an gclár.

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 47

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(47) ***Bunaítear*** leis an ***togra le haghaidh Gníomh*** um Shonraí [Rialachán (AE) XX] creat cothrománach le haghaidh rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí ar fud an Aontais. Comhlánaíonn an Rialachán seo agus sonraítear leis an Rialachán seo na rialacha a leagtar síos sa ***togra le haghaidh Gníomh*** um Shonraí [Rialachán (AE) XX]. Dá bhrí sin, tá feidhm ag na rialacha sin freisin maidir le ***comhroinnt sonraí*** a rialaítear leis an Rialachán seo. Áirítear leis	(47) Leis an ***nGníomh*** um Shonraí [Rialachán (AE) XX]***, bunaítear*** creat cothrománach le haghaidh rochtain ar shonraí agus úsáid sonraí ar fud an Aontais. Comhlánaíonn an Rialachán seo agus sonraítear leis an Rialachán seo na rialacha a leagtar síos sa ***Ghníomh*** um Shonraí [Rialachán (AE) XX]. Dá bhrí sin, tá feidhm ag na rialacha sin freisin maidir le ***rochtain ar shonraí*** a rialaítear leis an Rialachán seo. Áirítear leis sin forálacha

sin forálacha maidir leis na coinníollacha faoina ndéanann sealbhóirí sonraí na sonraí a chur ar fáil d'fhaighteoirí sonraí, maidir le cúiteamh, comhlachtaí um réiteach díospóidí chun comhaontuithe a éascú idir páirtithe ***comhroinnte*** sonraí, bearta cosanta teicniúla, rochtain idirnáisiúnta agus aistriú sonraí agus maidir le húsáid údaraithe nó nochtadh sonraí.	maidir leis na coinníollacha faoina ndéanann sealbhóirí sonraí na sonraí a chur ar fáil d'fhaighteoirí sonraí, maidir le cúiteamh, comhlachtaí um réiteach díospóidí chun comhaontuithe a éascú idir páirtithe ***rochtana*** sonraí, bearta cosanta teicniúla, rochtain idirnáisiúnta agus aistriú sonraí agus maidir le húsáid údaraithe nó nochtadh sonraí.

Or. en

Réasúnú

Glacadh an Gníomh um Shonraí idir an dá linn; foilseofar in IO go luath é. Thairis sin, moltar teanga a úsáid lena ndírítear, ar bhealach níos soiléire, ar chearta rochtana sonraí a leagan síos do thomhaltóirí agus do chustaiméirí gnó. Thar aon ní eile, ba cheart go gcuirfeadh FiDA ar chumas custaiméirí smacht a bheith acu ar a gcuid sonraí ionas gur féidir leo iad a rochtain agus a athúsáid de réir mar is cuí leo.

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 48

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(48) ***Tá feidhm ag*** Rialachán (AE) 2016/679 ***nuair a dhéantar sonraí pearsanta a phróiseáil***. Déantar foráil ***ann maidir le cearta*** ábhair sonraí, lena n-áirítear an ceart rochtana agus an ceart sonraí pearsanta a iompar. Tá an Rialachán seo gan dochar do chearta ábhair sonraí dá bhforáiltear faoi Rialachán (AE) 2016/679, lena n-áirítear an ceart rochtana agus an ceart chun iniomparthachta sonraí. Leis an Rialachán seo, cruthaítear oibleagáid dhlíthiúil sonraí pearsanta agus neamhphearsanta custaiméara a ***chomhroinnt*** arna iarraidh sin don chustaiméir agus tugtar sainordú leis an bhféidearthacht theicniúil maidir le rochtain ***agus comhroinnt*** le haghaidh gach cineál ***sonraí*** faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Tá deonú ceada ag custaiméir gan dochar d'oibleagáidí	(48) ***Ba cheart próiseáil sonraí pearsanta i gcomhthéacs an Rialacháin seo a dhéanamh i gcomhréir le*** Rialachán (AE) 2016/679 ***agus Rialachán (AE) 2018/1725, agus freisin, i gcás inarb infheidhme, le Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] (an Treoir maidir le r-phríobháideachas)***. Déantar foráil ***i Rialachán (AE) 2016/679 do chearta*** ábhair sonraí, lena n-áirítear an ceart rochtana agus an ceart sonraí pearsanta a iompar. Tá an Rialachán seo gan dochar do chearta ábhair sonraí dá bhforáiltear faoi Rialachán (AE) 2016/679, lena n-áirítear an ceart rochtana agus an ceart chun iniomparthachta sonraí. Leis an Rialachán seo, cruthaítear oibleagáid dhlíthiúil ***rochtain a sholáthar ar shonraí pearsanta agus neamhphearsanta custaiméara, agus***

úsáideoirí sonraí faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/679. Níor cheart sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil d'úsáideoir sonraí ***agus*** a ***chomhroinntear leis a*** phróiseáil ach amháin le haghaidh seirbhísí arna soláthar ag úsáideoir sonraí i gcás ina bhfuil bunús dlí bailí ann faoi Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2016/679 agus, i gcás inarb infheidhme, i gcás ina gcomhlíontar ceanglais Airteagal 9 den Rialachán sin maidir le catagóirí speisialta sonraí a phróiseáil.	***athúsáid*** sonraí pearsanta agus neamhphearsanta custaiméara a ***chumasú,*** arna iarraidh sin don chustaiméir agus tugtar sainordú leis an bhféidearthacht theicniúil maidir le rochtain le haghaidh gach cineál ***sonra*** faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Tá deonú ceada ag custaiméir gan dochar d'oibleagáidí úsáideoirí sonraí faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/679. Níor cheart ***cead a fhorléiriú mar 'toiliú' ná mar 'riachtanas le haghaidh conradh a chomhlíonadh' mar a shainítear i Rialachán (AE) 2016/679. Níor cheart*** sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil d'úsáideoir sonraí a phróiseáil ach amháin le haghaidh seirbhísí arna soláthar ag úsáideoir sonraí i gcás ina bhfuil bunús dlí bailí ann faoi Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2016/679 agus, i gcás inarb infheidhme, i gcás ina gcomhlíontar ceanglais Airteagal 9 den Rialachán sin maidir le catagóirí speisialta sonraí a phróiseáil. ***[1a] Treoir 2002/58/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le cosaint príobháideachais san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37).***

Or. en

Réasúnú

Moladh arna dhéanamh ag MECS ina thuairim (pointí 9 agus 18). Is fóinteach treoir níos soiléire a bheith ann maidir leis an idirghníomhaíocht idir sásra ceada FiDA agus bunús dlí RGCS.

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 50

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(50) Ní dhéanann an Rialachán seo difear do na forálacha a bhaineann le rochtain ar shonraí ***agus comhroinnt sonraí*** i reachtaíocht seirbhísí airgeadais an Aontais, is é sin an méid seo a leanas: (i) na forálacha maidir le rochtain ar thagarmharcanna agus an córas rochtana do dhíorthaigh arna dtrádáil ar mhalartán idir ionaid trádála agus Contrapháirtithe Lárnacha a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***; (ii) na rialacha maidir le rochtain creidiúnaithe ar ***bhunachar*** sonraí faoi Threoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***; (iii) na rialacha maidir le rochtain ar stórtha urrúsúcháin faoi Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***; (iv) na rialacha maidir leis an gceart ráiteas faoi stair na n-éileamh a iarraidh ar an árachóir agus maidir le rochtain ar stórtha lárnacha ar na sonraí bunúsacha is gá chun éilimh a shocrú faoi Threoir 2009/103/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***; (v) an ceart chun rochtain a fháil ar na sonraí pearsanta uile is gá agus iad a aistriú chuig soláthraí nua Táirge Pinsin Phearsanta uile-Eorpaigh faoi Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***; agus (vi) na forálacha maidir le seachfhoinsiú agus spleáchas faoi Threoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle. Ina theannta*** sin, ní dhéanann an Rialachán seo difear do chur i bhfeidhm rialacha iomaíochta an Aontais ná rialacha iomaíochta náisiúnta an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ná aon ghnímh thánaistigh de chuid an Aontais. Tá an Rialachán seo gan dochar freisin do shonraí a rochtain***, a***	(50) Ní dhéanann an Rialachán seo difear do na forálacha a bhaineann le rochtain ar shonraí i reachtaíocht seirbhísí airgeadais an Aontais, is é sin an méid seo a leanas: (i) na forálacha maidir le rochtain ar thagarmharcanna agus an córas rochtana do dhíorthaigh arna dtrádáil ar mhalartán idir ionaid trádála agus Contrapháirtithe Lárnacha a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[22] ; (ii) na rialacha maidir le rochtain creidiúnaithe ar ***an mbunachar*** sonraí faoi Threoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[23] ; (iii) na rialacha maidir le rochtain ar stórtha urrúsúcháin faoi Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[24] ; (iv) na rialacha maidir leis an gceart ráiteas faoi stair na n-éileamh a iarraidh ar an árachóir agus maidir le rochtain ar stórtha lárnacha ar na sonraí bunúsacha is gá chun éilimh a shocrú faoi Threoir 2009/103/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[25] ; (v) an ceart chun rochtain a fháil ar na sonraí pearsanta uile is gá agus iad a aistriú chuig soláthraí nua Táirge Pinsin Phearsanta uile-Eorpaigh faoi Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[26] ; agus (vi) na forálacha maidir le seachfhoinsiú agus spleáchas faoi Threoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[27] ***. Thairis*** sin, ní dhéanann an Rialachán seo difear do chur i bhfeidhm rialacha iomaíochta an Aontais ná rialacha iomaíochta náisiúnta an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ná aon ghnímh thánaistigh de chuid an Aontais. Tá an Rialachán seo gan dochar freisin do shonraí a rochtain agus a úsáid gan úsáid a bhaint as na hoibleagáidí maidir le rochtain

chomhroinnt agus a úsáid gan úsáid a bhaint as na hoibleagáidí maidir le rochtain ar shonraí a bhunaítear leis an Rialachán seo ar bhonn conarthach amháin.

ar shonraí a bhunaítear leis an Rialachán seo ar bhonn conarthach amháin.

---

[22] Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84).

[23] Treoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le comhaontuithe creidmheasa do thomhaltóirí i dtaca le maoin chónaithe dho-aistrithe agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 060, 28.2.2014, lch. 34).

[24] Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE agus 2011/61/AE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 347, 28.12.2017, lch. 35).

[25] Treoir 2009/103/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le hárachas i gcoinne dliteanas sibhialta i ndáil le húsáid mótarfheithiclí, agus le forfheidhmiú na hoibleagáide chun árachú i gcoinne an dliteanais sin (IO L 263, 7.10.2009, lch. 11).

[26] Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpach (TPPU) (IO L 198, 25.7.2019, lch. 1).

[27] Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir (AE)

---

[22] Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84).

[23] Treoir 2014/17/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le comhaontuithe creidmheasa do thomhaltóirí i dtaca le maoin chónaithe dho-aistrithe agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 060, 28.2.2014, lch. 34).

[24] Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE agus 2011/61/AE agus Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 347, 28.12.2017, lch. 35).

[25] Treoir 2009/103/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le hárachas i gcoinne dliteanas sibhialta i ndáil le húsáid mótarfheithiclí, agus le forfheidhmiú na hoibleagáide chun árachú i gcoinne an dliteanais sin (IO L 263, 7.10.2009, lch. 11).

[26] Rialachán (AE) 2019/1238 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le Táirge Pinsin Phearsanta Uile-Eorpach (TPPU) (IO L 198, 25.7.2019, lch. 1).

[27] Treoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir (AE)

2015/849 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, agus lena leasaítear Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2013/36/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 43).	2015/849 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, agus lena leasaítear Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2013/36/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 43).

Or. en

Réasúnú

Moltar teanga a úsáid lena ndírítear, ar bhealach níos soiléire, ar chearta rochtana sonraí a leagan síos do thomhaltóirí agus do chustaiméirí gnó. Thar aon ní eile, ba cheart go gcuirfeadh FiDA ar chumas custaiméirí smacht a bheith acu ar a gcuid sonraí ionas gur féidir leo iad a rochtain agus a athúsáid de réir mar is cuí leo.

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 51

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(51) Ós rud é go rialaítear ***comhroinnt sonraí*** a bhaineann le cuntais íocaíochta faoi chóras éagsúil a leagtar amach i dTreoir (AE) 2015/2366, meastar gurb iomchuí clásal athbhreithnithe a leagan síos sa Rialachán seo chun go bhféadfaidh an Coimisiún scrúdú a dhéanamh féachaint an ndéanfaidh tabhairt isteach na rialacha faoin Rialachán seo tionchar a imirt ar an gcaoi a ndéanann soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas rochtain ar shonraí agus an mbeadh sé iomchuí na rialacha lena rialaítear ***comhroinnt sonraí*** is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas a chuíchóiriú.	(51) Ós rud é go rialaítear ***rochtain ar shonraí*** a bhaineann le cuntais íocaíochta faoi chóras éagsúil a leagtar amach i dTreoir (AE) 2015/2366, meastar gurb iomchuí clásal athbhreithnithe a leagan síos sa Rialachán seo chun go bhféadfaidh an Coimisiún scrúdú a dhéanamh féachaint an ndéanfaidh tabhairt isteach na rialacha faoin Rialachán seo tionchar a imirt ar an gcaoi a ndéanann soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas rochtain ***a fháil*** ar shonraí agus an mbeadh sé iomchuí na rialacha lena rialaítear ***rochtain ar shonraí*** is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas a chuíchóiriú.

Or. en

Réasúnú

Moltar teanga a úsáid lena ndírítear, ar bhealach níos soiléire, ar chearta rochtana sonraí a leagan síos do thomhaltóirí agus do chustaiméirí gnó. Thar aon ní eile, ba cheart go gcuirfeadh FiDA ar chumas custaiméirí smacht a bheith acu ar a gcuid sonraí ionas gur féidir leo iad a rochtain agus a athúsáid de réir mar is cuí leo.

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 52

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(52) Ós rud é gur cheart ***sainordú a thabhairt do*** ÚBE, ÚEÁPC agus ESMA úsáid a bhaint as a gcumhachtaí i ndáil le soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais, is gá a áirithiú go mbeidh siad in ann a gcumhachtaí agus a gcúraimí uile a fheidhmiú chun a gcuspóirí a chomhlíonadh maidir le leas an phobail a chosaint trí rannchuidiú le cobhsaíocht agus éifeachtacht ghearrthéarmach, mheántéarmach agus fhadtéarmach an chórais airgeadais, do gheilleagar an Aontais, dá shaoránaigh agus dá ghnólachtaí agus chun a áirithiú go gcumhdaítear soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais le ***Rialachán*** (AE) Uimh. ***1093/2010, le Rialachán*** (AE) Uimh. ***1094/2010 agus le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Dá bhrí sin, ba cheart na Rialacháin sin a leasú dá réir sin.	(52) Ós rud é gur cheart ÚBE, ÚEÁPC agus ESMA ***na cuspóirí uile atá leis an Rialachán seo a rialú agus gur cheart sainordú a thabhairt dóibh*** úsáid a bhaint as a gcumhachtaí i ndáil le soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais, is gá a áirithiú go mbeidh siad in ann a gcumhachtaí agus a gcúraimí uile a fheidhmiú chun a gcuspóirí a chomhlíonadh maidir le leas an phobail a chosaint trí rannchuidiú le cobhsaíocht agus éifeachtacht ghearrthéarmach, mheántéarmach agus fhadtéarmach an chórais airgeadais, do gheilleagar an Aontais, dá shaoránaigh agus dá ghnólachtaí agus chun a áirithiú go gcumhdaítear soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais le ***Rialacháin Uimh. 1093/2010[28] ,*** (AE) Uimh. ***1094/2010[29] agus*** (AE) Uimh. ***1095/2010[30]*** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Dá bhrí sin, ba cheart na Rialacháin sin a leasú dá réir sin.
[28] Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).	[28] Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).
[29] Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh	[29] Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh

Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48).	Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48).
[30] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).	[30] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

Or. en

Réasúnú

Tá sé tábhachtach go ndéanfadh ÚMEanna cuspóirí uile FiDA a rialú. Ní hamhlaidh a bhí i gcás ÚBE agus PSD2, nó níor leor an rialú ina leith, rud a d'fhág deacrachtaí suntasacha a bheith ann maidir le cur chun feidhme na Treorach sin.

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 54

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(54) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(2) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle*** agus thug an ***Maoirseoir tuairim an […….]***	(54) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(2) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle[31]*** agus thug ***sé tuairim uaidh*** an ***22 Lúnasa 2023.***
[31] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295,	[31] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295,

21.11.2018, lch. 39).	21.11.2018, lch. 39).

Or. en

Réasúnú

Féach https://edps.europa.eu/data-protection/our-work/publications/opinions/2023-08-22-edps-opinion-382023-regulation-framework-financial-data-access_en.

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Bunaítear leis an Rialachán seo rialacha maidir le rochtain***, comhroinnt agus úsáid catagóirí áirithe*** sonraí custaiméara i seirbhísí airgeadais.	Bunaítear leis an Rialachán seo rialacha maidir le rochtain ***ar chatagóirí*** sonraí custaiméara***, agus athúsáid catagóirí sonraí custaiméara,*** i seirbhísí airgeadais ***a liostaítear in Airteagal 2(1) den Rialachán seo***.

Or. en

Réasúnú

Moltar teanga a úsáid lena ndírítear, ar bhealach níos soiléire, ar chearta rochtana sonraí a leagan síos do thomhaltóirí agus do chustaiméirí gnó. Thar aon ní eile, ba cheart go gcuirfeadh FiDA ar chumas custaiméirí smacht a bheith acu ar a gcuid sonraí ionas gur féidir leo iad a rochtain agus a athúsáid de réir mar is cuí leo. Thairis sin, moltar a shoiléiriú go gcuireann FiDA ar chumas na hearnála airgeadais seirbhísí agus táirgí airgeadais a thairiscint ar bhonn na sonraí a bhfuarthas rochtain orthu. Ina theannta sin, tagairt níos beaichte do na catagóirí sonraí custaiméara.

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le catagóirí speisialta sonraí dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de Rialachán

(AE) 2016/679.

Or. en

Réasúnú

Mar a mhol MECS ina thuairim (pointí 32 agus 33), moltar sonraí íogaire (sonraí Airteagal 9 RGCS) a eisiamh go sainráite ó raon feidhme FiDA.

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Ní dhéanann an Rialachán seo difear do chur i bhfeidhm gníomhartha dlí ***eile*** de chuid an Aontais maidir le rochtain ar shonraí custaiméara agus ***comhroinnt*** na sonraí sin dá dtagraítear i mír 1, mura bhforáiltear go sonrach dó sin sa Rialachán seo.	4. Ní dhéanann an Rialachán seo difear do chur i bhfeidhm gníomhartha ***eile*** dlí de chuid an Aontais maidir le rochtain ar shonraí custaiméara agus ***athúsáid*** na sonraí sin dá dtagraítear i mír 1, mura bhforáiltear go sonrach dó sin sa Rialachán seo.

Or. en

Réasúnú

Moltar teanga a úsáid lena ndírítear, ar bhealach níos soiléire, ar chearta rochtana sonraí a leagan síos do thomhaltóirí agus do chustaiméirí gnó. Thar aon ní eile, ba cheart go gcuirfeadh FiDA ar chumas custaiméirí smacht a bheith acu ar a gcuid sonraí ionas gur féidir leo iad a rochtain agus a athúsáid de réir mar is cuí leo.

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 30 chun liosta na gcatagóirí sonraí custaiméara a fhorlíonadh i raon feidhme an Rialacháin seo a leagtar amach i mír 1

den Airteagal seo chun cásanna úsáide ionchasacha eile a cheadú chun leasa custaiméirí agus tar éis dul i gcomhairle leis na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha.

Or. en

Réasúnú

Chun creat FiDA a dhéanamh slán i bhfad na haimsire, moltar go mbeadh an Coimisiún Eorpach in ann, tar éis dó dul i gcomhairle leis na ÚMEanna, athbhreithniú a dhéanamh ar an raon feidhme sonraí a bhunaítear sa Rialachán trí ghníomh tarmligthe.

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 4 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4b. Tá an Rialachán seo gan dochar do dhlí an Aontais agus don dlí náisiúnta maidir le cosaint sonraí pearsanta, maidir le príobháideachas agus rúndacht cumarsáide agus maidir le sláine trealaimh teirminéil, a mbeidh feidhm acu maidir le sonraí pearsanta a phróiseáiltear i ndáil leis na cearta agus na hoibleagáidí a leagtar síos ann, go háirithe Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725 agus Treoir 2002/58/CE, lena n-áirítear cumhachtaí agus inniúlachtaí na n-údarás maoirseachta agus cearta na n-ábhar sonraí. A mhéid is ábhair sonraí iad úsáideoirí, comhlánóidh na cearta a leagtar síos i gCaibidil II den Rialachán seo ceart rochtana ábhar sonraí agus ceart ábhar sonraí chun iniomparthacht sonraí faoi Airteagail 15 agus 20 de Rialachán (AE) 2016/679. I gcás ina mbeidh coimhlint ann idir an Rialachán seo agus dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta nó príobháideachas, nó an reachtaíocht náisiúnta arna glacadh i gcomhréir leis an dlí sin de chuid an Aontais, is ag dlí

ábhartha an Aontais nó ag an dlí ábhartha náisiúnta maidir le cosaint sonraí pearsanta a bheidh an forlámhas.

Or. en

Réasúnú

Dealraíonn sé gurb iomchuí tagairt níos soiléire a dhéanamh don Rialachán maidir le Cosaint Sonraí. Cóipeáladh an mhír seo ón nGníomh um Shonraí (arna ghlacadh; foilseofar in IO go luath é), Airteagal 1(5).

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) ciallaíonn 'tomhaltóir' ***duine nádúrtha atá ag gníomhú chun críoch eile seachas a cheird nó a ceird, a ghnó nó a gnó, nó a ghairm nó a gairm***;	*(1) ciallaíonn 'tomhaltóir'* ***tomhaltóir mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) de Threoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a];***
	[1a] Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 304, 22.11.2011, lch. 64).

Or. en

Réasúnú

Moltar crostagairt a dhéanamh don sainmhíniú ar 'tomhaltóir' sa Treoir maidir le cearta tomhaltóirí (Treoir 2011/83/AE).

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) ciallaíonn ‘custaiméir’ duine nádúrtha nó dlítheanach a bhaineann úsáid as táirgí agus seirbhísí airgeadais;	(2) ciallaíonn ‘custaiméir’ duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil cónaí air san Aontas agus a bhaineann úsáid as táirgí agus seirbhísí airgeadais;

Or. en

Réasúnú

Moltar teorainn gheografach a chur isteach i gcomhréir le reachtaíocht eile de chuid an Aontais maidir le seirbhísí airgeadais (amhail an Treoir maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, RGCS, an Gníomh um Shonraí).

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) ciallaíonn sonraí ‘sonraí’ aon léiriú digiteach ar ghníomhartha, ar fhíricí nó ar fhaisnéis agus aon tiomsú de ghníomhartha, fíricí nó faisnéis den sórt sin, lena n-áirítear i bhfoirm taifead fuaime, físe nó closamhairc;

Or. en

Réasúnú

Tógtar an sainmhíniú ar shonraí ón nGníomh um Rialachas Sonraí (Rialachán (AE) 2022/868) agus ón nGníomh um Shonraí (arna ghlacadh; foilseofar é in IO go luath).

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) ciallaíonn ‘sonraí custaiméara’ sonraí pearsanta agus neamhphearsanta a bhailíonn, a stórálann agus a phróiseálann institiúid airgeadais ar bhealach eile mar chuid dá ***ngnáthchúrsa gnó le*** custaiméirí lena ***gcumhdaítear*** sonraí arna soláthar ag custaiméir agus sonraí arna nginiúint mar thoradh ar ***idirghníomhaíocht*** custaiméara leis an institiúid airgeadais;	(3) ciallaíonn ‘sonraí custaiméara’ sonraí pearsanta agus neamhphearsanta a bhailíonn, a stórálann agus a phróiseálann institiúid airgeadais ar bhealach eile mar chuid dá ***gnáthchúrsa gnó agus dá caidreamh díreach atá ann cheana lena*** custaiméirí ***i ndáil*** lena ***gníomhaíochtaí údaraithe. Cumhdaítear leis sin*** sonraí arna soláthar ag custaiméir agus sonraí arna nginiúint mar thoradh ar ***idirghníomhú*** custaiméara leis an institiúid airgeadais;

Or. en

Réasúnú

I gcomhréir le tuairim MECS, moltar go n-eisiafaí ó raon feidhme FiDA aon sonraí a bhain sealbhóir sonraí as sonraí arna soláthar ag custaiméir mar thoradh ar phróifíliú nó a thuig sé ó na sonraí sin. Ina theannta sin, moltar an oibleagáid maidir le rochtain ar shonraí a nascadh go sainráite leis na catagóirí sonraí custaiméara sin a bhailíonn, a stórálann nó a phróiseálann an sealbhóir sonraí i ndáil leis an ngníomhaíocht dá bhfuil sé ceadúnaithe.

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) ciallaíonn ‘údarás inniúil’ an t-údarás arna ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir le ***hAirteagal 17 agus le haghaidh institiúidí airgeadais ciallaíonn sé aon cheann de na húdaráis inniúla a liostaítear in Airteagal 46 de Rialachán (AE) 2022/2554***;	(4) ciallaíonn ‘údarás inniúil’ an t-údarás arna ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir le ***hAirteagal 17***;

Or. en

Réasúnú

Cuid den abairt nach bhfuil gá léi i bhfianaise mhír 4 d’Airteagal 17 a scriosadh.

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) ciallaíonn 'sealbhóir sonraí' institiúid airgeadais ***seachas soláthraí seirbhísí faisnéise cuntas*** a bhailíonn, a stórálann ***agus*** a phróiseálann na sonraí a liostaítear in ***Airteagal 2***(1) ***ar shlí eile***;	(5) ciallaíonn 'sealbhóir sonraí' institiúid airgeadais a bhailíonn, a stórálann ***nó*** a phróiseálann ***ar shlí eile*** na sonraí a liostaítear in ***Airteagal 2***(1) ***a bhaineann le custaiméir i gcomhthéacs chaidreamh díreach na hinstitiúide airgeadais leis an gcustaiméir sin***;

Or. en

Réasúnú

Cuid den abairt nach bhfuil gá léi i bhfianaise an tsainmhínithe ar 'institiúid airgeadais' i mír 8 d'Airteagal 3 a scriosadh. Thairis sin, déantar soiléiriú gur eintiteas é sealbhóir sonraí a bhailíonn na sonraí ó chustaiméir a bhfuil caidreamh díreach aige leis.

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6a) ciallaíonn 'seirbhís faisnéise airgeadais' an tseirbhís ar líne lena ndéantar sonraí custaiméara a bhailiú, a chomhdhlúthú, a stóráil agus a phróiseáil i leith custaiméirí;

Or. en

Réasúnú

Moltar sainmhíniú ar 'seirbhís faisnéise airgeadais' a thabhairt isteach. Cuidíonn sé sin le FiDA a ailíniú níos fearr leis an Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta agus tugann sé ról atá cosúil le ról soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas do sholáthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais. Molann MECS freisin sainmhíniú den sórt sin a thabhairt isteach ina thuairim (pointe 43). Tagraítear go sainráite sa sainmhíniú atá molta do 'seirbhís airgeadais', ionas nach n-úsáidfí sonraí custaiméara faoi chreat FiDA chun críocha nach bhfuil aon nasc ar

bith acu le seirbhísí airgeadais.

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 6 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6b) ciallaíonn 'seirbhís airgeadais' aon seirbhís de chineál baincéireachta, creidmheasa, árachais, pinsin phearsanta, infheistíochta nó íocaíochta;

Or. en

Réasúnú

Tá sé sin nasctha leis an moladh sainmhíniú ar 'seirbhís faisnéise airgeadais' a thabhairt isteach. Tógtar an sainmhíniú ó Airteagal 2(b) de Threoir 2002/65/CE maidir le cianmhargú seirbhísí airgeadais tomhaltóirí.

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) ciallaíonn 'soláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais' ***úsáideoir sonraí*** atá údaraithe faoi ***Airteagal 14*** chun rochtain a fháil ar shonraí custaiméara a liostaítear in ***Airteagal 2***(1) chun seirbhísí faisnéise airgeadais a sholáthar;	(7) ciallaíonn 'soláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais' ***eintiteas a sholáthraíonn seirbhís faisnéise airgeadais*** atá údaraithe faoi ***Airteagal 14*** chun rochtain a fháil ar shonraí custaiméara a liostaítear in ***Airteagal 2***(1) chun seirbhísí faisnéise airgeadais a sholáthar;

Or. en

Réasúnú

Tá sé mar aidhm leis an soiléiriú sin freisin rannchuidiú le machaire comhréidh agus cómhalartacht maidir le rochtain ar shonraí.

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) ciallaíonn 'cuntas infheistíochta' aon chlár arna bhainistiú ag gnólacht infheistíochta, institiúid chreidmheasa nó bróicéir árachais faoi shealúchais reatha in ionstraimí airgeadais nó i dtáirgí infheistíochta árachas-bhunaithe a gcliant, lena n-áirítear idirbhearta roimhe seo agus pointí sonraí eile a bhaineann le teagmhais saolré na hionstraime sin	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Is cosúil nach bhfuil gá leis an sainmhíniú sin, toisc nach n-úsáidtear an téarma 'cuntas infheistíochta' áit ar bith sa Rialachán.

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) ciallaíonn 'sonraí neamhphearsanta' sonraí seachas sonraí pearsanta ***mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2016/679***;	(10) ciallaíonn 'sonraí neamhphearsanta' sonraí seachas sonraí pearsanta;

Or. en

Réasúnú

Chun ailíniú iomlán a dhéanamh leis na sainmhínithe mar atá sa Ghníomh um Rialachas Sonraí (Rialachán (AE) 2022/868) agus sa Ghníomh um Shonraí (arna ghlacadh; foilseofar é in IO go luath).

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 28 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(28a) ciallaíonn 'soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin' soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (e), de Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a];
	[1a] Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2020 maidir le soláthraithe Eorpacha seirbhísí sluachistiúcháin do ghnó, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1129 agus Treoir (AE) 2019/1937 (IO L 347, 20.10.2020, lch. 1).

Or. en

Réasúnú

Moltar sainmhíniú ar 'soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin' a áireamh, toisc go liostaítear na soláthraithe sin in Airteagal 2(2).

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 28 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(28b) ciallaíonn 'rún trádála' rún trádála mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2016/943;

Or. en

Réasúnú

Moltar sainmhíniú ar 'rún trádála' a áireamh, ós rud é go bhfuil an téarma sa Rialachán. Tá

an sainmhíniú seo ag teacht leis an nGníomh um Shonraí (arna vótáil, foilseofar é in IO go luath.)

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(29) ciallaíonn 'ionadaí dlíthiúil' duine nádúrtha a bhfuil sainchónaí air san Aontas nó duine dlítheanach a bhfuil a oifig chláraithe san Aontas, agus atá ainmnithe go sainráite ag soláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais atá bunaithe i dtríú tír, agus a ghníomhaíonn thar ceann an tsoláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais sin i leith na n-údarás, na gcliant, na gcomhlachtaí agus na gcontrapháirtithe don soláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais san Aontas maidir le hoibleagáidí an tsoláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais faoin Rialachán seo;	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Níl gá leis an sainmhíniú sin a thuilleadh más rud é go bhfuil Airteagal 13 scriosta.

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Oibleagáid chun sonraí a chur ar fáil don chustaiméir	Oibleagáid ***ar shealbhóir sonraí*** chun sonraí a chur ar fáil don chustaiméir

Or. en

Réasúnú

Chun teideal Airteagal 5 a léiriú.

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh an sealbhóir sonraí, arna iarraidh sin do chustaiméir arna chur isteach trí mheán leictreonach, na sonraí a liostaítear in ***Airteagal 2***(1) a chur ar fáil don chustaiméir gan moill mhíchuí, saor in aisce, go leanúnach agus i bhfíor-am.	Déanfaidh an sealbhóir sonraí, arna iarraidh sin do chustaiméir arna chur isteach trí mheán leictreonach, na sonraí ***atá ar fáil go héasca agus*** a liostaítear in ***Airteagal 2***(1) a chur ar fáil don chustaiméir ***trí chomhéadan ar líne nó soghluaiste custaiméirí i bhformáid atá inléite go héasca,*** gan moill mhíchuí, saor in aisce, ***agus i gcás inarb ábhartha agus inarb indéanta*** go ***teicniúil, ar bhonn*** leanúnach agus i bhfíor-am.

Or. en

Réasúnú

Is cosúil go bhfuil sé úsáideach a shonrú go sainráite, chun aon amhras a sheachaint, go gcuirfidh sealbhóirí sonraí sonraí ar fáil do na custaiméirí trí chomhéadain ar líne nó shoghluaiste. Ina theannta sin, beidh ailíniú níos dlúithe ann leis an nGníomh um Shonraí (arna ghlacadh; foilseofar é in IO go luath).

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh an sealbhóir sonraí, arna iarraidh sin do chustaiméir arna chur isteach trí mheán leictreonach, na sonraí custaiméara a liostaítear in Airteagal 2(1) a chur ar fáil d'úsáideoir sonraí chun na gcríoch sin ***ar thug an custaiméir*** cead ***don úsáideoir*** sonraí ina leith. Cuirfear na sonraí custaiméara ar fáil don úsáideoir sonraí gan moill mhíchuí, go leanúnach agus i bhfíor-am.	1. Déanfaidh an sealbhóir sonraí, arna iarraidh sin ***go sainráite*** do chustaiméir arna chur isteach trí mheán leictreonach, na sonraí custaiméara a liostaítear in Airteagal 2(1) a chur ar fáil d'úsáideoir sonraí ***atá ag gníomhú thar ceann an chustaiméara*** chun na gcríoch sin ***amháin a bhaineann leis an tseirbhís shonrach dá bhfuil*** cead ***sainráite tugtha ag an gcustaiméir a chuid*** sonraí ***a úsáid*** ina leith. Cuirfear na sonraí custaiméara ar fáil don úsáideoir

	sonraí gan moill mhíchuí, ***agus i gcás inarb ábhartha agus inarb indéanta*** go ***teicniúil, ar bhonn*** leanúnach agus i bhfíor-am.

Or. en

Réasúnú

Sula gcumasófar rochtain ar a gcuid sonraí, ba cheart do chustaiméirí cead sainráite a thabhairt chun críocha atá sonraithe go soiléir.

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Ní bheidh aon ghnóthas a ainmnítear mar gheatóir, de bhun Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/1925, ina úsáideoir sonraí incháilithe faoin Rialachán seo.

Or. en

Réasúnú

Moltar foráil a thabhairt isteach chun cosc a chur ar gheatóirí faoin nGníomh um Margaí Digiteacha rochtain a fháil ar shonraí faoi FiDA. Tá an fhoclaíocht bunaithe ar mhír 3 d'Airteagal 5 den Ghníomh um Shonraí (arna ghlacadh; foilseofar é in IO go luath).

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 3 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) ***urramóidh sé*** rúndacht ***na*** rún trádála agus ***na gceart*** maoine intleachtúla ***nuair a bheidh rochtain ar shonraí custaiméara i gcomhréir le hAirteagal 5(1)***.	(e) rúndacht rún trádála agus ***cearta*** maoine intleachtúla ***a chosaint***.

Or. en

Réasúnú

Ba cheart d'úsáideoir sonraí rúndacht rún trádála agus cearta maoine intleachtúla a chosaint i gcónaí.

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ní bheidh úsáideoir sonraí incháilithe ***chun rochtain a fháil ar shonraí custaiméara de bhun Airteagal 5(1)*** ach amháin ***má tá*** an t-úsáideoir sonraí sin ***faoi réir údarú roimh ré ó údarás inniúil mar institiúid airgeadais nó más soláthraí*** seirbhísí faisnéise airgeadais ***é*** de bhun ***Airteagal 14***.	1. Ní bheidh úsáideoir sonraí incháilithe ***seirbhísí faisnéise airgeadais a sholáthar laistigh den Aontas*** ach amháin ***más institiúid airgeadais nó duine dlítheanach atá bunaithe san Aontas é*** an t-úsáideoir sonraí sin ***agus a údaraíodh mar sholáthraí*** seirbhísí faisnéise airgeadais de bhun ***Airteagal 14***.

Or. en

Réasúnú

Chun machaire comhréidh a bheith ann, ionas nach gcuirfear an mhaoirseacht éifeachtach ar na gníomhaithe nua sin i mbaol, agus chun custaiméirí a chosaint ar mhí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as a gcuid sonraí, moltar deireadh a chur leis an bhféidearthacht atá ann do ghnóthais nach bhfuil bunaithe san Aontas tairbhe a bhaint as údarú mar sholáthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais. Níor cheart cead a bheith ag soláthraithe tríú tír gníomhaíochtaí a dhéanamh mura bhfuil siad ceadúnaithe i gceart i leith gníomhaíochtaí den sórt sin i mBallstát sonrach. Níl rogha den sórt sin ann faoin Dara Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta ach oiread i leith e.g. soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus, dá bhrí sin, bheadh staid idirdhealaitheach ann idir soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais agus soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas.

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Ní ***bheidh rochtain ag*** úsáideoir	2. Ní ***iarrfaidh*** úsáideoir sonraí ach

sonraí ach ***ar shonraí*** custaiméara ***arna gcur*** ar fáil faoi ***Airteagal 5***(1) chun na gcríoch agus faoi na coinníollacha a bhfuil cead tugtha ag an gcustaiméir ina leith. Scriosfaidh úsáideoir sonraí sonraí custaiméara nuair nach mbeidh sé riachtanach a thuilleadh chun na gcríoch ar thug custaiméir an cead ina leith.	***aon chineál sonraí*** custaiméara ***a chuirtear*** ar fáil faoi ***Airteagal 5***(1) ***agus atá leormhaith, ábhartha agus riachtanach*** chun na gcríoch agus faoi na coinníollacha a bhfuil cead tugtha ag an gcustaiméir ina leith. ***Beidh na críocha sin teoranta go docht do tháirge airgeadais nó seirbhís airgeadais a sholáthar. Ní bhainfidh siad ach leis an tseirbhís shonrach dá bhfuil cead sainráite tugtha ag an gcustaiméir ina leith. Beidh an cead arna dheonú ag an gcustaiméir saor, sonrach, eolasach agus aonchiallach.*** Scriosfaidh úsáideoir sonraí sonraí custaiméara ***a fhaightear, lena n-áirítear aon chúltacaí, gan moill mhíchuí*** nuair nach mbeidh sé riachtanach a thuilleadh chun na gcríoch ar thug custaiméir an cead ina leith.

Or. en

Réasúnú

Mar a mhol MECS ina thuairim (pointe 24). Thairis sin, moltar 'gan moill mhíchuí' a chur isteach chun ailíniú níos dlúithe a dhéanamh leis an 'ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad' i Rialachán 2018/1725.

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Áiritheoidh úsáideoir sonraí go soláthrófar le haon iarraidh ar chustaiméir maidir le rochtain ar shonraí faisnéis atá chothrom, thrédhearcach agus leormhaith don chustaiméir, ar faisnéis í atá sothuigthe do spriocphobal an táirge airgeadais nó na seirbhíse airgeadais, lena n-áirítear faisnéis faoi na cineálacha sonracha sonraí custaiméara a bhfuil an t-úsáideoir sonraí ag iarraidh rochtain a fháil orthu.

Or. en

Réasúnú

Tá sé mar aidhm leis an leasú sin cosaint custaiméirí a fheabhsú, lena n-áirítear trí mholadh a rinne MECS ina thuairim (pointe 23) a chur san áireamh.

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2b. Áiritheoidh úsáideoir sonraí nach ndearfar aon iarraidh ar chustaiméir madir le rochtain ar shonraí ar bhealach a spreagfadh nó a d'imreodh tionchar míchuí ar an gcustaiméir rochtain a dheonú, ar bhealach nach mbeadh chun leasa an chustaiméara, nó ar bhealach a shaobhfadh nó a chuirfeadh isteach go hábhartha ar chumas an chustaiméara cinntí saora agus eolasacha a dhéanamh.

Or. en

Réasúnú

Níor cheart aon fhéidearthacht a bheith ag úsáideoirí sonraí cead a iarraidh ar an gcustaiméir chun críche neamhshonraithe, ós rud é go bhféadfadh sé go n-úsáidfí sonraí ar mhaithe le níos mó cuspóirí ná mar a bhí beartaithe ag an gcustaiméir. Ba cheart aon úsáid a bhaintear as sonraí a bheith chun leasa an chustaiméara i gcónaí.

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2c. Féadfaidh na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt maidir le cur chun feidhme na míre seo le haghaidh cleachtais

	shonracha, lena n-áirítear boscaí ar cuireadh tic leo roimh ré agus moltaí maidir le hiompraíocht.

Or. en

Réasúnú

D'fhéadfadh sé go mbainfeadh an fhoráil sin tairbhe as treoraíocht bhreise ar leibhéal 2.

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 4 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Chun bainistiú éifeachtach ar shonraí ***custaiméara*** a áirithiú, déanfaidh úsáideoir sonraí an méid seo a leanas:	4. Chun bainistiú éifeachtach ar shonraí a áirithiú, déanfaidh úsáideoir sonraí an méid seo a leanas:

Or. en

Réasúnú

D'fhéadfaí rúin trádála a mheas mar nithe nach dtagann faoi shonraí custaiméara.

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 4 – pointe a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(-a) é féin a chur in aithne don sealbhóir sonraí agus cumarsáid shlán a dhéanamh leis agus rochtain á fáil aige ar shonraí custaiméara;

Or. en

Réasúnú

Ar aon dul leis an Dara nó an Tríú Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta, ba cheart go mbeadh sé d'oibleagáid ar sholáthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais iad féin a chur in aithne don sealbhóir sonraí agus cumarsáid shlán a dhéanamh leis.

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 4 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ní phróiseálfaidh sé aon ***sonra*** custaiméara ach ar mhaithe leis an tseirbhís a chomhlíonadh ***a iarrann an custaiméir go sainráite***;	(a) ní phróiseálfaidh sé aon ***sonraí*** custaiméara ach ar mhaithe leis an tseirbhís ***arna iarraidh ag an gcustaiméir go sainráite*** a chomhlíonadh ***chun leasa an chustaiméara***;

Or. en

Réasúnú

Moltar a shonrú gur cheart go mbeadh próiseáil na sonraí custaiméara chun an tseirbhís a fheidhmiú 'ar mhaithe le leas an chustaiméara'.

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 4 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ***urramóidh*** sé rúndacht na rún trádála agus ***na gceart*** maoine intleachtúla nuair a bheidh ***rochtain*** ar shonraí custaiméara i gcomhréir le ***hAirteagal 5***(1);	(b) ***déanfaidh*** sé rúndacht na rún trádála agus ***cearta*** maoine intleachtúla ***a chosaint*** nuair a bheidh ***fáil*** ar shonraí custaiméara i gcomhréir le ***hAirteagal 5***(1);

Or. en

Réasúnú

Moltar gur cheart don úsáideoir sonraí rúin trádála agus cearta maoine intleachtúla a 'cosaint', agus ní hamháin 'urraim a thabhairt' dóibh. Thairis sin, tagraíonn Airteagal 5(1) do shonraí a chur ar fáil seachas rochtain a fháil orthu.

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 4 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) urramóidh sé cearta cosanta sonraí tomhaltóirí agus an leibhéal cosanta a ráthaítear leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Or. en

Réasúnú

Is cosúil go bhfuil sé leormhaith tagairt a dhéanamh freisin don rialachán maidir le cosaint sonraí sa liosta oibleagáidí sin d'úsáideoirí sonraí chun bainistiú éifeachtach sonraí custaiméara a áirithiú.

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 4 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) déanfaidh sé bearta teicniúla, dlíthiúla agus eagraíochtúla leormhaithe a chur i bhfeidhm chun aistriú sonraí custaiméara ***neamhphearsanta*** atá neamhdhleathach faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí náisiúnta Ballstáit, nó rochtain orthu, a chosc;	(c) déanfaidh sé bearta teicniúla, dlíthiúla agus eagraíochtúla leormhaithe a chur i bhfeidhm chun aistriú sonraí custaiméara atá neamhdhleathach faoi dhlí an Aontais nó faoi dhlí náisiúnta Ballstáit, nó rochtain orthu, a chosc;

Or. en

Réasúnú

Moltar gan raon feidhme na forála seo a theorannú do shonraí neamhphearsanta custaiméara amháin.

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 4 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) ní dhéanfaidh sé sonraí custaiméara a aistriú chuig aon tríú páirtí gan cead sainráite an chustaiméara.

Or. en

Réasúnú

Tá gá le cead an chustaiméara chun sonraí a aistriú chuig grúpeintiteas eile de réir phointe (f) sa mhír seo. A fortiori, ba cheart cead den sórt sin a bheith ag teastáil freisin sula ndéanfar aon aistriú chuig eintiteas eile nach bhfuil mar chuid den ghrúpa.

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 4 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) na bearta is gá a dhéanamh chun leibhéal iomchuí slándála a áirithiú le haghaidh sonraí custaiméara ***neamhphearsanta*** a stóráil, a phróiseáil agus a tharchur;	(d) na bearta is gá a dhéanamh chun leibhéal iomchuí slándála a áirithiú le haghaidh sonraí custaiméara a stóráil, a phróiseáil agus a tharchur;

Or. en

Réasúnú

Moltar gan raon feidhme na forála seo a theorannú do shonraí neamhphearsanta custaiméara amháin.

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 4 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) ní dhéanfaidh sé ***sonraí custaiméara a phróiseáil*** chun críoch ***fógraíochta, ach amháin i gcás margaíocht dhíreach i gcomhréir le dlí an***	(e) ní dhéanfaidh sé ***teagmháil ach le custaiméirí*** chun críoch ***margaíochta dírí faoi réir a dtoilithe roimh ré nó le tairiscintí ar tháirgí nó ar sheirbhísí atá***

Aontais agus ***leis an dlí náisiúnta***;	***cosúil leis na cinn dá bhfuair siad rochtain ar shonraí custaiméara*** agus ***faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 13(2) den Treoir maidir le r-Phríobháideachas***;

Or. en

Réasúnú

Mar a mhol MECS ina thuairim (pointe 25), tá sé mar aidhm leis an moladh seo deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú agus na rioscaí a bhaineann le fógraíocht spriocdhírithe nach bhfuil an t-ábhar sonraí ag dréim léi a laghdú.

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 4 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) ní chuirfidh sé na sonraí a fhaigheann sé ar fáil do ghnóthas arna ainmniú mar gheatóir de bhun Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/1925.

Or. en

Réasúnú

Moltar foráil a thabhairt isteach chun cosc a chur ar gheatóirí faoin Ionstraim um Margaí Digiteacha rochtain a fháil ar shonraí faoi FiDA. Tá an fhoclaíocht bunaithe ar Airteagal 6, mír 2, pointe (d), den Ghníomh um Shonraí (arna ghlacadh; foilseofar é in IO go luath).

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 4 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) i gcás inar cuid de ghrúpa cuideachtaí é an t-úsáideoir sonraí, ní ***bheidh rochtain ná próiseáil ar shonraí*** custaiméara a liostaítear in ***Airteagal 2***(1) ach ***ag*** eintiteas an ghrúpa a ghníomhaíonn	(f) i gcás inar cuid de ghrúpa cuideachtaí é an t-úsáideoir sonraí, ní ***chuirfear sonraí*** custaiméara a liostaítear in ***Airteagal 2***(1) ***ar fáil*** ach ***amháin d'***eintiteas an ghrúpa a ghníomhaíonn mar

mar úsáideoir sonraí.	úsáideoir sonraí ***agus is é an t-eintiteas sin amháin a phróiseálfaidh iad***.

Or. en

Réasúnú

Tagraíonn Airteagal 5(1) do shonraí a chur ar fáil in ionad rochtain a fháil orthu.

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Maidir le próiseáil sonraí custaiméara dá dtagraítear in ***Airteagal 2***(1) den Rialachán seo ***arb é atá ann próiseáil sonraí pearsanta***, beidh sí teoranta don mhéid is gá i ndáil leis na críocha ar chucu a dhéantar iad a phróiseáil.	1. Maidir le próiseáil sonraí custaiméara dá dtagraítear in ***Airteagal 2***(1) den Rialachán seo, beidh sí teoranta don mhéid is gá i ndáil leis na críocha ar chucu a dhéantar iad a phróiseáil.

Or. en

Réasúnú

Moltar gan raon feidhme na forála seo a theorannú do shonraí pearsanta custaiméara amháin. Tá sé sin i gcomhréir freisin le hAirteagal 6(4), pointe (a), a bhaineann le sonraí pearsanta agus neamhphearsanta custaiméara.

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Forbróidh [ÚBE, ESMA agus ÚEÁPC] dréachtchaighdeáin theicniúla rialála maidir le cur chun feidhme mhír 1 den Airteagal seo le haghaidh táirgí agus seirbhísí a bhaineann le scór creidmheasa an tomhaltóra.

Cuirfidh [ÚBE, ESMA agus ÚEÁPC] na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí chaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.

Or. en

Réasúnú

Tá treoraíocht ar leibhéal 2 úsáideach chun cosc a chur ar an mbaol go mbainfí mí-úsáid as sonraí tomhaltóirí.

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, forbróidh an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) treoirlínte maidir le cur chun feidhme mhír 1 den Airteagal seo le haghaidh táirgí agus seirbhísí a bhaineann le scór creidmheasa an tomhaltóra.	2. I gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, forbróidh an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) treoirlínte maidir le cur chun feidhme mhír 1 den Airteagal seo le haghaidh táirgí agus seirbhísí a bhaineann le scór creidmheasa an tomhaltóra***, le comhaontuithe creidmheasa morgáiste, le soláthar seirbhísí íocaíochta agus le táirgí infheistíochta***.

Or. en

Réasúnú

Tá treoraíocht ar leibhéal 2 úsáideach chun cosc a chur ar an mbaol go mbainfí mí-úsáid as sonraí tomhaltóirí.

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. ***I gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010,*** forbróidh an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) ***treoirlínte*** maidir le cur chun feidhme ***mhír 1*** den Airteagal seo ***i gcás*** táirgí agus seirbhísí a bhaineann le measúnú riosca agus praghsáil an tomhaltóra i gcás táirgí árachais saoil, sláinte agus breoiteachta.	3. Forbróidh an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) ***dréachtchaighdeáin theicniúla rialála*** maidir le cur chun feidhme ***mhír 1*** den Airteagal seo ***le haghaidh*** táirgí agus seirbhísí a bhaineann le measúnú riosca agus praghsáil an tomhaltóra i gcás táirgí árachais saoil, sláinte agus breoiteachta. ***Chun cásanna a sheachaint ar cásanna iad nach mbeadh tomhaltóirí áirithe in ann rochtain a fháil ar árachas mar gheall ar mheasúnuithe riosca róghráinneacha, áireofar sna caighdeáin theicniúla rialála sin forálacha maidir leis an gcaoi ar féidir sonraí a úsáid chun gráinneacht iomarcach a sheachaint a bhaineann an bonn de phrionsabal 'comhroinnte riosca' an árachais.*** ***Cuirfidh ÚEÁPC na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [XX].*** ***Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010.***

Or. en

Réasúnú

Tá gá le bearta láidre agus ceangailteacha sa réimse sin chun cosc a chur ar an mbaol go mbainfí mí-úsáid as sonraí tomhaltóirí. Moltar, dá bhrí sin, sainordú a thabhairt do na ÚMEnna caighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt ina liostófar tacar sonraí críochta a fhéadfar a bhailiú agus a úsáid le haghaidh gach ceann de na cásanna úsáide a chumhdaítear in Airteagal 7. Tá sé sin i gcomhréir le prionsabail Airteagal 5(1) RGCS maidir le 'teorannú de réir cuspóra' agus 'íoslaghdú sonraí', agus leibhéal solúbthachta á chaomhnú ag an am céanna toisc gur féidir na caighdeáin theicniúla rialála a thabhairt

cothrom le dáta chun forbairtí nua a léiriú.

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Agus na treoirlínte dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo á n-ullmhú, ***comhoibreoidh*** ÚEÁPC agus ÚBE go ***dlúth*** leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí arna bhunú le Rialachán (AE) 2016/679.	4. Agus na treoirlínte ***agus na dréachtchaighdeáin rialála*** dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo á n-ullmhú, ***rachaidh*** ÚEÁPC agus ÚBE ***i gcomhairle*** go ***foirmiúil*** leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí arna bhunú le Rialachán (AE) 2016/679.

Or. en

Réasúnú

Eascraíonn comhairliúchán foirmiúil le EDPB as moladh a rinne MECS ina thuairim (pointe 30).

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Ní dhiúltófar rochtain ar tháirge airgeadais do thomhaltóirí ar an mbonn nach dtugann siad cead rochtain a fháil ar a gcuid sonraí tríd an gcreat a bhunaítear leis an Rialachán seo, agus ar an mbonn sin amháin. Chun an mhír seo a chur chun feidhme, is ar an úsáideoir sonraí a bheidh an dualgas cruthúnais.

Or. en

Réasúnú

Níor cheart rochtain ar tháirge airgeadais a dhiúltú do thomhaltóirí toisc nach dtugann siad cead rochtain a fháil ar a gcuid sonraí trí chreat FiDA. Tá an moladh seo i gcomhréir le

tuairim MECS (pointe 22) agus tá sé mar aidhm leis cosc a chur ar rioscaí a bhaineann le heisiamh airgeadais custaiméirí, ag féachaint d'incháilitheacht i leith táirgí agus seirbhísí airgeadais agus praghasáil na táirgí agus seirbhísí sin.

Leasú 81

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Cuirfidh sealbhóir sonraí deais cheada ar fáil don chustaiméir chun faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar na ceadanna a thug custaiméir d'úsáideoirí sonraí.	1. Cuirfidh sealbhóir sonraí deais cheada ***atá inrochtana go héasca*** ar fáil don chustaiméir chun faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar na ceadanna a thug custaiméir d'úsáideoirí sonraí.

Or. en

Réasúnú

Ba cheart an deais cheada a bheith inrochtana go héasca.

Leasú 82

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – pointe a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(-a) cumhacht a thabhairt don chustaiméir gach cead a bhainistiú ar bhealach eolasach agus neamhchlaonta.

Or. en

Réasúnú

I gcomhréir le pointe 38 de thuairim MECS, moltar an abairt sin ó aithris 21 a léiriú san fhoráil achtacháin freisin.

Leasú 83

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – pointe a – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) forbhreathnú a thabhairt don chustaiméir ar gach cead leanúnach a thugtar ***d'úsáideoirí*** sonraí, lena n-áirítear:	(a) forbhreathnú a thabhairt ***tráth ar bith*** don chustaiméir ar gach cead leanúnach a thugtar ***do gach úsáideoir*** sonraí, lena n-áirítear:

Or. en

Réasúnú

Ba cheart go mbeadh sé de cheart ag custaiméirí, tráth ar bith, fios a bheith acu cé acu dá gcuid sonraí a úsáidtear agus cén t-úsáideoir sonraí atá ag baint úsáid as na sonraí sin.

Leasú 84

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – pointe a – pointe i (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(-i) an dáta a thug an custaiméir an cead;

Or. en

Réasúnú

Chun cur ar chumas custaiméirí a gceadanna a bhainistiú go héifeachtach, tá sé úsáideach dáta an cheada a áireamh san fhorbhreathnú seo.

Leasú 85

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – pointe a – pointe iv

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(iv) na catagóirí sonraí ***atá á gcomhroinnt***;	(iv) na catagóirí sonraí ***ar deonaíodh rochtain ina leith***;

Or. en

Réasúnú

An fhoclaíocht a ailíniú le pointe (ii).

Leasú 86

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – pointe a – pointe iv a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(iva) an suíomh ina stóráiltear na sonraí;

Or. en

Réasúnú

Ba cheart go gcuirfeadh an deais ar chumas na gcustaiméirí a bheith ar an eolas faoin suíomh beacht ina bhfuil a gcuid sonraí stóráilte, tráth ar bith.

Leasú 87

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ligean don chustaiméir an cead a tugadh d'úsáideoir sonraí a tharraingt siar;	(b) ligean don chustaiméir an cead a tugadh d'úsáideoir sonraí a tharraingt siar ***tráth ar bith***;

Or. en

Réasúnú

Ba cheart go mbeadh custaiméir in ann cead a tharraingt siar tráth ar bith.

Leasú 88

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ligean don chustaiméir aon chead a tarraingíodh siar a athbhunú;	(c) ligean don chustaiméir aon chead a tarraingíodh siar a athbhunú ***tráth ar bith***;

Or. en

Réasúnú

Ba cheart go mbeadh custaiméir in ann cead a tarraingíodh siar a athbhunú tráth ar bith.

Leasú 89

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh an sealbhóir sonraí go mbeidh sé éasca an deais cheada a fháil ina chomhéadan úsáideora agus go mbeidh an fhaisnéis a thaispeántar ar an deais soiléir, cruinn agus sothuigthe don chustaiméir.	3. Áiritheoidh an sealbhóir sonraí go mbeidh sé éasca an deais cheada a fháil ina chomhéadan úsáideora agus go mbeidh an fhaisnéis a thaispeántar ar an deais soiléir, ***oibiachtúil,*** cruinn agus sothuigthe don chustaiméir ***agus go mbeidh sí teoranta go heisiach d'fhaisnéis arna soláthar ag an úsáideoir sonraí ábhartha***.

Or. en

Réasúnú

Tá sé mar aidhm leis an méid a mholtar soiléiriú a thabhairt nár cheart cead a bheith ag an deais cheada aon fhaisnéis (tuairimeach) a thaispeáint, ar faisnéis í nár sholáthair an t-úsáideoir sonraí.

Leasú 90

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Áiritheoidh an sealbhóir sonraí nach ndearfar an deais cheada ar bhealach a spreagfadh nó a d'imreodh

	tionchar míchuí ar an gcustaiméir ceadanna a dheonú nó a tharraingt siar, ar bhealach nach mbeadh chun leasa an chustaiméara, nó ar bhealach a shaobhfadh nó a chuirfeadh isteach go hábhartha ar chumas na gcustaiméirí cinntí saora agus eolasacha a dhéanamh.

Or. en

Réasúnú

I gcomhréir le pointe 38 de thuairim MECS, moltar an abairt sin ó aithris 21 a léiriú san fhoráil achtacháin freisin.

Leasú 91

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 4 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Comhoibreoidh an sealbhóir sonraí agus an t-úsáideoir sonraí a bhfuil cead tugtha ag custaiméir ina leith chun faisnéis a chur ar fáil don chustaiméir tríd an deais i bhfíor-am. Chun na hoibleagáidí i ***bpointí (a), (b), (c) agus (d) de mhír 2*** den Airteagal seo a chomhlíonadh:	4. Comhoibreoidh an sealbhóir sonraí agus an t-úsáideoir sonraí a bhfuil cead tugtha ag custaiméir ina leith chun faisnéis a chur ar fáil don chustaiméir tríd an deais i bhfíor-am. Chun na hoibleagáidí i ***mír 2*** den Airteagal seo a chomhlíonadh:

Or. en

Réasúnú

Níl na tagairtí sonracha sin ag teastáil.

Leasú 92

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 4 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) Cuirfidh an sealbhóir sonraí an t-úsáideoir sonraí ar an eolas faoi athruithe a rinneadh ar chead maidir leis an úsáideoir	(a) Cuirfidh an sealbhóir sonraí an t-úsáideoir sonraí ar an eolas faoi athruithe a rinneadh ar chead***, lena n-áirítear***

sonraí sin a rinne custaiméir tríd an deais.	***tarraingt siar,*** maidir leis an úsáideoir sonraí sin a rinne custaiméir tríd an deais.

Or. en

Réasúnú

Is ionann cead a tharraingt siar agus athrú ar an gcead freisin. Moltar é sin a lua go sainráite ar mhaithe le soiléireacht.

Leasú 93

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Chun críche an Airteagail seo, féadfaidh sealbhóirí sonraí éagsúla deais cheada a sholáthar i dteannta a chéile do chustaiméirí, ar choinníoll go gcomhlíonann an deais cheada choiteann sin na ceanglais a leagtar amach i míreanna 1 go 4 den Airteagal seo.

Or. en

Réasúnú

In ionad an iliomad sealbhóirí sonraí a bheith ag soláthar deaiseanna ceada ar leith do chustaiméirí, d'fhéadfadh sé a bheith níos éifeachtaí deaiseanna lárnacha ceada a bheith acu. Sa tslí sin, is lú seans go gcaillfidh custaiméirí cuntas ar an gcead a bhfuil tugtha acu agus cé dó ar tugadh an cead. Moltar, dá bhrí sin, cead a thabhairt do shealbhóirí sonraí oibriú le chéile chun deais cheada choiteann a chur ar fáil.

Leasú 94

Togra le haghaidh rialacháin
Teideal IV

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Scéimeanna um ***Chomhroinnt Sonraí*** Airgeadais	Scéimeanna um ***Rochtain ar Shonraí*** Airgeadais
	(Tá feidhm ag an leasú seo ar fud an

téacs.)

Or. en

Réasúnú

Moltar teanga a úsáid lena ndírítear, ar bhealach níos soiléire, ar chearta rochtana sonraí a leagan síos do thomhaltóirí agus do chustaiméirí gnó. Thar aon ní eile, ba cheart go gcuirfeadh FiDA ar chumas custaiméirí smacht a bheith acu ar a gcuid sonraí ionas gur féidir leo iad a rochtain agus a athúsáid de réir mar is cuí leo.

Leasú 95

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfar aon ***chomhroinnt sonraí*** i gcomhréir le rialacha agus módúlachtaí scéime um ***chomhroinnt sonraí*** airgeadais a bhfuil an t-úsáideoir sonraí agus an sealbhóir sonraí araon ina gcomhaltaí di.	Déanfar aon ***rochtain ar shonraí*** i gcomhréir le rialacha agus módúlachtaí scéime um ***rochtain ar shonraí*** airgeadais a bhfuil an t-úsáideoir sonraí agus an sealbhóir sonraí araon ina gcomhaltaí di.

Or. en

Réasúnú

Moltar teanga a úsáid lena ndírítear, ar bhealach níos soiléire, ar chearta rochtana sonraí a leagan síos do thomhaltóirí agus do chustaiméirí gnó. Thar aon ní eile, ba cheart go gcuirfeadh FiDA ar chumas custaiméirí smacht a bheith acu ar a gcuid sonraí ionas gur féidir leo iad a rochtain agus a athúsáid de réir mar is cuí leo.

Leasú 96

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 – pointe a – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) sealbhóirí sonraí agus úsáideoirí sonraí ar cion suntasach iad de mhargadh an táirge nó na seirbhíse lena mbaineann, agus ionadaíocht chothrom chomhionann ag gach taobh i bpróisis chinnteoireachta inmheánacha na scéime chomh maith leis	(i) sealbhóirí sonraí agus úsáideoirí sonraí ar cion suntasach iad de mhargadh an táirge nó na seirbhíse lena mbaineann, agus ionadaíocht chothrom chomhionann ag gach taobh i bpróisis chinnteoireachta inmheánacha na scéime chomh maith leis

an ualach céanna in aon nós imeachta vótála; i gcás inar sealbhóir sonraí agus úsáideoir sonraí araon é comhalta, áireofar a bhallraíocht go cothrom i leith an dá thaobh;	an ualach céanna ***a bheith ag gach comhalta laistigh dá thaobh*** in aon nós imeachta vótála; i gcás inar sealbhóir sonraí agus úsáideoir sonraí araon é comhalta, áireofar a bhallraíocht go cothrom i leith an dá thaobh;

Or. en

Réasúnú

Ba cheart soiléiriú a dhéanamh ar ionadaíocht chothrom agus chomhionann, ionas nach mbainfeadh cuideachtaí móra brí mícheart as an bhforáil sin trí dháileadh ceart vótála a mholadh de réir mhéid na cuideachta, ar rud é nach bhfuil beartaithe ag an reachtóir. Ina theannta sin, thabharfadh próisis chinnteoireachta nach bhfuil ceannas ag líon beag de chuideachtaí móra orthu dreasacht do FBManna páirt a ghlacadh i scéimeanna rochtana sonraí.

Leasú 97

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 – pointe a – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) eagraíochtaí custaiméirí agus comhlachais tomhaltóirí.	(ii) eagraíochtaí custaiméirí agus comhlachais tomhaltóirí ***i ndáil leis an earnáil airgeadais***.

Or. en

Réasúnú

Ba cheart go mbeadh saineolas i ndáil leis an earnáil airgeadais ag na heagraíochtaí custaiméirí agus ag na comhlachais tomhaltóirí a bhfuil baint acu leis na scéimeanna um rochtain ar shonraí airgeadais.

Leasú 98

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) ní ***fhorchuirfidh*** scéim um ***chomhroinnt sonraí*** airgeadais aon rialú	(d) ní ***fhorchuirfear le*** scéim um ***rochtain ar shonraí*** airgeadais aon rialú ná

ná aon choinníoll breise maidir le ***comhroinnt sonraí*** seachas na cinn dá bhforáiltear sa Rialachán seo nó faoi dhlí infheidhme eile de chuid an Aontais;	aon choinníoll breise maidir le ***rochtain nó ath-rochtain ar shonraí*** seachas na cinn dá bhforáiltear sa Rialachán seo nó faoi dhlí infheidhme eile de chuid an Aontais;

Or. en

Réasúnú

Moltar teanga a úsáid lena ndírítear, ar bhealach níos soiléire, ar chearta rochtana sonraí a leagan síos do thomhaltóirí agus do chustaiméirí gnó. Thar aon ní eile, ba cheart go gcuirfeadh FiDA ar chumas custaiméirí smacht a bheith acu ar a gcuid sonraí ionas gur féidir leo iad a rochtain agus a athúsáid de réir mar is cuí leo.

Leasú 99

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) áireofar i scéim um ***chomhroinnt sonraí*** airgeadais na caighdeáin choiteanna le haghaidh na sonraí agus na gcomhéadan teicniúil chun gur féidir le custaiméirí ***comhroinnt sonraí*** a iarraidh i gcomhréir le ***hAirteagal 5***(1). Na caighdeáin choiteanna le haghaidh na sonraí agus na gcomhéadan teicniúil a chomhaontaíonn comhaltaí na scéime a úsáid, féadfaidh comhaltaí scéime nó páirtithe nó comhlachtaí eile iad a fhorbairt;	(g) áireofar i scéim um ***rochtain ar shonraí*** airgeadais na caighdeáin choiteanna le haghaidh na sonraí agus na gcomhéadan teicniúil chun gur féidir le custaiméirí ***rochtain ar shonraí*** a iarraidh i gcomhréir le ***hAirteagal 5***(1). ***Maidir leis*** na caighdeáin choiteanna le haghaidh na sonraí agus na gcomhéadan teicniúil a chomhaontaíonn comhaltaí na scéime a úsáid, ***bainfidh siad leas as caighdeáin idirnáisiúnta nó atá aitheanta ag an tionscal cheana nó*** féadfaidh comhaltaí scéime nó páirtithe nó comhlachtaí eile iad a fhorbairt ***i gcomhordú leis an mBord Eorpach um Nuálaíocht Sonraí arna bhunú le Rialachán (AE) 2022/868***;

Or. en

Réasúnú

Trí shineirgí a chruthú le sonraí ó earnálacha ábhartha eile, d'fhéadfaí acmhainneacht nuálach na dtáirgí airgeadais agus na seirbhísí airgeadais sin a fheabhsú tuilleadh chun leasa na gcustaiméirí agus an gheilleagair sonraí fhoriomláin. Chun úsáid sonraí trasearnála a chur chun cinn, moltar tagairt a dhéanamh do EDIB mar a bhunaítear leis an nGníomh um Rialachas Sonraí.

Leasú 100

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 – pointe g a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ga) áireofar i scéim um rochtain ar shonraí airgeadais na bearta íosta teicniúla agus eagraíochtúla a chuirfidh comhaltaí na scéime um rochtain ar shonraí airgeadais chun feidhme chun leibhéal iomchuí slándála a áirithiú i gcás sonraí malartaithe.

Or. en

Réasúnú

Eascraíonn sé sin as moladh a rinne MECS ina thuairim (pointe 45).

Leasú 101

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 – pointe h – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(h) le scéim um ***chomhroinnt sonraí*** airgeadais, bunófar samhail chun an cúiteamh uasta a chinneadh a bhfuil sealbhóir sonraí i dteideal a ghearradh as sonraí a chur ar fáil trí chomhéadan teicniúil iomchuí ***le haghaidh comhroinnt*** sonraí ***le húsáideoirí sonraí*** i gcomhréir leis na caighdeáin choiteanna arna bhforbairt faoi phointe (g). Beidh an tsamhail bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:	(h) le scéim um ***rochtain ar shonraí*** airgeadais, bunófar samhail chun an cúiteamh uasta a chinneadh a bhfuil sealbhóir sonraí i dteideal a ghearradh ***ar an úsáideoir sonraí*** as sonraí a chur ar fáil trí chomhéadan teicniúil iomchuí ***chun cur ar chumas an úsáideora*** sonraí ***rochtain a fháil ar shonraí*** i gcomhréir leis na caighdeáin choiteanna arna bhforbairt faoi phointe (g). Beidh an tsamhail bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

Or. en

Réasúnú

Soiléiriú a dhéanamh chun ailíniú níos dlúithe le hAirteagal 5.

Leasú 102

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 – pointe h – fomhír 1 – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) ba cheart é a bheith teoranta do chúiteamh réasúnta a bhaineann ***go díreach*** leis na sonraí a chur ar fáil don úsáideoir sonraí agus atá inchurtha i leith na hiarrata***;***	(i) ba cheart é a bheith teoranta do chúiteamh réasúnta ***agus comhréireach*** a bhaineann leis na ***costais arna dtabhú chun na*** sonraí a chur ar fáil don úsáideoir sonraí agus atá inchurtha i leith na hiarrata***. Nuair a bheidh aon chúiteamh á chomhaontú, cuirfidh comhaltaí na scéime san áireamh go háirithe na costais is gá chun sonraí a fhormáidiú, a scaipeadh trí mhodhanna leictreonacha agus a stóráil, agus infheistíochtaí i mbailiú agus i dtáirgeadh sonraí, i gcás inarb infheidhme, ag cur san áireamh ar rannchuidigh páirtithe eile leis na sonraí atá i dtrácht a fháil, a ghiniúint nó a bhailiú. D'fhéadfadh an cúiteamh a bheith ag brath freisin ar mhéid, ar fhormáid agus ar chineál na sonraí.***

Or. en

Réasúnú

Ailíniú níos dlúithe le míreanna 2 agus mír 3 d'Airteagal 9 den Ghníomh um Shonraí (arna ghlacadh; foilseofar é in IO go luath). Tá sé mar aidhm le scriosadh an fhocail 'go díreach' an díolúine a léiriú ar bhealach níos soiléire san fhomhír dheiridh de phointe (h).

Leasú 103

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 – pointe h – fomhír 1 – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) ba cheart é a bheith bunaithe ar mhodheolaíocht oibiachtúil, thrédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach arna comhaontú ag comhaltaí na scéime;	(ii) ba cheart é a bheith bunaithe ar mhodheolaíocht oibiachtúil, thrédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach arna comhaontú ag comhaltaí na scéime ***agus d'fhéadfadh corrlach a bheith san***

áireamh leis;

Or. en

Réasúnú

Ailíniú níos dlúithe le mír 1 d'Airteagal 9 den Ghníomh um Shonraí (arna ghlacadh; foilseofar é in IO go luath).

Leasú 104

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 – pointe h – fomhír 1 – pointe v

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(v) ba cheart é a cheapadh chun cúiteamh a dhíriú ar na leibhéil is ísle atá ar an margadh; agus	(v) ba cheart é a cheapadh chun cúiteamh a dhíriú ar na leibhéil is ísle atá ***forleathan*** ar an margadh***, agus a áirithiú ag an am céanna go bhfuil dreasachtaí leordhóthanacha ann chun glacadh an mhargaidh agus iomaíocht éifeachtach a chothú***; agus

Or. en

Réasúnú

Ba cheart sealbhóirí sonraí a dhreasú go leordhóthanach chun an bonneagar is gá a thógáil agus a chothabháil ar mhaithe le sonraí a chur ar fáil.

Leasú 105

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 – pointe h – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás inar micrifhiontar, fiontar beag nó fiontar meánmhéide é an t-úsáideoir sonraí, mar a shainmhínítear in ***Airteagal 2*** den Iarscríbhinn a ghabhann le ***Moladh 2003/361/CE*** ón gCoimisiún an ***6 Bealtaine*** 2003[42], ní rachaidh aon chúiteamh a chomhaontófar thar na costais a bhaineann go díreach leis na sonraí a	I gcás inar micrifhiontar, fiontar beag nó fiontar meánmhéide é an t-úsáideoir sonraí, mar a shainmhínítear in ***Airteagal 2*** den Iarscríbhinn a ghabhann le ***Moladh 2003/361/CE*** ón gCoimisiún an ***6 Bealtaine*** 2003[42], ní rachaidh aon chúiteamh a chomhaontófar thar na costais a bhaineann go díreach leis na sonraí a

chur ar fáil don ***fhaighteoir*** sonraí agus atá inchurtha i leith na hiarrata.	chur ar fáil don ***úsáideoir*** sonraí agus atá inchurtha i leith na hiarrata.
_____	_____
[42] Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (C(2003) 1422) IO L 124, 20.5.2003, lch. 36.	[42] Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (C(2003) 1422) IO L 124, 20.5.2003, lch. 36.

Or. en

Réasúnú

Ós rud é nach sainmhínítear an téarma 'faighteoir sonraí' in Airteagal 3, moltar an téarma 'úsáideoir sonraí' a úsáid ina ionad.

Leasú 106

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 – pointe h – fomhír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Glacfaidh an Coimisiún treoirlínte maidir le cúiteamh réasúnach agus comhréireach a ríomh, agus comhairle an Bhoird Eorpaigh um Nuálaíocht Sonraí arna bhunú faoi Rialachán (AE) 2022/868 á cur san áireamh.

Or. en

Réasúnú

I gcomhréir le mír 6 d'Airteagal 9 den Ghníomh um Shonraí (arna ghlacadh; foilseofar é in IO go luath), moltar foráil a dhéanamh maidir le treoraíocht leibhéal 2 maidir le cúiteamh a ríomh agus tagairt a dhéanamh do EDIB arna bhunú leis an nGníomh um Rialachas Sonraí.

Leasú 107

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 – pointe i a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ia) le scéim um rochtain ar shonraí airgeadais, soláthrófar sásra cúitimh airgeadais do chustaiméirí as aon chaillteanas sonraí, damáiste nó calaois a d'fhulaing na custaiméirí sin;

Or. en

Réasúnú

Ba cheart do shealbhóirí sonraí agus/nó d'úsáideoirí sonraí custaiméirí a thug cead rochtain a fháil ar a gcuid sonraí a chúiteamh i gcás mí-úsáide, caillteanais nó calaoise a bhaineann leis na sonraí sin. Dá bhrí sin, ba cheart do scéimeanna um rochtain ar shonraí airgeadais rialacha maidir le cúiteamh den sórt sin a chur ar fáil do chustaiméirí.

Leasú 108

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. ***Maidir le*** scéim um ***chomhroinnt sonraí*** airgeadais arna bunú i gcomhréir leis an Airteagal seo***, cuirfear*** in iúl ***d'údarás inniúil bunaíochta na dtrí shealbhóir sonraí is mó atá ina gcomhaltaí den scéim sin tráth bunaithe na scéime. I gcás ina bhfuil na trí shealbhóir sonraí is mó bunaithe i mBallstáit éagsúla, nó i gcás ina bhfuil níos mó ná údarás inniúil amháin i mBallstát bunaíochta na dtrí shealbhóir sonraí is mó, cuirfear an scéim in iúl*** do na húdaráis ***sin uile agus tiocfaidh na trí údarás sin ar chomhaontú eatarthu féin i dtaca le cén t-údarás a dhéanfaidh an measúnú dá dtagraítear i mír 6***.	4. ***Cuirfear*** scéim um ***rochtain ar shonraí*** airgeadais arna bunú i gcomhréir leis an Airteagal seo in iúl do na hÚdaráis ***Mhaoirseachta Eorpacha***.

Or. en

Réasúnú

Moltar go ndéanfadh na ÚMEnna measúnú ar na scéimeanna ar an leibhéal Eorpach

seachas ar an leibhéal náisiúnta ag na húdaráis inniúla. Moladh cheana sa togra ón gCoimisiún leibhéal áirithe láraithe trí bhunú an chláir a mholtar in Airteagal 15, lena n-áirítear scéimeanna. Dá bhrí sin, bheadh sé níos loighciúla an measúnú a fhágáil faoi na ÚMEanna freisin, chun measúnuithe éagsúla ar scéimeanna ag údaráis náisiúnta a sheachaint, rud a d'fhéadfadh an machaire comhréidh a chur i mbaol.

Leasú 109

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 6 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Laistigh d'aon mhí amháin ón bhfógra a fháil de bhun ***mhír 4***, déanfaidh ***an t-údarás inniúil*** measúnú i dtaobh an bhfuil módúlachtaí agus saintréithe rialachais na scéime um ***chomhroinnt sonraí*** airgeadais i gcomhréir le mír 1. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ***ar chomhlíonadh mhír 1 ag*** an scéim um ***chomhroinnt sonraí*** airgeadais, féadfaidh ***an t-údarás inniúil*** dul i gcomhairle le húdaráis inniúla eile.	Laistigh d'aon mhí amháin ón bhfógra a fháil de bhun ***mhír 4***, déanfaidh ***na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha*** measúnú i dtaobh an bhfuil módúlachtaí agus saintréithe rialachais na scéime um ***rochtain ar shonraí*** airgeadais i gcomhréir le mír 1. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ***acu*** an ***gcomhlíonann an*** scéim um ***rochtain ar shonraí*** airgeadais ***mír 1***, féadfaidh ***na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha*** dul i gcomhairle le húdaráis inniúla eile***, lena n-áirítear na húdaráis mhaoirseachta faoi Rialachán (AE) 2016/679***.

Or. en

Réasúnú

Moladh cheana sa togra ón gCoimisiún leibhéal áirithe lárnaithe ar leibhéal an Aontais i gclár Airteagal 15. Ionas nach ndéanfaidh údaráis inniúla náisiúnta measúnú éagsúil ar scéimeanna a d'fhéadfadh machaire comhréidh a chur i mbaol, moltar ról na ÚMEanna a mhéadú tuilleadh. Ina theannta sin, cuirtear san áireamh moladh a rinne MECS ina thuairim (pointe 49): i bhfianaise na n-impleachtaí intuartha maidir le cosaint sonraí, is cosúil go bhfuil sé leormhaith tagairt shainráite a dhéanamh do na húdaráis mhaoirseachta faoi RGCS.

Leasú 110

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 6 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ar thabhairt i gcrích a mheasúnaithe ***don údarás inniúil***, cuirfidh ***sé ÚBE ar an eolas faoi*** scéim um ***chomhroinnt sonraí*** airgeadais ar tugadh fógra ina leith ***agus a chomhlíonann forálacha mhír 1. Déanfar scéim a dtugtar fógra ina leith do ÚBE i gcomhréir leis an mír seo a aithint sna Ballstáit uile chun rochtain a fháil ar shonraí de bhun Airteagal 5(1) agus ní bheidh gá le fógra breise ina leith in aon Bhallstát eile.***	Ar thabhairt i gcrích a mheasúnaithe, cuirfidh ***na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha an*** scéim um ***rochtain ar shonraí*** airgeadais ar tugadh fógra ina leith ***san áireamh sa chlár a shainítear in Airteagal 15.***

Or. en

Réasúnú

Níl gá leis an mír seo a thuilleadh más rud é go ndéantar an próiseas a chuíchóiriú tríd an gcúram sin a thabhairt do ÚMEnna seachas do údaráis inniúla náisiúnta. Ina ionad sin, moltar go n-áireofaí an scéim um rochtain ar shonraí airgeadais ar tugadh fógra ina leith sa chlár lárnach a shainítear in Airteagal 15.

Leasú 111

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	6a. Déanfaidh na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha athbhreithnithe cuimsitheacha rialta ar shocruithe rialachais na scéimeanna um rochtain ar shonraí a leagtar amach in Airteagal 10(1). Áireofar sna hathbhreithnithe sin measúnú críochnúil agus doiciméadaithe i dtaobh an bhfuil socruithe na scéimeanna iomchuí agus inchreidte chun a áirithiú go láimhseálfar sonraí custaiméara ar bhealach freagrach.

Or. en

Réasúnú

Moltar ceangal a chur ar na ÚMEanna athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh go rialta ar na socruithe rialachais a rachaidh níos faide na critéir a leagtar amach in Airteagal 10(1), ar cleachtadh 'tic a chur sa bhosca' atá go hiomlán foirmiúil iad.

Leasú 112

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás nach bhforbraítear scéim um ***chomhroinnt sonraí*** airgeadais le haghaidh ceann amháin nó níos mó de chatagóirí sonraí custaiméara a liostaítear in Airteagal 2(1) agus nach bhfuil aon ionchas réalaíoch ann go gcuirfear scéim den sórt sin ***ar bun*** laistigh de thréimhse réasúnta ama, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 30 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na módúlachtaí seo a leanas a shonrú faoina gcuirfidh sealbhóir sonraí sonraí custaiméara ar fáil de bhun ***Airteagal 5***(1) don chatagóir sonraí sin:	I gcás nach bhforbraítear ***go hiomlán*** scéim um ***rochtain ar shonraí*** airgeadais le haghaidh ceann amháin nó níos mó de chatagóirí sonraí custaiméara a liostaítear in Airteagal 2(1) agus nach bhfuil aon ionchas réalaíoch ann go gcuirfear scéim den sórt sin ***i gcrích*** laistigh de thréimhse réasúnta ama, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 30 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na módúlachtaí seo a leanas a shonrú faoina gcuirfidh sealbhóir sonraí sonraí custaiméara ar fáil de bhun ***Airteagal 5***(1) don chatagóir sonraí sin:

Or. en

Réasúnú

Soiléiriú gur cheart an scéim um rochtain ar shonraí airgeadais a bheith curtha i gcrích.

Leasú 113

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Agus gníomh tarmligthe á fhorbairt chun críche na chéad fhomhíre ina sonraítear na módúlachtaí dá dtagraítear i bpointe (a), rachaidh an Coimisiún i

gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí de bhun Airteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725.

Or. en

Réasúnú

Eascraíonn sé sin as moladh a rinne MECS ina thuairim (pointe 46).

Leasú 114

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Beidh ***soláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais*** incháilithe chun rochtain a fháil ar shonraí custaiméara faoi Airteagal 5(1) má tá sé údaraithe ag údarás inniúil Ballstáit.	1. Beidh ***duine dlítheanach*** incháilithe chun rochtain a fháil ar shonraí custaiméara faoi Airteagal 5(1) ***agus seirbhísí faisnéise airgeadais a sholáthar*** má tá sé údaraithe ag údarás inniúil Ballstáit.

Or. en

Réasúnú

Tráth an iarratais, ní soláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais fós í an chuideachta de réir an tsainmhínithe in Airteagal 3(7). Tá an fhoclaíocht 'duine dlítheanach' bunaithe ar an rialachán maidir le sluachistiú.

Leasú 115

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfidh soláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais iarratas ar údarú ***faoi bhráid*** údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil a ***oifig chláraithe bunaithe***, mar aon leis an méid seo a leanas:	***Duine dlítheanach a bhfuil sé ar intinn aige*** seirbhísí faisnéise airgeadais ***a sholáthar, déanfaidh sé*** iarratas ar údarú ***mar soláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais chuig*** údarás inniúil an Bhallstáit***, is é sin, i gcás*** ina bhfuil ***sé beartaithe aige gníomhaíochtaí gnó***

substainteacha a ***dhéanamh***, mar aon leis an méid seo a leanas:

Or. en

Réasúnú

Tráth an iarratais, ní soláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais fós í an chuideachta de réir an tsainmhínithe in Airteagal 3(7). Tá an fhoclaíocht 'duine dlítheanach' bunaithe ar an rialachán maidir le sluachistiú. Ina theannta sin, ba cheart soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais a bhunú san Aontas, le hoifig chláraithe i mBallstát ina ndéanann siad gníomhaíochtaí gnó substainteacha nó ina bhfuil sé ar intinn acu iad a dhéanamh.

Leasú 116

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) clár oibríochtaí ina leagtar amach go háirithe an cineál rochtana ar shonraí a bheartaítear;	(a) clár oibríochtaí ina leagtar amach go háirithe an cineál rochtana ar shonraí ***agus na seirbhísí faisnéise airgeadais*** a bheartaítear;

Or. en

Réasúnú

Moltar an fhoráil maidir le hábhar chlár na n-oibríochtaí a leathnú chuig na seirbhísí faisnéise airgeadais a bhfuil sé beartaithe ag an iarratasóir a sholáthar.

Leasú 117

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) tuairisc ar shocruithe rialachais agus ar shásraí rialaithe inmheánaigh an iarratasóra, lena n-áirítear nósanna imeachta riaracháin, bainistithe riosca agus cuntasaíochta, chomh maith le socruithe chun seirbhísí TFC a úsáid i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint	(c) tuairisc ar shocruithe rialachais agus ar shásraí rialaithe inmheánaigh an iarratasóra, lena n-áirítear nósanna imeachta riaracháin, bainistithe riosca agus cuntasaíochta, chomh maith le socruithe chun seirbhísí TFC a úsáid i gcomhréir le ***Caibidil II de*** Rialachán (AE) 2022/2554 ó

na hEorpa agus ón gComhairle, lena léirítear go bhfuil na socruithe rialachais, na sásraí rialála agus na nósanna imeachta sin comhréireach, iomchuí, fónta agus leormhaith;	Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena léirítear go bhfuil na socruithe rialachais, na sásraí rialála agus na nósanna imeachta sin comhréireach, iomchuí, fónta agus leormhaith;

Or. en

Réasúnú

Tagairt níos beaichte do DORA.

Leasú 118

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) tuairisc ar shocruithe leanúnachais gnó lena n-áirítear sainaithint shoiléir na n-oibríochtaí criticiúla, beartas agus pleananna leanúnachais gnó TFC éifeachtacha agus pleananna freagartha agus athshlánaithe TFC, agus nós imeachta chun leormhaitheas agus éifeachtúlacht na bpleananna sin a thástáil agus a athbhreithniú go tráthrialta i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2554;	(e) tuairisc ar shocruithe leanúnachais gnó lena n-áirítear sainaithint shoiléir na n-oibríochtaí criticiúla, beartas agus pleananna leanúnachais gnó TFC éifeachtacha agus pleananna freagartha agus athshlánaithe TFC, agus nós imeachta chun leormhaitheas agus éifeachtúlacht na bpleananna sin a thástáil agus a athbhreithniú go tráthrialta i gcomhréir le ***Caibidil II de*** Rialachán (AE) 2022/2554;

Or. en

Réasúnú

Tagairt níos sonraí do DORA.

Leasú 119

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 2 – fomhír 1 – pointe j

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(j) seoladh cheannoifig an iarratasóra;	(j) seoladh cheannoifig an iarratasóra ***agus, i gcás ina mbeidh fáil air, seoladh an Aitheantóra Eintitis Dhlítheanaigh***

(LEI);

Or. en

Réasúnú

Le hAitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) ISO 17742, mar chaighdeán domhanda, atá ar fáil go héasca agus inléite ag meaisín, sholáthrófaí bealach éifeachtúil chun cabhrú le fíorú chéannacht aon soláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais is iarratasóir ar mian leis rochtain a fháil ar shonraí custaiméirí faoi chreat FIDA.

Leasú 120

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh árachas slánaíochta gairmiúla ag soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais a chumhdóidh na críocha ina ***bhfaigheann*** siad ***rochtain ar shonraí***, nó ráthaíocht inchomparáide éigin eile, agus áiritheoidh siad an méid seo a leanas:	Beidh árachas slánaíochta gairmiúla ag soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais a chumhdóidh na críocha ina ***gcuireann*** siad ***seirbhísí faisnéise airgeadais ar fáil***, nó ráthaíocht inchomparáide éigin eile ***maidir le dliteanas***, agus áiritheoidh siad an méid seo a leanas:

Or. en

Réasúnú

Soiléiriú.

Leasú 121

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) go mbeidh ar a gcumas a ndliteanas a chumhdach a eascraíonn as rochtain neamhúdaraithe nó chalaoiseach ar shonraí nó as úsáid neamhúdaraithe nó chalaoiseach sonraí;	(a) go mbeidh ar a gcumas a ndliteanas a chumhdach a eascraíonn as ***faillí ghairmiúil,*** rochtain neamhúdaraithe nó chalaoiseach ar shonraí nó as úsáid neamhúdaraithe nó chalaoiseach sonraí;

Or. en

Réasúnú

Moltar gur cheart faillí ghairmiúil a chumhdach leis an árachas slánaíochta gairmiúla nó le cumhdach inchomparáide eile.

Leasú 122

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Mar mhalairt ar árachas slánaíochta gairmiúla a shealbhú nó ráthaíocht inchomparáide eile mar a cheanglaítear sa chéad fhomhír, sealbhóidh an gnóthas dá dtagraítear san fhomhír roimhe seo caipiteal tosaigh dar luach EUR 50 000, ***ar féidir*** árachas slánaíochta gairmiúla nó ráthaíocht inchomparáide eile ***a chur*** ina ionad tar éis dó tús a chur lena ghníomhaíocht mar sholáthraí seirbhísí faisnéise airgeadais***, gan moill mhíchuí***.	Mar mhalairt ar árachas slánaíochta gairmiúla a shealbhú nó ráthaíocht inchomparáide eile mar a cheanglaítear sa chéad fhomhír, sealbhóidh an gnóthas dá dtagraítear san fhomhír roimhe seo caipiteal tosaigh dar luach EUR 50 000, ***a gcuirfear*** árachas slánaíochta gairmiúla nó ráthaíocht inchomparáide eile ***maidir le dliteanas*** ina ionad***, gan moill mhíchuí,*** tar éis dó tús a chur lena ghníomhaíocht mar sholáthraí seirbhísí faisnéise airgeadais.

Or. en

Réasúnú

I bhfianaise a thábhachtaí atá cumhdach árachais iomchuí, ba cheart go mbeadh sé éigeantach árachas slánaíochta gairmiúla nó ráthaíocht inchomparáide a thabhairt i gcrích.

Leasú 123

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Comhlíonfaidh soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais atá údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 14 na coinníollacha maidir lena n-údarú i gcónaí.

Or. en

Réasúnú

Is cosúil go bhfuil sé leormhaith a lua go sainráite gur cheart do soláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais coinníollacha a údaraithe a chomhlíonadh i gcónaí.

Leasú 124

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 4 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) an fhaisnéis atá le soláthar don údarás inniúil san iarratas ar údarú soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais, lena n-áirítear na ceanglais a leagtar síos i mír ***1***, pointí (a) go (***l***);	(a) an fhaisnéis atá le soláthar don údarás inniúil san iarratas ar údarú soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais, lena n-áirítear na ceanglais a leagtar síos i mír ***2***, pointí (a) go (***k***);

Or. en

Réasúnú

Tagairt mhícheart a cheartú. Baineann sé sin le mír 2, ar mír í nach bhfuil aon phointe (l) inti.

Leasú 125

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 4 – fomhír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) cad is ráthaíocht inchomparáide ann, dá dtagraítear i mír ***2***, rud ba cheart a bheith inmhalartaithe le hárachas slánaíochta gairmiúla;	(c) cad is ráthaíocht inchomparáide ann, dá dtagraítear i mír ***3***, rud ba cheart a bheith inmhalartaithe le hárachas slánaíochta gairmiúla;

Or. en

Réasúnú

Tagairt mhícheart a cheartú.

Leasú 126

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 4 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Agus na ***caighdeáin*** theicniúla rialála sin á bhforbairt aige, cuirfidh ÚBE an méid seo a leanas san áireamh:	Agus na ***dréachtchaighdeáin*** theicniúla rialála sin á bhforbairt aige, cuirfidh ÚBE an méid seo a leanas san áireamh:

Or. en

Réasúnú

Le bheith níos cruinne.

Leasú 127

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 4 – fomhír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den ***mhír seo*** a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. ***1093/2015***.	Tugtar an chumhacht don Choimisiún ***chun*** na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír den ***mhír seo*** a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. ***1093/2010***.

Or. en

Réasúnú

Tagairt mhícheart a cheartú.

Leasú 128

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Ní bheidh aon ghnóthas a ainmnítear mar gheatóir, de bhun Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2022/1925,

incháilithe le haghaidh údarú mar sholáthraí seirbhísí faisnéise airgeadais faoin Rialachán seo.

Or. en

Réasúnú

Moltar é chun cosc a chur ar gheatóirí faoin Ionstraim um Margaí Digiteacha rochtain a fháil ar shonraí faoi FiDA. Tá an fhoclaíocht bunaithe ar mhír 3 d'Airteagal 5 den Ghníomh um Shonraí (arna ghlacadh; foilseofar é in IO go luath).

Leasú 129

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 13	***scriosta***
Ionadaithe dlíthiúla	
1. Soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais nach bhfuil bunaíocht acu san Aontas ach a bhfuil rochtain ar shonraí airgeadais san Aontas ag teastáil uathu, déanfaidh siad duine dlítheanach nó nádúrtha a ainmniú, i scríbhinn, ina ionadaí dlíthiúil i gceann de na Ballstáit óna bhfuil sé beartaithe ag an soláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais rochtain a fháil ar shonraí airgeadais.	
2. Tabharfaidh soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais sainordú gurb iad a n-ionadaithe dlíthiúla i dteannta nó in ionad an tsoláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais ar cheart do na húdaráis inniúla déiléail leo maidir leis na saincheisteanna uile is gá chun an Rialachán seo a fháil, a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú. Tabharfaidh soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais na cumhachtaí agus na hacmhainní is gá dá n-ionadaí dlíthiúil chun a chur ar a gcumas dóibh comhoibriú leis na húdaráis inniúla agus comhlíonadh a	

gcinntí a áirithiú.

3. Féadfar an t-ionadaí dlíthiúil ainmnithe a chur faoi dhliteanas mar gheall ar neamh-chomhlíonadh oibleagáidí faoin Rialachán seo, gan dochar don dliteanas agus do na gníomhartha dlíthiúla a d'fhéadfaí a thionscnamh in aghaidh an tsoláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais.

4. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais ainm, seoladh poist, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin a n-ionadaí dlíthiúil in iúl don údarás inniúil sa Bhallstát ina gcónaíonn an t-ionadaí dlíthiúil sin nó ina bhfuil sé bunaithe. Áiritheoidh siad go bhfuil an fhaisnéis sin cothrom le dáta.

5. Ní hionann ionadaí dlíthiúil laistigh den Aontas a ainmniú de bhun mhír 1 agus bunaíocht san Aontas.

Or. en

Réasúnú

Chun machaire comhréidh a choinneáil, gan maoirseacht éifeachtach na ngníomhaithe nua sin a chur i mbaol, agus chun custaiméirí a chosaint ar mhí-úsáid fhéideartha a gcuid sonraí, moltar deireadh a chur leis an bhféidearthacht do ghnóthais nach bhfuil bunaithe san Aontas tairbhe a bhaint as údarú mar sholáthraí seirbhísí faisnéise airgeadais. Níor cheart cead a bheith ag soláthraithe tríú tír gníomhaíochtaí a dhéanamh mura bhfuil siad ceadúnaithe i gceart i leith gníomhaíochtaí den sórt sin i mBallstát sonrach. Níl rogha den sórt sin ann faoin Dara Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta ach oiread i leith e.g. soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus, dá bhrí sin, bheadh staid idirdhealaitheach ann idir soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais agus soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas.

Leasú 130

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Deonóidh an t-údarás inniúil údarú má chomhlíonann an fhaisnéis agus an fhianaise a ghabhann leis an iarratas na ceanglais a leagtar síos in Airteagal ***11***(1)	1. Deonóidh an t-údarás inniúil údarú má chomhlíonann an fhaisnéis agus an fhianaise a ghabhann leis an iarratas na ceanglais a leagtar síos in Airteagal ***12***(1)

agus (2). Sula ndeonóidh an t-údarás inniúil údarú, féadfaidh sé, i gcás inarb ábhartha, dul i gcomhairle le húdaráis phoiblí ábhartha eile.	agus (2) ***agus má tá measúnú foriomlán an údaráis inniúil fabhrach, tar éis dó an t-iarratas a ghrinnscrúdú***. Sula ndeonóidh an t-údarás inniúil údarú, féadfaidh sé, i gcás inarb ábhartha, dul i gcomhairle le húdaráis phoiblí ábhartha eile***, lena n-áirítear na húdaráis mhaoirseachta faoi Rialachán (AE) 2016/679***.

Or. en

Réasúnú

Eascraíonn sé sin as moladh a rinne MECS ina thuairim (pointe 49). I bhfianaise na n-impleachtaí intuartha maidir le cosaint sonraí, is cosúil go bhfuil sé leormhaith tagairt shainráite a dhéanamh do na húdaráis mhaoirseachta faoi RGCS. Ina theannta sin, ailíniú níos dlúithe leis an Dara Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta / togra maidir leis an Tríú Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta agus tagairt a cheartú (Airteagal 12 seachas Airteagal 11).

Leasú 131

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Údaróidh an t-údarás inniúil soláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais tríú tír ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas ar fad:	***scriosta***
(a) gur chomhlíon soláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais an tríú tír na coinníollacha uile a leagtar síos in Airteagail 12 agus 16;	
(b) go bhfuil ionadaí dlíthiúil ainmnithe ag an soláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais tríú tír de bhun Airteagal 13;	
(c) i gcás ina bhfuil soláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais an tríú tír faoi réir maoirseachta, féachfaidh an t-údarás inniúil le socrú comhair iomchuí a chur i bhfeidhm le húdarás inniúil ábhartha an tríú tír ina bhfuil an soláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais bunaithe, chun	

malartú éifeachtúil faisnéise a áirithiú;

(d) nach liostaítear an tríú tír ina bhfuil an soláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais bunaithe mar dhlínse neamh-chomhoibríoch chun críoch cánach faoin mbeartas ábhartha de chuid an Aontais nó mar dhlínse tríú tír ardriosca a bhfuil easnaimh inti i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 ón gCoimisiún.[44]

---

[44] Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1675 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí thríú tíortha ardriosca ag a bhfuil easnaimh straitéiseacha a shainaithint

Or. en

Réasúnú

Chun machaire comhréidh a bheith ann, ionas nach gcuirfear an mhaoirseacht éifeachtach ar na gníomhaithe nua sin i mbaol, agus chun custaiméirí a chosaint ar mhí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as a gcuid sonraí, moltar deireadh a chur leis an bhféidearthacht atá ann do ghnóthais nach bhfuil bunaithe san Aontas tairbhe a bhaint as údarú mar sholáthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais. Níor cheart cead a bheith ag soláthraithe tríú tír gníomhaíochtaí a dhéanamh mura bhfuil siad ceadúnaithe i gceart i leith gníomhaíochtaí den sórt sin i mBallstát sonrach. Níl rogha den sórt sin ann faoin Dara Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta ach oiread i leith e.g. soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas agus, dá bhrí sin, bheadh staid idirdhealaitheach ann idir soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais agus soláthraithe seirbhísí faisnéise cuntas.

Leasú 132

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Ní dheonóidh an t-údarás inniúil údarú ach amháin má tá sé sásta go léiríonn socruithe rialachais an tsoláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais go bhfuil sé beartaithe aige gníomhaíochtaí

substainteacha gnó a dhéanamh sa Bhallstát ina bhfuil a oifig chláraithe aige.

Or. en

Réasúnú

Ba cheart soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais a bhunú san Aontas, le hoifig chláraithe i mBallstát ina ndéanann siad gníomhaíochtaí gnó substainteacha nó ina bhfuil sé ar intinn acu iad a dhéanamh. Ba cheart do na húdaráis inniúla comhlíonadh na gceanglas sin a fhíorú le linn an phróisis údaraithe.

Leasú 133

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Laistigh de 3 mhí ***ó*** iarratas a fháil ***nó***, ***má tá an t-iarratas neamhiomlán, ón bhfaisnéis go léir a fháil a theastaíonn i leith an chinnidh,*** cuirfidh an t-údarás inniúil an ***t-iarratasóir ar*** an ***eolas faoi cibé acu atá an*** t-údarú deonaithe nó diúltaithe. Tabharfaidh an t-údarás inniúil cúiseanna i gcás ina ndiúltóidh sé údarú.	6. Laistigh de 3 mhí ***tar éis dó*** iarratas ***comhlánaithe*** a fháil, cuirfidh an t-údarás inniúil ***in iúl don iarratasóir*** an ***bhfuil*** an t-údarú deonaithe nó diúltaithe. Tabharfaidh an t-údarás inniúil cúiseanna i gcás ina ndiúltóidh sé údarú.

Or. en

Réasúnú

Níor cheart é a bheith indéanta údarú a fháil ar bhonn iarratas neamhiomlán. Níor cheart tús a chur leis an tréimhse 3 mhí go dtí go mbeidh an fhaisnéis ar fad faighte ag na húdaráis inniúla náisiúnta (i.e. iarratas comhlánaithe).

Leasú 134

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 7 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ***nár úsáid*** an soláthraí an ***t-údarú faoi cheann*** 12 mhí, má ***thréig*** sé an t-	(a) ***nach mbaineann*** an soláthraí ***úsáid as*** an ***údarú laistigh de*** 12 mhí, má

údarú ***go sainráite*** nó má scoir sé de bheith i mbun gnó ***le*** níos mó ***na*** 6 mhí ***anuas***;	***iarrann*** sé ***ar*** an ***údarás inniúil an*** t-údarú ***a tharraingt siar*** nó má scoir sé de bheith i mbun gnó ***ar feadh*** níos mó ***ná*** 6 mhí;

Or. en

Réasúnú

Foclaíocht níos beaichte.

Leasú 135

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 7 – fomhír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ***nach gcomhlíonfaidh*** an soláthraí a thuilleadh na coinníollacha maidir le húdarú a dheonú nó ***nár chuir*** sé an t-údarás inniúil ar an eolas faoi mhórfhorbairtí ina leith sin;	(c) ***ní chomhlíonann*** an soláthraí a thuilleadh na coinníollacha maidir le húdarú a dheonú nó ***má mhainníonn*** sé an t-údarás inniúil ***a chur*** ar an eolas faoi mhórfhorbairtí ina leith sin; ***nó***

Or. en

Réasúnú

Soiléiriú gur leor ceann amháin de na coinníollacha a chomhlíonadh.

Leasú 136

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 7 – fomhír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) gur riosca a bheadh sa soláthraí do chosaint tomhaltóirí ***agus*** do shlándáil sonraí.	(d) gur riosca a bheadh sa soláthraí do chosaint tomhaltóirí ***nó*** do shlándáil sonraí.

Or. en

Réasúnú

Ba cheart riosca do chosaint tomhaltóirí nó riosca do shlándáil sonraí a bheith ina choinníoll leordhóthanach.

Leasú 137

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	7a. Féadfaidh na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha nó an t-údarás inniúil in aon Bhallstát óstach a iarraidh ar údarás inniúil an Bhallstáit baile tráth ar bith scrúdú a dhéanamh chun féachaint an bhfuil an soláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais fós ag comhlíonadh na gcoinníollacha faoinar deonaíodh an t-údarú, i gcás ina bhfuil forais amhrais ann nach amhlaidh an cás a thuilleadh.

Or. en

Réasúnú

I gcás ina bhfuil amhras faoi neamhchomhlíonadh, ba cheart do ÚMEnna nó d'údaráis inniúla náisiúnta na mBallstát óstach a bheith in ann a cheangal ar údarás inniúil an Bhallstáit baile a fhíorú go bhfuil soláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais ar leith fós i gcomhréir le FiDA. Tá an fhoclaíocht bunaithe ar MiCA Airteagal 67(4).

Leasú 138

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) na soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais údaraithe**.**	(a) na soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais údaraithe***, lena n-áirítear ainm, seoladh agus, i gcás inarb infheidhme, uimhir údaraithe, agus tuairisc ar na seirbhísí faisnéise airgeadais a thairgtear;***

Or. en

Réasúnú

Trí níos mó faisnéise agus tuairisc ar na seirbhísí faisnéise airgeadais a chuireann soláthraithe údaraithe seirbhísí faisnéise airgeadais ar fáil a chur san áireamh sa chlár,

feabhsaítear trédhearcacht agus d'fhéadfaí cuidiú le hacmhainneacht nuálach an airgeadais oscailte a chur chun cinn.

Leasú 139

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Ní bheidh sa chlár dá dtagraítear i mír 1 ach sonraí anaithnidithe.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Is cosúil go bhfuil cuspóir an chláir ábhairín easnamhach mura bhfuil ann ach sonraí anaithnidithe. Moltar, dá bhrí sin, an fhoráil seo a scriosadh.

Leasú 140

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Beidh an clár ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin ÚBE agus beifear in ann an fhaisnéis liostaithe a chuardach agus a rochtain go héasca.	3. Beidh an clár ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin ÚBE agus beifear in ann an fhaisnéis liostaithe a chuardach agus a rochtain go héasca ***agus saor in aisce***.

Or. en

Réasúnú

Ailíniú le mír 1 d'Airteagal 15 den Dara Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta agus le mír 2 d'Airteagal 18 den togra maidir leis an Tríú Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta

Leasú 141

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. ***Cuirfidh*** údaráis inniúla na mBallstát an fhaisnéis is gá ***in iúl do ÚBE gan mhoill*** chun a chúraimí a chomhlíonadh de bhun ***mhíreanna*** 1 agus ***3***. Beidh na húdaráis inniúla freagrach as cruinneas na faisnéise a shonraítear i míreanna 1 agus 3 agus as an bhfaisnéis sin a choimeád cothrom le dáta. Déanfaidh siad, i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil, an fhaisnéis sin a tharchur chuig ÚBE ar bhealach uathoibrithe.	5. ***Déanfaidh*** údaráis inniúla na mBallstát ***ina bhfuil soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais údaraithe*** an fhaisnéis is gá chun a chúraimí a chomhlíonadh de bhun ***mhír*** 1 agus ***mhír 4 a chur in iúl gan mhoill, agus ar bhealach uathoibrithe más féidir, do ÚBE***. Beidh na húdaráis inniúla freagrach as cruinneas na faisnéise a shonraítear i míreanna 1 agus 3 agus as an bhfaisnéis sin a choimeád cothrom le dáta. Déanfaidh siad, i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil, an fhaisnéis sin a tharchur chuig ÚBE ar bhealach uathoibrithe.

Or. en

Réasúnú

Soiléiriú gur cheart d'údaráis inniúla náisiúnta 'baile' an cúram sin a chomhlíonadh, agus go hidéalach ar bhealach uathoibrithe. Moltar freisin tagairt mhícheart a cheartú.

Leasú 142

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) déanfaidh sé bearta réasúnacha chun leanúnachas agus rialtacht a áirithiú i bhfeidhmiú a ghníomhaíochtaí. Chuige sin, bainfidh an soláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais úsáid as córais, acmhainní agus nósanna imeachta atá iomchuí agus comhréireach chun leanúnachas a oibríochtaí criticiúla a áirithiú, beidh pleananna teagmhasacha agus nós imeachta i bhfeidhm aige chun leordhóthanacht agus éifeachtúlacht na bpleananna sin a thástáil agus a athbhreithniú go tráthrialta;	(b) déanfaidh sé bearta réasúnacha chun leanúnachas agus rialtacht a áirithiú i bhfeidhmiú a ghníomhaíochtaí. Chuige sin, bainfidh an soláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais úsáid as córais, acmhainní ***daonna*** agus ***teicniúla agus*** nósanna imeachta atá iomchuí agus comhréireach chun leanúnachas a oibríochtaí criticiúla a áirithiú, beidh pleananna teagmhasacha agus nós imeachta i bhfeidhm aige chun leordhóthanacht agus éifeachtúlacht na bpleananna sin a thástáil agus a athbhreithniú go tráthrialta;

Or. en

Réasúnú

Soiléiriú.

Leasú 143

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) nuair atá sé ag brath ar thríú páirtí chun feidhmeanna a chomhlíonadh atá ríthábhachtach chun seirbhís leanúnach shásúil a sholáthar do chustaiméirí agus chun gníomhaíochtaí a dhéanamh ar bhonn leanúnach agus sásúil, go ndéanfaidh sé bearta réasúnacha chun riosca oibriúcháin breise míchuí a sheachaint. Ní fhéadfar tabhairt faoi sheachfhoinsiú feidhmeanna oibríochtúla tábhachtacha ar bhealach a dhéanfaidh dochar ábhartha do cháilíocht a rialaithe inmheánaigh agus do chumas an ***mhaoirseora*** faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an tsoláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais leis na hoibleagáidí uile;	(c) nuair atá sé ag brath ar thríú páirtí chun feidhmeanna a chomhlíonadh atá ríthábhachtach chun seirbhís leanúnach shásúil a sholáthar do chustaiméirí agus chun gníomhaíochtaí a dhéanamh ar bhonn leanúnach agus sásúil, go ndéanfaidh sé bearta réasúnacha chun riosca oibriúcháin breise míchuí a sheachaint. Ní fhéadfar tabhairt faoi sheachfhoinsiú feidhmeanna oibríochtúla tábhachtacha ar bhealach a dhéanfaidh dochar ábhartha do cháilíocht a rialaithe inmheánaigh agus do chumas an ***údaráis inniúil*** faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an tsoláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais leis na hoibleagáidí uile;

Or. en

Réasúnú

Ós rud é gur téarma neamhshainithe é ‘maoirseoir’, moltar tagairt a dhéanamh don údarás inniúil.

Leasú 144

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) ***go bhfuil*** dea-cháil ar a stiúrthóirí agus ar na daoine atá freagrach as bainistiú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí ***rochtana sonraí*** an tsoláthraí seirbhísí faisnéise	(e) ***beidh*** dea-cháil ar a stiúrthóirí agus ar na daoine atá freagrach as bainistiú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí ***seirbhísí faisnéise airgeadais*** an tsoláthraí seirbhísí

airgeadais agus ***go bhfuil*** an t-eolas, na scileanna agus an taithí iomchuí acu, ar bhonn aonair agus i dteannta a chéile, chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh;	faisnéise airgeadais agus ***beidh*** an t-eolas, na scileanna agus an taithí iomchuí acu, ar bhonn aonair agus i dteannta a chéile, chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh ***i ndáil leis na cineálacha sonraí atá faoi réir na próiseála, na hábhair sonraí lena mbaineann, na heintitis a bhféadfar na sonraí pearsanta a nochtadh dóibh agus na críocha ar chucu a bhféadfar iad a nochtadh dóibh, an teorannú de réir cuspóra, tréimhsí stórála, agus oibríochtaí próiseála agus nósanna imeachta próiseála, lena n-áirítear bearta chun próiseáil dhleathach agus chothrom a áirithiú amhail na bearta a bhaineann le cásanna sonracha próiseála eile***;

Or. en

Réasúnú

Eascraíonn an moladh ‘seirbhís faisnéise airgeadais’ a chur in ionad ‘rochtain ar shonraí’ as an moladh sainmhíniú ar ‘seirbhís faisnéise airgeadais’ a chur isteach in Airteagal 3. Thairis sin,is cosuil go bhfuil sé leormhaith na critéir maidir le dea-cháil a ailíniú ar bhealach níos dlúithe le hAirteagal 6 RGCS.

Leasú 145

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) déanfaidh sé nósanna imeachta éifeachtacha agus trédhearcacha a ***chur*** agus a choinneáil ar bun chun faireachán, láimhseáil agus obair leantach atá pras, cothrom agus comhsheasmhach a dhéanamh ar theagmhas slándála agus gearáin ó chustaiméirí a bhaineann le cúrsaí slándála, lena n-áirítear sásra tuairiscithe lena gcuirtear san áireamh na hoibleagáidí maidir le fógra a thabhairt a leagtar síos i gCaibidil III de Rialachán (AE) 2022/2554;	(f) déanfaidh sé nósanna imeachta éifeachtacha agus trédhearcacha a ***bhunú*** agus a choinneáil ar bun chun ***rúndacht, infhaighteacht agus sláine sonraí a áirithiú i gcás teagmhas slándála agus chun*** faireachán, láimhseáil agus obair leantach atá pras, cothrom agus comhsheasmhach a dhéanamh ar theagmhas slándála agus gearáin ó chustaiméirí a bhaineann le cúrsaí slándála, lena n-áirítear sásra tuairiscithe lena gcuirtear san áireamh na hoibleagáidí maidir le fógra a thabhairt a leagtar síos i gCaibidil III de Rialachán (AE) 2022/2554;

Or. en

Réasúnú

Moltar ceanglas slándála breise a chur san áireamh a bhaineann le rúndacht, infhaighteacht agus sláine sonraí a áirithiú i gcás teagmhas slándála.

Leasú 146

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis inniúla ***atá*** freagrach as na feidhmeanna agus na dualgais dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i gcrích. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir leis na húdaráis inniúla sin.	1. Ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis inniúla ***a bheidh*** freagrach as na feidhmeanna agus na dualgais dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i gcrích***, lena n-áirítear maoirseacht ar scéimeanna um rochtain ar shonraí airgeadais agus comhlíonadh an Rialacháin seo ag soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais***. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir leis na húdaráis inniúla sin.

Or. en

Réasúnú

Moltar tagairt shainráite a dhéanamh don fhreagracht atá ar na húdaráis inniúla formhaoirseacht a dhéanamh ar scéimeanna um rochtain ar shonraí airgeadais agus as comhlíonadh an Rialacháin seo ag soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais.

Leasú 147

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na hacmhainní is gá ag na húdaráis inniúla sin, go háirithe i dtéarmaí foirne tiomnaithe, chun a gcúraimí a chomhlíonadh de réir na n-oibleagáidí	Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na hacmhainní ***daonna agus teicniúla*** is gá ag na húdaráis inniúla sin, go háirithe i dtéarmaí foirne tiomnaithe, chun a gcúraimí a chomhlíonadh de réir na n-

faoin Rialachán seo.	oibleagáidí faoin Rialachán seo.

Or. en

Réasúnú

Soiléiriú.

Leasú 148

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. I bhfeidhmiú a gcumhachtaí imscrúdaithe agus smachtbhannaí, lena n-áirítear i gcásanna trasteorann, oibreoidh údaráis inniúla go héifeachtach i gcomhar le chéile agus leis na húdaráis in aon earnáil lena mbaineann de réir mar is infheidhme maidir le gach cás agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais, chun malartú faisnéise agus an cúnamh frithpháirteach is gá chun smachtbhannaí riaracháin agus bearta riaracháin a fhorfheidhmiú go héifeachtach ***a áirithiú***.	3. I bhfeidhmiú a gcumhachtaí imscrúdaithe agus smachtbhannaí, lena n-áirítear i gcásanna trasteorann, oibreoidh údaráis inniúla go héifeachtach i gcomhar le chéile***, leis na húdaráis mhaoirseachta faoi Rialachán (AE) 2016/679,*** agus leis na húdaráis in aon earnáil lena mbaineann de réir mar is infheidhme maidir le gach cás agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais, chun malartú faisnéise agus an cúnamh frithpháirteach is gá ***a áirithiú*** chun smachtbhannaí riaracháin agus bearta riaracháin a fhorfheidhmiú go héifeachtach.

Or. en

Réasúnú

I bhfianaise na ngnéithe intuartha maidir le cosaint sonraí, is cosúil go bhfuil sé leormhaith tagairt shainráite a dhéanamh do na húdaráis mhaoirseachta faoi RGCS.

Leasú 149

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Gan dochar d'Airteagal 20, féadfaidh na Ballstáit rialacha a leagan síos	1. Gan dochar d'Airteagal 20, féadfaidh na Ballstáit rialacha a leagan síos

lena gcuirfear ar a ***gcumas dá n-údaráis inniúla*** deireadh a chur le himscrúdú maidir le sárú líomhnaithe ar an Rialachán seo, tar éis comhaontú um réiteach chun deireadh a chur leis an sárú líomhnaithe agus lena iarmhairtí sula gcuirfear tús le himeachtaí foirmiúla smachtbhannaí.	lena gcuirfear ar ***chumas*** a ***n-údarás inniúil*** deireadh a chur le himscrúdú ***nó le himeachtaí foirmiúla smachtbhannaí*** maidir le sárú líomhnaithe ar an Rialachán seo, tar éis comhaontú um réiteach chun deireadh a chur leis an sárú líomhnaithe agus lena iarmhairtí sula gcuirfear tús le himeachtaí foirmiúla smachtbhannaí ***nó sula gcuirfear deireadh le himeachtaí foirmiúla smachtbhannaí trí réiteach***.

Or. en

Réasúnú

Chun a chur san áireamh nach bhfuil an dlí is infheidhme comhchuibhithe ar fud an Aontais.

Leasú 150

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) sáruithe ar Airteagail 13 agus 16;	(d) sáruithe ar Airteagail ***12,*** 13 agus 16;

Or. en

Réasúnú

Moltar gur cheart sáruithe ar Airteagal 12, go háirithe maidir leis an oibleagáid árachas slánaíochta a shealbhú, a bheith faoi réir bearta riaracháin freisin.

Leasú 151

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ainm, seoladh agus, i gcás inarb infheidhme, uimhir údaraithe an tsoláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais;	(a) ainm, seoladh agus, i gcás inarb infheidhme, uimhir údaraithe ***agus Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI)*** an tsoláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais;

Or. en

Réasúnú

Le hAitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) ISO 17742, mar chaighdeán domhanda, atá ar fáil go héasca agus inléite ag meaisín, sholáthrófaí bealach éifeachtúil chun cabhrú le fíorú chéannachta aon soláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais.

Leasú 152

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 2 – fomhír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) Na scéimeanna um ***comhroinnt sonraí*** airgeadais ***ar comhalta*** díobh ***é***.	(d) Na scéimeanna um ***rochtain ar shonraí*** airgeadais ***a bhfuil sé ina bhall*** díobh.

Or. en

Réasúnú

Foclaíocht níos beaichte.

Leasú 153

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 2 – fomhír 1 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) tuairisc ar an tseirbhís atá beartaithe aige a sholáthar.

Or. en

Réasúnú

Chun a áirithiú go gcuirfear údaráis inniúla náisiúnta ar an eolas faoin rochtain atá ag soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais ar shonraí custaiméara atá lonnaithe i mBallstáit eile, moltar oibleagáid a chur ar sholáthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais tuairisc a chur in iúl don údarás inniúil náisiúnta baile maidir leis na seirbhísí atá beartaithe acu a sholáthar. Ba cheart don údarás inniúil náisiúnta baile an fhaisnéis sin a chomhroinnt ansin le húdaráis inniúla náisiúnta óstacha i gcomhréir le mír 3.

Leasú 154

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. I gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag údarás inniúil Ballstáit óstaigh lena chreidiúint go bhfuil soláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais atá ag gníomhú laistigh dá chríoch faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar nó faoin tsaoirse bunaíochta ag sárú fhorálacha an Rialacháin seo maidir leis an úsáid a bhaineann sé as sonraí custaiméara atá lonnaithe laistigh den Bhallstát óstach, beidh sé de chumhacht ag údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh sin tarchur sonraí na gcustaiméirí sin ó shealbhóirí sonraí chuig an soláthraí seirbhísí faisnéise airgeadais sin a chur ar fionraí go sealadach, go dtí go mbeidh na bearta is gá déanta ag údarás inniúil an Bhallstáit baile chun deireadh a chur le sáruithe.

Or. en

Réasúnú

Moltar cumhachtaí na n-údarás inniúil óstach a neartú i gcás ina ndéanann mí-iompar ag soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais atá bunaithe i mBallstát eile agus atá ag gníomhú sa Bhallstát óstach difear do chosaint tomhaltóirí faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar nó faoin tsaoirse bunaíochta. Ba cheart go mbeadh aon údarás inniúil óstach in ann tarchur sonraí custaiméara ó shealbhóirí sonraí chuig soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais den sórt sin a chur ar fionraí chun deireadh a chur le sáruithe ar FiDA a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do leasanna tomhaltóirí sa Bhallstát óstach, go háirithe i gcás ina bhfuil amhras ann go bhfuil calaois ann.

Leasú 155

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 31 – mír -1 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	-1. Faoin... [bliain amháin ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus gach bliain ina dhiaidh sin, cuirfidh na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha tuarascáil phoiblí chomhpháirteach bhliantúil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo.* ***Beidh sa tuarascáil dá dtagraítear i bhfomhír 1 an méid seo a leanas ar a laghad: ***(a) tuairisc ar fhorbairtí i ngníomhaíochtaí soláthraithe seirbhísí faisnéise airgeadais;*** ***(b) breithmheas i dtaobh an bhfuil gá le haon athruithe ar na bearta a leagtar amach sa Rialachán seo chun cosaint custaiméirí a áirithiú agus chun forbairt seirbhísí nuálacha a chothú.***

Or. en

Réasúnú

Tá sé tábhachtach aon rioscaí a bhaineann le cosaint tomhaltóirí nó bacainní ar fhorbairt seirbhísí faisnéise airgeadais nua faoi chreat FiDA a shainaithint i bhfad roimh an athbhreithniú reachtach a d'fhéadfaí a dhéanamh. Moltar, dá bhrí sin, oibleagáid a chur ar na ÚMEanna tuarascáil chomhpháirteach a chur ar fáil gach bliain maidir le cur i bhfeidhm Rialachán FiDA.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

1. Cúlra

An 28 Meitheamh 2023, ghlac an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat le haghaidh Rochtain ar Shonraí Airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 1094/2010, (AE) Uimh. 1095/2010 agus (AE) Uimh. 2022/2554 ('FiDA')

Tá sé mar aidhm leis an togra maidir le FiDA a chur ar chumas tomhaltóirí agus gnólachtaí rialú níos éifeachtúla a dhéanamh ar rochtain ar a gcuid sonraí airgeadais thar íocaíochtaí, rud a chuirfidh ar a gcumas tairbhe a bhaint as táirgí agus seirbhísí airgeadais atá curtha in oiriúint dá riachtanais agus na rioscaí gaolmhara á seiceáil acu ag an am céanna. Is ionann sin agus aistriú ó bhaincéireacht oscailte leis an Dara Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta i dtreo maoiniú oscailte ar cheart dó freisin an claochlú digiteach a chur chun cinn agus dlús a chur le glacadh samhlacha gnó sonraíbhunaithe in earnáil airgeadais an Aontais.

Fógraíodh i Straitéis Airgeadais Dhigitigh 2020 agus i dTeachtaireacht 2021 maidir le hAontas na Margaí Caipitil go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún maoiniú sonraíbhunaithe a chur chun cinn le togra reachtach. I bhfianaise an mhéid sin, ina litir intinne ar Staid an Aontais in 2022, dheimhnigh Uachtarán an Choimisiúin, Ursula von der Leyen, rochtain ar shonraí i seirbhísí airgeadais mar phríomhthionscnamh de chuid an Choimisiúin le haghaidh 2023.

Baineann na príomhfhorálacha in FiDA leis an méid seo a leanas:

- Muinín custaiméirí as comhroinnt sonraí a fheabhsú;
- Oibleagáid a chur ar shealbhóirí sonraí sonraí custaiméara a chomhroinnt le húsáideoirí sonraí;
- Caighdeánú ar shonraí custaiméara agus ar chomhéadain a chur chun cinn; agus
- Cur chun feidhme comhéadan ardcháilíochta le haghaidh comhroinnt sonraí custaiméara a chur chun cinn.

2. An Nós Imeachta i bParlaimint na hEorpa

Ceapadh an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON) mar an príomhchoiste chun déileáil leis an togra.

3. Dréacht-tuarascáil

Ag tógáil ar chomhcheangal sonraí agus ar chomhiomlánú sonraí, éascaítear leis an airgeadas oscailte táirgí agus seirbhísí airgeadais nua a sholáthar a d'fhéadfadh freastal níos fearr ar riachtanais chustaiméirí, mar shampla i réimsí amhail comhairle airgeadais, árachas nó ullmhú pinsean. Le heispéireas feabhsaithe do chustaiméirí, tabharfar de chumhacht do chustaiméirí cinntí airgeadais níos eolaí a dhéanamh agus tairbhí inláimhsithe a bhaint as FiDA go héifeachtach.

Is mór an díol sásaimh don Rapóirtéir an togra maidir le FiDA agus tacaíonn sé go hiomlán lena chuspóir foriomlán agus lena threo ginearálta araon. Mar sin féin, tá sé den tuairim gur féidir an togra a leasú go dearfach maidir le roinnt príomhghnéithe, agus molann sé modhnuithe beaga a dhéanamh feadh na bpríomh-aiseanna seo a leanas.

- **Muinín custaiméirí a fheabhsú**

Déanann an Rapóirtéir cur chuige atá dírithe ar chustaiméirí a chosaint. Chun creat FiDA a chur chun feidhme go sábháilte agus go rathúil, ba cheart go mbeadh lánmhuinín ag custaiméirí, thar aon ní eile, as a shábháilteacht, a iontaofacht agus a chothroime. Aon rochtain ar shonraí airgeadais custaiméirí, ba cheart aird chuí a thabhairt ar phríobháideachas sonraí. Chun cosaint láidir tomhaltóirí a chaomhnú, tá gá freisin le coimircí láidre, go háirithe maidir le cead agus dliteanas.

I gcomhréir leis an tuairim a thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS), déanann an Rapóirtéir, dá bhrí sin, na catagóirí sonraí pearsanta is féidir a chur ar fáil faoi FiDA a theorannú ar bhealach níos soiléire, agus na rioscaí do dhaoine aonair a ndéanfaí a gcuid sonraí pearsanta a rochtain agus a úsáid á gcur san áireamh. Chun rioscaí a bhaineann le heisiamh airgeadais a chosc tuilleadh, déanann sé foráil freisin maidir le toirmeasc sainráite ar dhiúltú seirbhísí airgeadais do thomhaltóirí nach mian leo a gcuid sonraí a chur ar fáil trí dheais cheada FiDA, molann sé treoraíocht níos gráinní ar leibhéal 2 chun úsáidí iomchuí sonraí pearsanta a léiriú, agus cothaíonn sé comhsheasmhacht idir cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme FiDA agus dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí.

Níor ghlac aon dlínse eile le creat airgeadais oscailte atá chomh leathan le FiDA go dtí seo. Agus aird á tabhairt ar an tábhacht a bhaineann le sreafaí sonraí trasteorann slána a áirithiú lena gcosnaítear cearta bunúsacha thomhaltóirí agus chustaiméirí gnó an Aontais, go háirithe nuair is sonraí de chineál an-íogair iad, molann an Rapóirtéir, dá bhrí sin, deireadh a chur leis an bhféidearthacht go mbainfeadh gnóthais nach bhfuil bunaithe san Aontas tairbhe as údarú mar sholáthraí seirbhísí faisnéise airgeadais. De réir na loighce céanna, molann sé freisin cosc a chur ar gheatóirí ainmnithe faoin nGníomh um Margaí Digiteacha rochtain a fháil ar shonraí faoi FiDA.

- **An nuálaíocht a chur chun cinn**

Creideann an Rapóirtéir nach mbaineann an t-airgeadas oscailte le sonraí na gcustaiméirí a chomhroinnt, ach le cur ar chumas custaiméirí a gcuid sonraí a dhíghlasáil agus a athúsáid ar bhealach slán, de réir mar is cuí leo agus as a stuaim féin, ionas gur féidir leo tairbhe a bhaint as rogha níos leithne soláthraithe seirbhísí agus rúndacht iomlán á coinneáil acu ag an am céanna. Chun creat FiDA a dhíriú ar bhealach níos soiléire ar cheart rochtana sonraí den sórt sin do thomhaltóirí agus do chustaiméirí gnó, molann sé an insint a oiriúnú dá réir.

Is réamhriachtanas iad dreasachtaí leormhaithe chun glacadh margaidh a chothú. Tá sé mar aidhm le moltaí an Rapóirtéara rannchuidiú lena áirithiú go dtógfaidh agus go gcoinneoidh sealbhóirí sonraí ar bun an bonneagar is gá chun sonraí a chur ar fáil. Go háirithe, tá forálacha maidir le cúiteamh ailínithe níos dlúithe leis an gcur chuige atá faoi thionchar an mhargaidh faoin nGníomh um Shonraí.

- **Idir-inoibritheacht agus maoirseacht a fheabhsú**

Chun go mbeidh rath fadtéarmach ar chreat FiDA, tá gá le híosleibhéal idir-inoibritheachta teicniúla le haghaidh sonraí agus bonneagar um rochtain ar shonraí, in éineacht le hidir-

inoibritheacht rialála i measc creataí éagsúla. Molann an Rapóirtéir roinnt modhnuithe a dhéanamh chun idir-inoibritheacht den sórt sin a chothú, lena n-áirítear trí FiDA a ailíniú ar bhealach níos dlúithe le reachtaíocht eile de chuid an Aontais amhail RGCS, an Gníomh um Sonraí, agus an Gníomh um Rialachas Sonraí.

Is fiú ról na nÚdarás Maoirseachta Eorpach a neartú tuilleadh maidir le ról na n-údarás inniúil náisiúnta, e.g. trína cheangal go ndéanfar measúnú ar an scéim um rochtain ar shonraí airgeadais ar an leibhéal Eorpach. Seachnaíonn sé sin measúnuithe éagsúla ó údaráis náisiúnta a d'fhéadfadh machaire comhréidh a chur i mbaol. Déanann an Rapóirtéir roinnt réamh-mholtaí sa treo sin, a bheidh le hoibriú amach má thacaíonn foireann chaibidlíochta na Parlaiminte leis an gcur chuige sin.

4. Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara

Cé nach bhfuil ach tuairimí an Rapóirtéara sna leasuithe sa dréacht-tuarascáil, tá sé féin agus a fhoireann buíoch as an ionchur a fuarthas ó pháirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear:

- American Express;
- Comhlachas um Margaí Airgeadais san Eoraip (AFME);
- Better Finance;
- Bureau européen des unions de consommateurs (BEUC) ;
- Comhlachas Eorpach na gComharbhanc (EACB);
- Comhlachas Eorpach na nGníomhaireachtaí Rátála Creidmheasa (EACRA);
- Comhlachas Eorpach na nInstitiúidí Paireachta (AEIP)
- An Chónaidhm Baincéireachta Eorpach (EBF)
- Comhlachas Eorpach Soláthraithe Tríú Páirtí (ETTPA);
- Febelfin;
- Cónaidhm Seirbhísí Faisnéise Gnó (FEBIS);
- Finance Watch;
- Cónaidhm Baincéireachta na Fraince (FBF);
- Coiste Thionscal Baincéireachta na Gearmáine (GBIC);
- Comhlachas Árachais na Gearmáine (GDV);
- Fondúireacht Dhomhanda um Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (GLEIF);
- Hogan Lovells;
- Insurance Europe;
- Klarna;
- Mastercard;
- Pensions Europe;

- Nederlands Verbond van Verzekeraars;
- Nederlandse Pensioenfederatie;
- Visa.

5. An bealach chun cinn

Cuireann an Rapóirtéir béim ar an bhfíoras nach bhfuil ina dhréacht-tuarascáil ach túsphointe d'obair ECON ar FiDA. Tá sé ag tnúth le rannchuidithe na scáthrapóirtéirí, ar rannchuidithe iad a dtabharfaidh sé aghaidh orthu le meon oscailte agus le dearcadh cuiditheach.